



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.6.2024
C(2024) 3948 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TEACHTAIREACTH ÓN gCOIMISIÚN

Formheas ábhar an dréachta le haghaidh

TEACHTAIREACTH ÓN gCOIMISIÚN

**Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh iompar de thalamh agus iompar
ilmhódach**

IARSCRÍBHINN

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh iompar de thalamh agus iompar ilmhódach

DRÉACHT

CLÁR NA NÁBHAR

1.	Réamhrá	3
1.1	Comhthéacs ginearálta	3
1.2	Cuspóir na dTreoirlínte seo	6
1.2.1	An earnáil iarnróid.....	9
1.2.2	An earnáil uiscebhealaí intíre	12
1.2.3	Earnáil an iompair ilmhódaigh	13
2.	Raon feidhme agus sainmhínithe	15
2.1	Raon feidhme	15
2.2	Sainmhínithe.....	19
2.3	Struchtúr na dTreoirlínte	24
3.	Bearta nach bhfuil faoi réir fógra a thabhairt	24
4.	Cabhair a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair.....	25
4.1	Coinníollacha comhoiriúnachta ginearálta	25
4.1.1	Príomhchoinníollacha comhoiriúnachta.....	26
4.1.2	Forálacha eile de dhlí an Aontais a chomhlíonadh.....	29
4.1.3	Carnadh	29
4.1.4	Trédhearcacht	29
4.2	Coinníollacha comhoiriúnachta le haghaidh catagóirí sonracha cabhrach chun iompar a chomhordú.....	31
4.2.1	Cabhair oibriúcháin	31
4.2.2	Cabhair infheistíochta.....	38
5.	Cabhair arb é atá inti aisíocaíocht as comhlíonadh oibleagáidí áirithe is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí san earnáil lasta iarnróid	58
5.1	Forálacha ginearálta	58
5.2	Fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.....	59
5.3	An gá atá le gníomh iontaoibhe lena sonraítear na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na modhanna chun cúiteamh a ríomh	61
5.4	Fad na tréimhse iontaoibhe.....	61

5.5	An Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid agus an Treoir um Thrédhearcacht a chomhlíonadh	61
5.6	Comhlíonadh rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí	61
5.7	Easnamh idirdhealaithe	62
5.8	Méid an chúitimh.....	62
5.9	Ceanglais bhreise a bhféadfadh gá a bheith leo chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaoil.....	63
5.10	Trédhearcacht	63
5.11	Coinníollacha agus oibleagáidí a ghabhann le cinntí ón gCoimisiún	63
6.	Sreafaí airgeadais i ngnóthais iarnróid atá comhtháite go hingearach	64
7.	Plean meastóireachta <i>ex post</i>	66
8.	Tuairisciú agus faireachán.....	67
9.	Infheidhmeacht.....	68
10.	Athbhreithniú	68
Iarscríbhinn I		69
Iarscríbhinn II.....		71

1. RÉAMHRÁ

1.1 Comhthéacs ginearálta

1. Tá sé ina sprioc le fada an lá ag an Aontas Eorpach (AE) cómhargadh iompair a chruthú, agus é á chur chun cinn tríd an léirscaoileadh. Go sonrach, san Aontas Eorpach, tá seirbhísí iompair ar uiscebhealaí intíre léirscaoilte go hiomlán ó bhí na 1990idí ann ⁽¹⁾ agus léirscaoileadh seirbhísí iompair ar iarnród de réir a chéile le scór éigin blianta anuas freisin ⁽²⁾.
2. Idir 2001 agus 2016, ghlac comhreachtóirí an Aontais ceithre phacáiste reachtacha maidir le seirbhísí iompair ar iarnród arbh é ab aidhm dóibh margaí seirbhísí iompair ar iarnród a oscailt don iomaíocht de réir a chéile, i gcás iompair lasta agus phaisinéirí araon. Osclaíodh an margadh lasta iarnróid don iomaíocht an 15 Márta 2003 ar an ngréasán lasta iarnróid tras-Eorpach ⁽³⁾, an 1 Eanáir 2006 i gcás lasta idirnáisiúnta ar an ngréasán ar fad ar an leibhéal Eorpach ⁽⁴⁾ agus an 1 Eanáir 2007 i gcás cabatáiste lasta iarnróid ⁽⁵⁾. Osclaíodh an margadh paisinéirí iarnróid don iomaíocht in 2010 i gcás iompair idirnáisiúnta amháin ⁽⁶⁾ agus ansin go hiomlán in 2019, tar éis don ‘cheathrú pacáiste iarnróid’ a bheith glactha, ⁽⁷⁾ ar pacáiste é a ceapadh chun an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a chomhlánú, rud a bunaíodh le Treoir 2012/34/AE (an ‘Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid’) ⁽⁸⁾. Tugadh isteach roinnt beart leis an gceathrú pacáiste iarnróid, lena n-áirítear an ceart ginearálta do ghnóthais iarnróid ⁽⁹⁾ atá bunaithe in aon Bhallstát amháin chun gach cineál seirbhíse do phaisinéirí a oibriú san Aontas

⁽¹⁾ Le Rialachán (CEE) Uimh. 3921/91 ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 lena leagtar síos na coinníollacha faoina bhféadann iompróirí neamhchónaitheacha earraí nó paisinéirí a iompar ar uiscebhealaí intíre laistigh de Bhallstát (IO L 373, 31.12.1991, lch. 1), is infheidhme ón 5 Eanáir 1992, cuirtear le prionsabail ghinearálta na córa comhionainne agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, ar prionsabail iad lenar cheart a cheadú d’iompróirí neamhchónaitheacha seirbhísí iompair náisiúnta (‘cabatáiste’) a chur i gcrích ar uiscebhealaí intíre san Aontas Eorpach. Le Rialachán (CEE) Uimh. 3921/91 ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 lena leagtar síos na coinníollacha faoina bhféadann iompróirí neamhchónaitheacha earraí nó paisinéirí a iompar ar uiscebhealaí intíre laistigh de Bhallstát (IO L 373, 31.12.1991, lch. 1), is infheidhme ón 2 Lúnasa 1996, tugadh isteach rialacha comhchoiteanna lena rialaítear an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar le haghaidh uiscebhealaí intíre idirnáisiúnta.

⁽²⁾ Is é an toradh a bhí ar an gcéad tionscnamh reachtach go luath sna 1990idí gur glacadh Treoir 91/440/CEE ón gComhairle an 29 Iúil 1991 maidir le forbairt ar iarnróid an Chomhphobail (IO L 237, 24.8.1991, lch. 25) a raibh ar na Ballstáit í a thasú faoin 1 Eanáir 1993.

⁽³⁾ Airteagal 10(3) de Threoir 2001/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2001 lena leasaítear Treoir 91/440/CEE ón gComhairle maidir le forbairt ar iarnróid an Chomhphobail (IO L 75, 15.3.2001, lch. 1).

⁽⁴⁾ Airteagal 1(2)(a) de Threoir 2004/51/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leasaítear Treoir 91/440/CEE ón gComhairle maidir le forbairt ar iarnróid an Chomhphobail (IO L 164, 30.4.2004, lch. 164).

⁽⁵⁾ Féach fonóta (4).

⁽⁶⁾ Le Treoir 2007/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 lena leasaítear Treoir 91/440/CEE ón gComhairle maidir le forbairt ar iarnróid an Chomhphobail agus le Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus muirir ar úsáid bonneagair iarnróid agus ar dheimhniúchán sábháilteachta a ghearradh (IO L 315, 3.12.2007, lch. 44), osclaíodh an t-iompar idirnáisiúnta paisinéirí ar iarnród don iomaíocht, le héifeacht an 1 Eanáir 2010.

⁽⁷⁾ Is éard atá sa Cheathrú Pacáiste Iarnróid tacar de shé théacs reachtacha a ceapadh chun an margadh aonair do sheirbhísí iarnróid a chomhlánú. Féach https://ec.europa.eu/transport/modes/rail/packages/2013_en.

⁽⁸⁾ Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14 Nollaig 2012, lch. 32) lena gcomhdhlúthaítear agus lena n-aisghairtear le héifeacht ón 17 Meitheamh 2015 Treoir 91/440/CEE, arna leasú le Treoir 2001/12/CE agus Treoir 2004/51/CE, agus Treoir 2007/58/CE le héifeacht ón 17 Meitheamh 2015.

⁽⁹⁾ Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1)(1) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, féach fonóta (8).

Eorpach (maille le roinnt teorainneacha) ⁽¹⁰⁾ agus prionsabal na nósanna imeachta tairisceana éigeantacha le haghaidh conarthaí seirbhíse poiblí i réimse an iarnróid ⁽¹¹⁾.

3. Tá gá leis an gcothroime iomaíochta chun an margadh iarnróid a oscailt, go háirithe cothroime iomaíochta idir gnóthais phríobháideacha agus gnóthais phoiblí, chun go mbeidh iomaíocht éifeachtach ann. Nuair a bhíonn sealbhóirí iarnróid comhtháite go hingearach agus faoi úinéireacht phoiblí, d'fhéadfadh athmhaoiniú inghrúpa faoi dhálaí neamh-mhargaidh saobhadh a dhéanamh ar iomaíocht, agus toisc go ndíspreagann athmhaoiniú den sórt sin iontráil sa mhargadh freisin. Dá bhrí sin, an creat dlíthiúil lena rialaítear idirbhearta airgeadais i gcuideachtaí poiblí agus i gcuideachtaí atá comhtháite go hingearach san earnáil iarnróid, ní mór é a urramú agus a fhorfheidhmiú go cuí.
4. Is gá dálaí cóiriomaíochta a áirithiú freisin chun iomaíocht a chur chun cinn idir modhanna iompair dhifriúla, agus leibhéil dhifriúla na seachtrachtaí (dearfacha agus diúltacha) a bhaineann leis na modhanna iompair dhifriúla a chur san áireamh ⁽¹²⁾. Tá earnáil iompair inbhuanaithe ríthábhachtach chun nascacht a áirithiú ar fud na hEorpa, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chothú i gcomhréir le hAirteagail 170 agus 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh') agus chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach.
5. I bPáipéar Bán 2011 ón gCoimisiún maidir le hiompar ⁽¹³⁾, leag sé síos sprioc go ndéanfaí laghdú 20 % ar astaíochtaí iompair idir 2008 agus 2030 ⁽¹⁴⁾, agus laghdú 60 % ar a laghad idir 1990 agus 2050. Sa Teachtaireacht uaidh in 2016 dar teideal *A European Strategy for Low-Emission Mobility* ⁽¹⁵⁾ [Straitéis Eorpach maidir le Soghluaisteacht Íseal-Astaíochtaí] mhol an Coimisiún bearta chun dlús a chur le dícharbónú an iompair Eorpaigh. Is é ab aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip a thíolaic an Coimisiún in 2019 ⁽¹⁶⁾ an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050 ⁽¹⁷⁾. Chuige sin, leag an Coimisiún síos an sprioc chun laghdú 55 %

⁽¹⁰⁾ Le Treoir (AE) 2016/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena leasaítear Treoir 2012/34/AE a mhéid a bhaineann leis an margadh do sheirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt agus le rialachas an bhonneagair iarnróid (IO L 352, 23.12.2016, lch. 1), deonaíodh rochtain do ghnóthais iarnróid ar ghréasáin náisiúnta iarnróid ón 1 Eanáir 2019 in am don tráthchlár oibre dar tús an 14 Nollaig 2020.

⁽¹¹⁾ Le Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a mhéid a bhaineann leis an margadh do sheirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt (IO L 354, 23.12.2016, lch. 22), tugadh isteach an oibleagáid chun conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain ar bhonn iomaíoch ón 3 Nollaig 2019, maille le hidirthréimhse dar críoch an 24 Nollaig 2023.

⁽¹²⁾ Leis an gcomhbheartas iompair, ní mór na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh') a shaothrú freisin. Foráiltear le hAirteagal 11 den Chonradh 'Ní foláir ceanglais chosaint an chomhshaoil a lánpháirtiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, go háirithe d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur ar aghaidh'.

⁽¹³⁾ *Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córais iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní*, COM(2011) 144 final, 28.3.2011, pointe 6.

⁽¹⁴⁾ Cé is moite d'iompar muirí idirnáisiúnta, ar lorg an Coimisiún laghdú 40 % ar astaíochtaí ina leith idir 2005 agus 2050.

⁽¹⁵⁾ Com(2016) 501 final, 20.7.2016.

⁽¹⁶⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *An Comhaontú Glas don Eoraip*, COM(2019) 640 final, 11.12.2019.

⁽¹⁷⁾ Féach fonóta (16).

ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990 ⁽¹⁸⁾.

6. I mí na Nollag 2020, tar éis fhoilsiú na Meastóireachta ar Threochlár an Pháipéir Bháin um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní ⁽¹⁹⁾, thíolaic an Coimisiún a Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – ‘SSMS’ ⁽²⁰⁾. Sa straitéis sin, leagadh amach treochlár chun an t-iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe agus chliste, bunaithe ar thorthaí Pháipéar Bán 2011 maidir le hiompar. Na cásanna atá mar bhonn taca faoin straitéis, agus atá ar aon dul leis na cásanna sin a thacaíonn leis an bplean um sprioc aeráide 2030, léiríonn siad gur féidir laghdú 90 % ar astaíochtaí na hearnála iompair a bhaint amach faoi 2050 trí na bearta atá beartaithe a chomhcheangal le chéile. Tá an pacáiste tograí reachtacha ‘Oiriúnach do 55’ ⁽²¹⁾ beartaithe mar thacaíocht leis na spriocanna sin a bhaint amach trí chineálacha iompair agus breoslaí iompair níos glaine a chur chun cinn, i measc nithe eile, chun an tAontas a chur ar an mbóthar ceart i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 ⁽²²⁾.
7. Maidir le sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a shroicheadh faoi 2050, ní féidir í a bhaint amach gan athrú ó bhonn a bheidh ina chlaochlú glas agus digiteach i leith na modhanna uile in earnáil iompair na hEorpa.
8. Is ón earnáil iompair a thagann thart ar an gceathrú cuid de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa uile a tháirgtear le gníomhaíocht an duine san Aontas agus is í ceann de na príomhchúiseanna le truailliú aeir. Cruthaítear seachtrachtaí diúltacha eile de dheasca an iompair freisin (amhail truailliú torainn, timpistí agus brú tráchta) nach gcuirtear san áireamh go leordhóthanach i gcostais na n-úsáideoirí iompair e.g., go háirithe i gcás iompair ar bóthar agus aeriompair. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht chinntitheach chun tuilleadh tráchta a aistriú chuig cineálacha iompair níos inbhuanaithe agus chun feidhmíocht na slabhraí lóistíochta ilmhódacha ⁽²³⁾ a bharrfheabhsú. Tacaíonn roinnt tionscnamh rialála le glasú na hearnála iompair, agus iad is suntasaí díobh na tionscnaimh sin a bhfuil sé d’aidhm acu Gréasán Tras-Eorpach Iompair cuimsitheach a chruthú ⁽²⁴⁾, iompar ar uiscebhealaí intíre a éascú ⁽²⁵⁾ agus athbhreithniú a dhéanamh ar an

⁽¹⁸⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Stepping up Europe’s 2030 climate ambition Investing in a climate-neodrach future thar ceann pharlaimint na heorpa the benefit of our people*, [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030: Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach ar son leas ár muintire] COM(2020) 562 final, 17.9.2020.

⁽¹⁹⁾ SWD (2020) 0410 final, 10.12.2020.

⁽²⁰⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘*Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí*’, COM(2020) 789 final, 9.12.2020.

⁽²¹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘*Oiriúnach do 55*’: *sprioc aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta*, COM(2021) 550 final, 14.7.2021.

⁽²²⁾ Roinn 2.2.2. den Teachtaireacht dá dtagraítear i bhfonóta (21).

⁽²³⁾ Féach fonóta (20).

⁽²⁴⁾ Tá beartas an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (‘beartas TEN-T’) bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1). Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an rialachán sin faoi láthair chun an gréasán a dhéanamh níos sábháilte, níos inbhuanaithe, níos tapúla agus níos áisiúla dá úsáideoirí.

⁽²⁵⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *NAIADES III: Boosting futureproof European inland waterway transport* [Borradh a chur faoi iompar uiscebhealaí intíre Eorpach a sheasfaidh an aimsir] (COM(2021) 324 final, 24.6.2021).

Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte ⁽²⁶⁾. Chun na spriocanna sin i leith glasú a chomhlíonadh, tá gá le hinfheistíochtaí móra. Tá ról tábhachtach ag an mbeartas iomaíochta, go háirithe rialacha maidir leis an Státchabhair, chun an tAontas a chumasú chun a chuspóirí beartais sa Chomhaontú Glas a chomhlíonadh i gcás nach mbeidh acmhainní ná dreasachtaí leordhóthanacha ag an margadh amháin chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh (féach pointe 13) toisc gur leis na rialacha sin a threoraítear gníomhaíochtaí na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh ábhartha, agus é á áirithiú an tráth céanna nach ndéanfaidh tacaíocht airgeadais phoiblí dochar d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

9. Is cuspóir uileghabhálach de bheartas iompair an Aontais a áirithiú go gcumasófar sreabhadh neamhbhriste an tráchta earraí agus paisinéirí idir gréasáin náisiúnta agus modhanna iompair ('an idir-inoibritheacht'), rud a rannchuidíonn le príomhchuspóirí an Aontais ⁽²⁷⁾ a bhaint amach. Is domhanda é scála an iompair anois, i dtéarmaí na ngréasán a úsáidtear i gcás paisinéirí agus earraí araon, ar minice is gréasáin trasteorann anois iad, agus i dtéarmaí na modhanna iompair a bhíonn i gceist, de réir mar is minice a chomhcheanglaítear réitigh iompair iolracha i dturais. Agus fós, tá bacainní rialála agus teicniúla ag cur isteach ar nascadh na ngréasán agus na modhanna iompair ar fud an Aontais Eorpaigh go fóill. Tá gá le infheistíochtaí idir-inoibritheachta móra chun an Limistéar Iompair Eorpach Aonair a chomhlánú agus chun cur ar chumas shaoránaigh agus ghnólaigh an Aontais lántairbhe a bhaint as limistéar iompair idirnasctha. Tá gá le hinfheistíochtaí substaintiúla freisin chun bonneagair dhigiteacha a imscaradh, go háirithe cumhdach gan bhriseadh maille le bonneagar nascachta 5G feadh mórchonairí iompair san Eoraip, lena dtacófar le raon leathan seirbhísí agus leibhéil níos airde den uathobriú ar fud feidhmchláir soghluaisteachta dhifriúla ⁽²⁸⁾. Is cuspóir tábhachtach de SSMS é sin chun go ndéanfar claochlú digiteach rathúil ar an Aontas Eorpach faoi 2030.

1.2 Cuspóir na dTreoirí seo

10. Chun cosc a chur ar státchabhair saobhadh a dhéanamh ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach nó ar an mbaol go ndéanfar saobhadh, agus ar dhífear a dhéanamh ar thrádáil, leagtar síos in Airteagal 107(1) den Chonradh an prionsabal go bhfuil toirmeasc ar Státchabhair. Mar eisceacht, in earnáil an iompair de thalamh ⁽²⁹⁾, foráiltear le hAirteagal 93 den Chonradh maidir le cabhair chun iompar de thalamh a chomhordú agus chun oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí, go bhfuil an chabhair sin ag luí leis na Conarthaí.

⁽²⁶⁾ Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

⁽²⁷⁾ Áirítear ar na cuspóirí sin feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, neartú an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh, agus iomaíochas agus sábháilteacht na ngréasán Eorpach iompair.

⁽²⁸⁾ Mar a léirítear i bPlean Gníomhaíochta 5G 2016 (COM(2021)118) agus i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, lena leagtar síos an bunús chun tionscadal ilnáisiúnta a bhunú ar mhaithe le hImscaradh chonairí 5G uile-Eorpacha (Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais na Deacáide Digití 2030). An Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin (Rialachán (AE) 2024/1309 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a chur in úsáid, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (IO L, 2024/1309, 8.5.2024), tá feidhm aige maidir le hiarrataí réasúnta ar rochtain a fháil ar bhonneagar fisiciúil arna ndéanamh chun eilimintí de Líonraí Fíor-Ardacmhainneachta a imscaradh.

⁽²⁹⁾ Faoi Airteagal 100 den Chonradh, ní bhaineann Teideal VI 'Iompar' den Chonradh i bprionsabal ach amháin maidir le hiompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre. Gairtear 'iompar de thalamh' de na trí chineál iompair sin go ginearálta, i gcodarsnacht le hiompar ar muir agus d'aer.

11. Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go n-aithnítear in Airteagal 93 den Chonradh nach bhfuil cabhair don iompar comhoiriúnach leis an gConradh ach amháin i gcásanna dea-shainithe nach gcuireann leasanna ginearálta an Aontais i mbaol ⁽³⁰⁾.
12. A mhéid a bhaineann le cabhair chun iompar de thalamh a chomhordú, measann an Coimisiún maidir le ‘comhordú an iompair’ a úsáidtear in Airteagal 93 den Chonradh, go mbaineann suntas níos leithne leis mar choincheap ná díreach forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú. Tugann sé le tuiscint go bhfuil idirghabháil ó údaráis phoiblí i gceist arb é is aidhm di forbairt na hearnála iompair a threorú ar mhaithe leis an leas coiteann.
13. D’fhéadfadh clistí margaidh éagsúla a bheith ina mbonn cirt le hidirghabháil na n-údarás poiblí in earnáil an iompair de thalamh. Ar an gcéad dul síos, baineann seachtrachtaí diúltacha móra le hearnáil an iompair, mar shampla brú tráchta nó truailliú. Is deacair na seachtrachtaí sin a chur san áireamh sna córais phraghsála maidir le rochtain a fháil ar bhonneagar iompair. Dá thoradh sin, d’fhéadfadh éagothromaíochtaí praghaís a bheith idir na modhanna iompair dhifriúla, rud a d’fhéadfaí a cheartú trí thacaíocht phoiblí do na modhanna iompair sin a bhfágтар na costais sheachtracha is ísle ann dá dtoradh. Ar an dara dul síos, d’fhéadfadh deacrachtaí comhordúcháin a bheith ag baint d’earnáil an iompair sa chiall eacnamaíoch den téarma, trí chomhchaighdeán idir-inoibritheachta a ghlacadh i gcás an iarnróid, nó sna naisc idir gréasáin iompair dhifriúla, mar shampla. Ar an tríú dul síos, bíonn earnáil an iompair thíos le míbhuntáistí an cheannródaí freisin, ar míbhuntáistí iad a chuireann cosc ar fhorbairt na modhanna iompair sin ag a bhfuil an méid is ísle de chostais sheachtracha ach nach meallann infheistíochtaí leordhóthanacha toisc nach mbíonn an t-infheistiú sna modhanna iompair sin sách brabúsach. Ar deireadh, d’fhéadfadh sé go mbainfeadh deacrachtaí d’oibreoirí áirithe in earnáil an iompair rochtain a fháil ar mhaoiniú de dheasca a suímh ar an margadh, rud a fhágann go mbíonn faisnéis leordhóthanach in easnamh orthu.
14. A mhéid a bhaineann le cabhair chun oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí, le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ⁽³¹⁾ leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí ar iarnród agus modhanna iompair rianbhunaithe eile (tram, meitreo) agus ar bóthar (bus) (agus ar uiscebhealaí intíre i gcás ina gcinntídh na Ballstáit Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a chur i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí sin ⁽³²⁾) a eagrú agus a mhaoiniú ón 2 Nollaig 2009 ⁽³³⁾. A mhéid a bhaineann le hiompar lasta, foráladh le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 maidir le idirthréimhse 3 bliana ón 3 Nollaig 2009 faoinarbh infheidhme Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 ⁽³⁴⁾ maidir le seirbhísí iompair lasta fós. Dá

⁽³⁰⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Deireadh Fómhair 1978, *an Coimisiún v an Bheilg*, 156/77, AE:C:1978:180, mír 10.

⁽³¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d’iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1).

⁽³²⁾ Airteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, féach fonóta (31).

⁽³³⁾ Ar na coinníollacha a áirítear tá oibleagáidí seirbhíse poiblí a shainiú, raon feidhme na gconarthaí seirbhíse poiblí, an nós imeachta chun conarthaí den sórt sin a dhámhachtain agus an cúiteamh a íoctar le hoibreoirí iompair phoiblí a ríomh. Má chomhlíontar forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, measfar go bhfuil an cúiteamh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt roimh ré don Choimisiún faoi Airteagal 108(3) den Chonradh.

⁽³⁴⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 ón gComhairle an 26 Meitheamh 1969 maidir le gníomhaíocht ó Bhallstáit maidir leis na hoibleagáidí ar gné dhílis iad den choincheap atá ann de sheirbhís phoiblí san iompar d’iarnród, de bhóthar agus d’uiscebhealaí intíre (IO, Eagrán Speisialta Béarla, 1969(I), lch. 276), arna leasú le Rialachán (CEE) Uimh. 1893/91 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1991 (IO L 169, 26 Meitheamh 1969, lch. 1).

bhrí sin, is faoi Airteagal 93 den Chonradh ⁽³⁵⁾ go díreach go dtí seo a rinne an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht na cabhrach a íocadh ón 3 Nollaig 2012 chun seirbhísí iompair lasta ar iarnród, ar bóthar agus ar uiscebhealaí intíre a sholáthar.

15. Faoi Airteagal 93 den Chonradh tá sé indéanta ag na Ballstáit oibleagáidí sonracha a fhorchur i gcásanna áirithe chun soláthar seirbhísí iompair leormhaith a áirithiú. Le beartais an Choimisiúin dá dtagraítear i bpointe 5, cuirtear i dtábhacht gur gá a áirithiú go soláthrófar seirbhísí iompair dícharbónáitithe leormhaithe. Ós rud é go léiríonn riocht an tsoláthair in earnáil an iompair agus riachtanais an Aontais go bhféadfaidh ganntanas seirbhísí atá inmharthana ó thaobh tráchtála a bheith in earnáil an iompair lasta iarnróid, aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh seirbhísí iompair lasta iarnróid chun leasa na sochaí ina hiomláine ⁽³⁶⁾, agus é le tuiscint nach mór don Bhallstát lena mbaineann, ar aon chuma, a shuí go bhfuil saintréithe ar leith acu i gcomparáid le saintréithe seirbhísí lasta tráchtála má tá seirbhísí den sórt sin ann sa mhargadh ⁽³⁷⁾. Tugann an Coimisiún faoi deara nach féidir seirbhísí iompair lasta iarnróid a oibriú ar bhonn tráchtála i gcónaí agus, in imthosca eisceachtúla, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le tacaíocht airgeadais phoiblí i bhfoirm cúitimh seirbhís poiblí. Is faoi na Ballstáit atá sé riachtanais nascachta a n-úsáideoirí iompair agus an tacaíocht a d'fhéadfadh a bheith riachtanach, más ann di, a shainaithint. Mar sin féin, sula ndéanfaidh siad machnamh ar oibleagáidí seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm i gcás iompair lasta iarnróid, ba cheart do na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh creatdálaí rialála agus eacnamaíocha fabhracha a chur i bhfeidhm ar mhaithe le seirbhísí iompair lasta iarnróid a bhfuil éileamh orthu, ar seirbhísí iad a bheidh le soláthar ar bhonn tráchtála. Ní mór measúnú a dhéanamh ar leorgacht na seirbhísí iompair de réir riocht an tsoláthair agus an éilimh in earnáil an iompair agus riachtanais an phobail. An tráth céanna, ba cheart cúiteamh airgeadais as na hoibleagáidí sin a bheith faoi réir coinníollacha lena n-íoslaghdófar saobhadh ar an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, tá gá le soiléireacht maidir leis na coinníollacha faoina measfar cúiteamh seirbhíse poiblí a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 93 den Chonradh.
16. Leis na Treoirlínte Iarnróid a ghlac an Coimisiún in 2008 maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid ⁽³⁸⁾ ('Treoirlínte Iarnróid 2008'), códaíodh cleachtas an Choimisiúin maidir le hAirteagal 93 den Chonradh a chur i bhfeidhm maidir le gnóthais iarnróid. Áiríodh dreasachtaí le Treoirlínte Iarnróid 2008 freisin chun méadú a dhéanamh ar sciar an iompair ar iarnród. Bhí sé d'aidhm ag Treoirlínte Iarnróid 2008 go mbeidís ag gabháil le léirscaoileadh na hearnála iarnróid agus go gcomhlánódís an margadh aonair iarnróid Eorpach le hidir-inoibritheacht iomlán. Níl dáta éaga ag Treoirlínte Iarnróid 2008, ach sa tSeiceáil Oiriúnachta a rinne an Coimisiún in 2020 ⁽³⁹⁾ ba é an chonclúid gur ghá

⁽³⁵⁾ Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2023 i gcás SA.32953, an Iodáil, *State aid measures in favour of Trenitalia SpA* [bearta státchabhrach i bhfabhar Trenitalia SpA] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁶⁾ Féach *Communication from the Commission on the application of the European Union State aid rules to compensation granted for the provision of services of general economic interest* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar] (IO C 8, 11.1.2012, lch. 4), pointe 50.

⁽³⁷⁾ Féach Treoirlínte léirmhínitheacha ón gCoimisiún a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar (IO C 92, 29.3.2014, lch. 1), pointe 2.1.3.

⁽³⁸⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún – *Treoirlínte Comhphobail maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid* (IO C 184, 22.7.2008, lch. 13).

⁽³⁹⁾ *Commission staff working document of 30 October 2020 on the Fitness Check of the 2012 State aid modernisation package, railways guidelines and short-term export credit insurance* [Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir an 30 Deireadh Fómhair maidir le Seiceáil Oiriúnachta ar phacáiste

athbhreithniú a dhéanamh ar Threoirlínte 2008 chun cleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin a léiriú, ar cleachtas é a forbraíodh i ndáil le Státchabhair a ndearnadh measúnú uirthi faoi Airteagal 93 den Chonradh go díreach, mar aon le forbairtí sa mhargadh agus na cuspóirí beartais a shaothraítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

17. Trí na Treoirlínte sin a eisiúint, déanann an Coimisiún an méid seo a leanas: (i) cuirtear in ionad Threoirlínte Iarnróid 2008 iad, (ii) códáítear a chleachtas cinnteoireachta i dtaca le Státchabhair a chur i bhfeidhm maidir le comhordú an iompair faoi Airteagal 93 den Chonradh (ní hamháin maidir le hiompar ar iarnród ach maidir le huiscebhealaí intíre agus iompar ilmhódach freisin), (iii) soláthraítear treoraíocht i dtaca leis na rialacha Státchabhrach is infheidhme maidir le seirbhísí iompair phoiblí lasta iarnróid, (iv) athdhearbhaítear na rialacha is infheidhme maidir le gnóthais iarnróid atá comhtháite go hingearach, agus (v) soiléirítear na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar na Ballstáit.
18. Tá sé d'aidhm ag an athbhreithniú sin cuidiú leis an aistriú chuig an aeráidneodracht a bhaint amach, arb aistriú é a shaothraítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus cothroime iomaíochta in earnálacha an iarnróid, na n-uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh a áirithiú an tráth céanna. Maidir leis na Treoirlínte sin agus an Rialachán nuaghlactha ón gCoimisiún ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh (dá ngairtear an Rialachán maidir le Blocdhíolúine Iompair – 'TBER') ⁽⁴⁰⁾, ceapadh iad chun cineálacha iompair inbhuanaithe a spreagadh trí ghníomhaíocht na mBallstát a threorú i dtreo na gcineálacha cabhrach a bhféadfadh saobhadh níos lú a bheith ag baint leo in earnáil an iompair de thalamh.

1.2.1 An earnáil iarnróid

19. Baineann tábhacht straitéiseach leis an earnáil iarnróid don Aontas Eorpach. Leis an iompar ar iarnród, iompraítear thart ar 1,6 billiún tona lasta agus 9 mbilliún paisinéir gach bliain san Aontas agus rannchuidíonn sé go mór le meascán an iompair de thalamh san Aontas ⁽⁴¹⁾, rud lena soláthraítear iompar glan agus ardleibhéal éifeachtúlachta i dtéarmaí líon na bpaisinéirí a iompraítear in aghaidh an turais feithicle. I bhfianaise a luacha mar an modh iompair innealta is inbhuanaithe agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol, tá iompar ar iarnród ríthábhachtach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Mar sin féin, mar a dearbhaíodh le staidéar a choimisiúnaigh an Coimisiún i bhfianaise an athbhreithnithe ar Threoirlínte Iarnróid 2008 ⁽⁴²⁾, tá an earnáil iarnróid fós thíos le roinnt míbhuntáistí a fhágann nach bhfuil an margadh in ann cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais an Aontais a bhaint amach. Ní hamháin nach mbeadh sé ar

2012 um nuachóiriú Státchabhrach, treoirlínte iarnróid agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin gearrthéarmach], SWD(2020)257 final.

⁽⁴⁰⁾ [Cuirfear an tagairt isteach nuair a ghlacfar an Rialachán]

⁽⁴¹⁾ In 2019, roimh ráig phaindéim COVID-19, shroich méid an tráchta paisinéirí san Aontas 414 bhilliún ciliméadar paisinéara as thart ar 6 thrilliún ciliméadar paisinéara san iomlán d'iompar de thalamh. Chun leathadh phaindéim COVID-19 a chosc, rinne tíortha bearta sriantacha i mí an Mhárta 2020, rud ag a raibh tionchar suntasach ar an iompar paisinéirí ar iarnród. D'ainneoin téarnamh seasta ar mhéideanna tráchta, i gcomparáid le 2019, in 2021 bhí an líon paisinéirí iarnróid sna Ballstáit fós 37 % níos lú ná mar a bhí in 2019. In 2018, shroich méid an tráchta lasta san Aontas 400 billiún tona-ciliméadar as 2,5 trilliún d'iompar de thalamh san iomlán. Bhí tionchar suntasach ag srianta COVID-19 ar an iompar lasta iarnróid freisin, cé go raibh na srianta sin ar leibhéal níos ísle ná mar a bhí i gcás an iompair phaisinéirí ar iarnród. In 2021, shroich méideanna tráchta an Aontais beagnach an leibhéal a bhí ann le linn bhuaicphointe 2018, is é sin, 399 mbilliún tona-ciliméadar (Foinse: [Eurostat](#)).

⁽⁴²⁾ *Impact assessment support study for the review of the Community guidelines on State aid for railway undertakings* [Staidéar tacaíochta um measúnú tionchair don athbhreithniú ar na treoirlínte Comhphobail maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid] [E.CA Economics et al. (2022)].

chumas líon agus acmhainneacht na saoráidí iarnróid atá ann faoi láthair tacú leis an méadú ar an trácht atá á lorg, ach is neamhleor fós an gréasán iarnróid ar fud an Aontais ar fad den chuid is mó mar gheall ar naisc atá ar iarraidh idir críochfoirt iompair agus easpa comhordaithe idir córais iompair ar iarnród i mBallstáit dhifriúla. Thairis sin, tá sciar suntasach de fhlít rothstoic an Aontais ag druidim le deireadh a saolré ionchais, agus ní féidir talamh slán a dhéanamh dá athnuachan i bhfianaise go bhféadfadh sé nach mbeadh gnóthais iarnróid bheaga in ann an infheistíocht airgeadais lena bhfuil gá a chothú gan tacaíocht phoiblí.

20. Mar a cuireadh i dtábhacht sa tSeiceáil Oiriúnachta a rinne an Coimisiún in 2020 ⁽⁴³⁾, tá roinnt gnéithe de Threoirlínte Iarnróid 2008 imithe i seandacht agus *de facto*, níl siad á gcur i bhfeidhm a thuilleadh. Mar shampla, na coinníollacha maidir le fiachas stairiúil a chealú ar fiachas é atá nasctha go díreach le gníomhaíocht an iompair ar iarnród, d'imigh siad i seandacht ⁽⁴⁴⁾, mar aon leis na coinníollacha sonracha chun brainsí lasta na ngnóthas iarnróid a athstruchtúrú, ar choinníollacha iad sin nárbh infheidhme ach go dtí an 1 Eanáir 2010 ⁽⁴⁵⁾, agus an roinn maidir le deireadh a chur le ráthaíochtaí Stáit neamhtheoranta ⁽⁴⁶⁾. Níl na heilimintí sin sna Treoirlínte seo a thuilleadh.
21. Ar an gcaoi chéanna, leis na critéir chomhoiriúnachta maidir le cabhair chun rothstoc a cheannach agus a athnuachan, ar critéir iad a leagtar amach i dTreoirlínte Iarnróid 2008 ⁽⁴⁷⁾ rinneadh crostagairtí do threoirlínte eile maidir le Státchabhair a chuaigh in éag nó ar cuireadh treoirlínte eile ina n-ionad idir an dá linn ⁽⁴⁸⁾. Leis na Treoirlínte seo, cuirtear deireadh leis na coinníollacha sin agus leagtar amach coinníollacha nua lena rialófar cabhair chun rothstoc a fháil chun éascú le gníomhaithe nua iontráil sa mhargadh agus/nó leathnú (féach Roinn 4.2.2.3). Agus na coinníollacha nua á gceapadh aige, chuir an Coimisiún san áireamh go bhfuil an flít rothstoic i gcoitinne gar do dheireadh na saolré ionchais lena bhfuil coinne ina leith nó go bhfuil an deireadh sin bainte amach le tamall ⁽⁴⁹⁾, go gcuireann an easpa caighdeánaithe theicniúil ar fud na mBallstát cosc ar rothstoc a mhalartú ar fud na mBallstát ⁽⁵⁰⁾, agus go bhfuil deacrachtaí ag gnóthais iarnróid bheaga

⁽⁴³⁾ Féach fonóta (39).

⁽⁴⁴⁾ Caibidil 4 de Threoirlínte Iarnróid 2008, féach fonóta (38). Baineann pointe 56 de Threoirlínte Iarnróid 2008 le cabhair a úsáidtear chun fiacha arna gcinneadh go soiléir agus fiacha aonair a fhritháireamh, ar fiacha iad a tabhaíodh roimh an 15 Márta 2001 nó roimh dháta aontachais an Bhallstáit lena mbaineann leis an Aontas Eorpach níos déanaí.

⁽⁴⁵⁾ Caibidil 5 de Threoirlínte Iarnróid 2008, féach fonóta (38).

⁽⁴⁶⁾ Caibidil 7 de Threoirlínte Iarnróid 2008, féach fonóta (38). Faoi phointe 4.1 den Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí (IO C 155, 20.6.2008, lch. 10), tá ráthaíochtaí neamhtheoranta, i bprionsabal, neamh-chomhoiriúnach leis an gConradh. Tá feidhm aige sin maidir le gach earnáil eacnamaíoch lena n-áirítear earnáil an iompair.

⁽⁴⁷⁾ Caibidil 3 de Threoirlínte Iarnróid 2008, féach fonóta (38).

⁽⁴⁸⁾ Mar atá, *Treoirlínte Comhphobail maidir le Státchabhair chun gnólachtaí atá i gcrúachas a tharrtháil agus a athstruchtúrú* (IO C 244, 1.10.2004, lch. 2), *Community guidelines on State aid for environmental protection* [Treoirlínte an Chomhphobail maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil] (IO C 82, 1.4.2008, lch. 1), *Treoirlínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta do 2007-2013* (IO C 54, 4.3.2006, lch. 13), *Commission Regulation (EC) No 70/2001 of 12 January 2001 on the application of Articles 87 and 88 of the EC Treaty to State aid to small and medium-sized enterprises* [Rialachán (CE) Uimh. 70/2001 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2001 i dtaca le hAirteagal 87 agus Airteagal 88 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm maidir le Státchabhair d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide] (IO L 10, 13.1.2001, lch. 33); agus Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 (a luaitear i bhfonóta (34)), ar rialacháin iad uile nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

⁽⁴⁹⁾ Cé go bhfuil difríochtaí ann ó Bhallstát go chéile, ag an ráta athnuachana atá ann faoi láthair (mar a chonacthas le 10 mbliana anuas), tiocfaidh laghdú ar mhéid an fhlít rothstoic san Aontas, go háirithe i gcás traenacha paisinéirí, i gcaitheamh na 10 mbliana amach romhainn.

⁽⁵⁰⁾ Tá easpa an chaighdeánaithe theicniúil de dheasca difríochtaí sa bhonneagar iarnróid ar fud na mBallstát difriúil i dtaca le córais comharthaíochta, leictriú agus córais voltais agus leithead rianta (rud atá difriúil i mBallstáit áirithe, e.g., Éire, an Fhionlainn, an Phortaingéil, an Spáinn, leis an leithead caighdeánach 1 435 mm atá i réim san Aontas).

agus mheánmhéide ('FBManna') agus ag iontrálaithe nua a bhflíteanna a athnuachan nó a mhéadú mar gheall ar na costais arda infheistíochta a bhaineann le rothstoc a fháil agus deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú ⁽⁵¹⁾.

22. A mhéid a bhaineann le cabhair chun iompar a chomhordú, cuimsíonn na Treoirínte seo na nuálaíochtaí a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 23 go 26.
23. Murab ionann agus Treoirínte Iarnróid 2008, ní hamháin go bhfuil feidhm ag na Treoirínte seo maidir le gnóthais iarnróid ach maidir le hoibreoírí eile iarnróid freisin ⁽⁵²⁾. Tá feidhm acu freisin maidir le gnóthais a oibríonn ar thaobh an éilimh in earnáil an iompair ar iarnród, i.e. eagraithe iompair (e.g. cuideachtaí lóistíochta, seoltóirí lasta, oibreoírí iompair ilmhódaigh), a mhéid a roghnaíonn siad iarnróid a úsáid seachas bóithre.
24. A mhéid a bhaineann le cabhair oibriúcháin, na critéir chomhoiriúnachta a leagtar síos i dTreoirínte Iarnróid 2008 maidir le cabhair le haghaidh úsáid bonneagair iarnróid agus cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha ⁽⁵³⁾, ba ghá iad a thabhairt cothrom le dáta. Léirigh an taithí a d'fhorbair an Coimisiún sa mheasúnú ar chabhair faoi Threoirínte Iarnróid 2008 gur ghá na rialacha sin a shimpliú agus a chuíchóiriú chun an cliseadh margaidh sonrach, ar ceapadh iad chun aghaidh a thabhairt orthu, a réiteach. Cé nach bhfuil roinn sna Treoirínte seo maidir le cabhair le haghaidh úsáid bhonneagair, rud a cuimsíodh faoi phointe 98(a) de Threoirínte Iarnróid 2008, is féidir leis na Ballstáit cabhair a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair, bunaithe ar mhodheolaíocht na gcostas seachtrach, chun leanúint de na costais atá nasctha le húsáid bonneagair a chumhdach (féach Roinn 4.2.1.1). Ina theannta sin, chun forbairt nasc iarnróid tráchtála nua a éascú a thuilleadh, cumhdaíonn na Treoirínte seo cabhair oibriúcháin freisin chun naisc lasta iarnróid tráchtála nua agus naisc iarnróid tráchtála nua do phaisinéirí a sheoladh, ar naisc iad a bhainfidh le seirbhísí iarnróid trasteorann do phaisinéirí nó le seirbhísí iarnróid fadraoin do phaisinéirí (féach Roinn 4.2.1.2).
25. Bunaithe ar an taithí a fuarthas faoi Threoirínte Iarnróid 2008 maidir le cabhair idir-inoibritheachta agus i bhfianaise na gcineálacha difriúla tairbhí atá mar bhun le hinfheistíocht i gcórais bainistithe tráchta ⁽⁵⁴⁾, déantar idirdhealú sna Treoirínte seo idir cabhair idir-inoibritheachta (Roinn 4.2.2.4) agus cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic (Roinn 4.2.2.5). Go deimhin, i gcás infheistíochtaí idir-inoibritheachta (amhail infheistíochtaí lena bhfuil gá le haghaidh chomhchuihiú trasteorann na gcórais bainistithe tráchta) is minice a bhaineann cliseadh margaidh dóibh, go háirithe clistí comhordúcháin agus míbhuntáistí an cheannródaí i gcás oibreoírí

⁽⁵¹⁾ Ní féidir rochtain ar rothstoc athlámhe a mheas mar fhíor-rogha mhalartach ar rothstoc nua a cheannach nó a léasú de dheasca theirce na forbartha ar na margaí athlámhe le haghaidh rothstoic.

⁽⁵²⁾ Maidir leis an téarma 'oibreoír iarnróid', ní hamháin go gcuimsítear 'gnóthais iarnróid' leis de réir bhrí na Treorach maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, féach fonóta (8), (i.e., aon ghnóthas príobháideach nó poiblí arb é a phríomhghnó seirbhísí iompair ar iarnród a sholáthar le haghaidh earraí agus/nó paisinéirí agus a bhfuil sé de cheanglas air gur cheart don ghnóthas tarraingt a áirithiú), ach chomh maith leis sin cuideachtaí eile iarnróid a sholáthraíonn seirbhísí iompair iarnróid ach gan aon seirbhísí tarraingthe a sholáthar acu (i.e. i gcás inar gá dóibh innill féinghluaiste a fháil ar cíós chun oibriú).

⁽⁵³⁾ Caibidil 6 de Threoirínte Iarnróid 2008, féach fonóta (38).

⁽⁵⁴⁾ Fágann diminsean láidir Eorpach an iompair ar iarnród go bhfuil an t-iompar ar iarnród an-íogair i leith easpa idir-inoibritheachta agus comhordaithe idir gréasáin náisiúnta iarnróid, rud lenar féidir dochar a dhéanamh dá iomaíochas. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás iompair lasta iarnróid, ar iompar trasteorann atá i gceist le thart ar leathchuid de. Go dtí seo, is trácht intíre den chuid is mó a bhí i gceist leis an trácht paisinéirí iarnróid, agus níos lú ná 10 % de ag trasnú teorainneacha in 2021 (foinse: [Eurostat](#)), mar sin féin, tá acmhainneacht mhór trasteorann sa trácht paisinéirí iarnróid, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an iompar trasteorann oíche.

margaidh ⁽⁵⁵⁾). Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chabhair ag a bhfuil sé d'aidhm an digiteáil a chur chun cinn chun bainistiú tráchta, sreabha tráchta gan bhriseadh agus/nó sábháilteacht na n-oibríochtaí traenach a éascú faoi na ranna de na Treoirí seo a bhaineann le cabhair idir-inoibritheachta (Roinn 4.2.2.4) agus le cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóirithe (Roinn 4.2.2.5).

26. Murab ionann agus Treoirí Iarnróid 2008, nár cumhdaíodh cabhair do shaoráidí iompair ar iarnród iontu ⁽⁵⁶⁾, soláthraíonn na Treoirí seo rialacha comhoiriúnachta mionsonraithe maidir le cabhair infheistíochta chun saoráidí le haghaidh iompar ar iarnród a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan (Ranna 4.2.2.1 agus 4.2.2.2). Déantar machnamh sna rialacha sin ar an gcleachtas cinnteoireachta a d'fhorbair an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na Státchabhrach in earnáil an iompair de thalamh faoi Airteagal 93 den Chonradh.
27. Sna Treoirí seo, tá caibidil shonrach maidir le comhoiriúnacht na cabhrach chun oibreoirí a aisíoc as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis de sheirbhís phoiblí a sholáthar in earnáil an iompair lasta iarnróid (Caibidil 5).
28. Ar deireadh, tá caibidil shonrach sna Treoirí seo ina n-athdhearbhaítear na rialacha is infheidhme maidir le sreabha airgeadais i ngnóthais iarnróid atá comhtháite go hingearach (Caibidil 6).

1.2.2 An earnáil uiscebhealaí intíre

29. Tá níos mó ná 25 Bhallstát i ngréasán uiscebhealaí intíre an Aontais agus cuimsítear thart ar 41 000 ciliméadar d'uiscebhealaí intíre ann. Gach bliain, iompraítear thart ar 150 billiún tona-ciliméadar lastais air, arna iompar ag thart ar 15 000 soitheach lasta, agus bíonn thart ar 3 000 soitheach paisinéirí turas lae agus 430 long chúrsála (soithí ina bhfuil toilleadh os cionn 12 phaisinéir) i mbun oibríochta ⁽⁵⁷⁾. Tá acmhainneacht shuntasach ann méadú a dhéanamh ar sciar módach an iompair ar uiscebhealaí intíre, rud a laghdódh astaíochtaí gás ceaptha teasa. Chuige sin, áfach, ní mór iompar ar uiscebhealaí intíre a bheith in ann dul san iomaíocht ar bhealach cothrom le modhanna iompair eile.
30. Ní raibh feidhm ag Treoirí Iarnróid 2008 maidir leis an earnáil uiscebhealaí intíre. Le blianta beaga anuas, tá Státchabhair údaraithe ag an gCoimisiún chun comhordú an iompair san earnáil uiscebhealaí intíre a chur chun cinn faoi Airteagal 93 den Chonradh go díreach. Leis na Treoirí seo códáítear an cleachtas cinnteoireachta maidir leis sin agus leagtar amach critéir shoiléire lena rialaítear comhoiriúnacht na cabhrach chun tacú le hoibríochtaí uiscebhealaí intíre. I gcomhréir leis an gcur chuige a leantar i gcás na hearnála iarnróid, tá feidhm ag na Treoirí seo maidir le hoibreoirí atá gníomhach ar thaobh an tsoláthair (i.e. cabhair d'oibreoirí uiscebhealaí intíre) agus ar thaobh an éilimh araon (i.e. eagraithe iompair amhail cuideachtaí lóistíochta, seoltóirí lasta, oibreoirí iompair ilmhódaigh, a mhéid a roghnaíonn siad chun aistriú ó bhóithre chuig uiscebhealaí intíre).
31. Leagtar amach sna Treoirí seo coinníollacha comhoiriúnachta maidir le cabhair oibriúcháin agus cabhair infheistíochta in earnáil an iompair ar uiscebhealaí intíre. A

⁽⁵⁵⁾ *Impact assessment support study for the review of the Community guidelines on State aid for railway undertakings* [Staidéar tacaíochta um measúnú tionchair don athbhreithniú ar na treoirí Comhphobail maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid], féach fonóta (42), Ranna 4.7 agus 5.5.

⁽⁵⁶⁾ Níor cumhdaíodh i gCaibidil 2 de Threoirí Iarnróid 2008 (féach fonóta 38) ach na héifeachtaí a bhíonn ag maoiniú poiblí an bhonneagair ar ghnóthais iarnróid.

⁽⁵⁷⁾ Féach fonóta (25).

mhéid a bhaineann le cabhair oibriúcháin, maidir leis na rialacha lena rialaítear cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostas seachtrach an iompair don iompar ar iarnród agus chun naisc tráchtála nua a sheoladh, tá feidhm acu maidir le hiompar ar uiscebhealaí intíre freisin (féach Roinn 4.2.1.1 agus Roinn 4.2.1.2). A mhéid a bhaineann le cabhair infheistíochta, cumhdaíonn na Treoirlínte seo cabhair chun saoráidí san earnáil uiscebhealaí intíre a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan (féach Roinn 4.2.2.1) mar aon le cabhair chun soithí uiscebhealaí intíre a fháil chun rochtain ar airgeadas chun infheistíocht a dhéanamh san fhílít a éascú (féach Roinn 4.2.2.3). Maidir le soithí uiscebhealaí intíre a uasghrádú, i gcomhréir leis an gcur chuige a glacadh san earnáil iarnróid, déantar idirdhealú sna Treoirlínte seo idir cabhair le haghaidh infheistíochtaí idir-inoibritheachta (Roinn 4.2.2.4) agus cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú na soithí (Roinn 4.2.2.5). Déanfaidh an Coimisiún measúnú faoin dá roinn sin de na Treoirlínte maidir le cabhair a bhfuil sé d'aidhm léi an digiteáil a chur chun cinn chun bainistiú tráchta, sreabha tráchta gan bhriseadh agus/nó sábháilteacht na n-oibriúcháin uiscebhealaí intíre a éascú.

32. Tá flít réasúnta sean ag earnáil uiscebhealaí intíre na hEorpa agus ar an iomlán is cosúil go bhfuil deacrachtaí ag an earnáil méadú a dhéanamh ar a sciar den trácht i gcomparáid le modhanna iompair eile. Idir 2014 agus 2020, tháinig laghdú ar an líon oibreoirí iompair ar uiscebhealaí intíre a bhí gníomhach in iompar earraí agus paisinéirí araon, agus tá laghdú tagtha go leanúnach ar an acmhainn luchtaithe atá ar fáil ó 2011 freisin. Agus na rialacha nua seo á gceapadh aige, chuir an Coimisiún na saincheistean sin san áireamh agus gur FBManna, gnólachtaí teaghlaigh agus calafoirt bheaga den chuid is mó atá san earnáil uiscebhealaí intíre, rud a fhágann gur deacair dóibh dul i mbun infheistíochtaí costasacha chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach ⁽⁵⁸⁾. Is FBManna iad formhór na n-oibreoirí san earnáil uiscebhealaí intíre, agus is minic nach mbíonn siad in ann a bhflít a athnuachan ná a mhéadú de dheasca deacrachtaí rochtain a fháil ar mhaoiniú margaidh. Dá bhrí sin, faoi na Treoirlínte seo, ní fhéadfaidh ach FBManna amháin tairbhiú de chabhair chun soithí uiscebhealaí intíre a fháil. Fágann sé sin gur féidir an cineál cabhrach sin a dhíriú ar na cásanna is mó lena bhfuil gá chun forbairt na hearnála uiscebhealaí intíre a chothú.

1.2.3 Earnáil an iompair ilmhódaigh

33. Tá iompar ilmhódach, i.e. iompar earraí nó paisinéirí le dhá mhodh iompair dhifriúla ar a laghad, ríthábhachtach chun glacadh níos mó an iompair ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre a chumasú, toisc gurb annamh a sholáthraíonn siad réitigh iompair ó dhoras go doras ina n-aonar. Le hiompar ilmhódach inbhuanaithe, lena soláthraítear naisc ó dhoras go doras, agus an mhíle dheiridh san áireamh, comhcheanglaítear feidhmíocht chomhshaoil níos fearr agus éifeachtúlacht fuinnimh an iompair neamhbhóthair le hinrochtaineacht agus solúbthacht an iompair ar bóthar. Dá bhrí sin, tá ról lárnach aige chun spriocanna SSMS agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach.
34. Cé go bhfuil méadú substaintiúil tagtha ar an méid iompair lasta ilmhódaigh le 30 bliain anuas, is ag an iompar ar bóthar atá an lámh in uachtar ar an iompar lasta san Aontas fós. Is minic nach mbíonn iompar ilmhódach lasta iomaíoch le hiompar nach dtéann ach ar bhóithre amháin de dheasca bearnaí feidhmíochta i dtéarmaí infhaighteachta, iontaofachta, poncúlachta agus luais ag céimeanna difriúla sa slabhra (i.e. sna seirbhísí a sholáthraíonn iompar ar iarnród agus iompar d'uisce, críochfoirt trasloingsithe agus

⁽⁵⁸⁾ Parlaimint na hEorpa, *I dtreo iompair ar uiscebhealaí intíre (IWT) san Eoraip a sheasfaidh an aimsir* (P9_TA(2021)0367), https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2021-0231_GA.html

iompar ar bóthar don ‘mhíle deireanach’) agus toisc nach gcuirtear seachtrachtaí diúltacha an iompair ar bóthar san áireamh go leordhóthanach.

35. I gcás nach mbeidh san iompar lasta ilmhódach ach gluaiseacht na n-earraí san aonad luchtaithe ceannann céanna nó san fheithicil cheannann chéanna trí mhodhanna iompair comhleanúnacha (gan na hearraí a láimhseáil iad féin agus modhanna á n-athrú), tugtar ‘iompar idirmhódúil’ ⁽⁵⁹⁾ air. Is fochatagóir den iompar idirmhódúil é ‘iompar traschórais’, a rialáiltear go sainráite ar leibhéal an Aontais leis an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte ⁽⁶⁰⁾. Is í an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte an t-aon ionstraim dlí amháin de chuid an Aontais a thacaíonn leis an iompar idirmhódúil go díreach faoi láthair, agus lena ndreasaítear an t-aistriú ón tarlú bóthair chuig modhanna iompair lena ngabhann astaíochtaí níos ísle (uiscebhealaí intíre, iompar muirí agus iompar ar iarnród). Glacadh an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte in 1975 ⁽⁶¹⁾ agus leasaíodh roinnt uaireanta í chun go mbeadh feidhm aici maidir le tacar oibríochtaí níos leithne. An [dáta – *le cur san áireamh a luaithe a ghlacfar í*] ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte tar éis togra a thíolaic an Coimisiún an 7 Samhain 2023 ⁽⁶²⁾.
36. Is é is cuspóir don Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an iompair trí dhálaí rialála agus eacnamaíocha níos fabhraí a leagan síos ar mhaithe le hoibríochtaí lasta a bheidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil, mar a shainaithnítear sa Treoir sin. Is é an sprioc dheiridh laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bheidh ar an úsáideoir deiridh – i.e. an t-eagraí iompair – chun iompar traschórais a dhéanamh iomaíoch le hiompar nach dtéann ach ar bhóithre amháin. Ar mhaithe le soiléireacht, d’fhéadfadh sé gur Státchabhair a bheadh i dtacaíocht airgeadais a dheonóidh na Ballstáit d’oibríochtaí iompair traschórais a chomhlíonfaidh coinníollacha na Treorach maidir le hIompar Comhcheangailte. Aon státchabhair a dheonóidh na Ballstáit i gcomhréir leis an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte, ba cheart na coinníollacha comhoiriúnachta is infheidhme a leagtar amach in TBER, sna Treoirí seo maidir le hiompar ilmhódach inbhuanaithe, nó in aon ionstraim ábhartha eile den dlí maidir le Státchabhair (féach Caibidil 3), a chomhlíonadh ina leith freisin.
37. Leagtar amach sna Treoirí seo na coinníollacha comhoiriúnachta atá ann maidir le cabhair oibriúcháin agus cabhair infheistíochta in earnáil an iompair ilmhódaigh chun borradh a chur faoi iompar ilmhódach inbhuanaithe. Faoi na Treoirí seo, meastar go bhfuil iompar ilmhódach ‘inbhuanaithe’ más iompar ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre ceann amháin ar a laghad de na modhanna iompair a úsáidtear, nó ar bóthar má chomhcheanglaítear le loingseoireacht ghearrthuais é. Ar mhaithe le soiléireacht, faoi na Treoirí seo, ní féidir cabhair a dheonú le haghaidh loingseoireacht ghearrthuais ach amháin má chomhcheanglaítear le hiompar de thalamh í (i.e. le hiompar ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre, nó ar bóthar).

⁽⁵⁹⁾ Ós rud é go mbíonn an t-aonad idirmhódúil agus/nó an fheithicil mar an gcéanna nuair a athraítear modhanna, laghdaítear an láimhseáil lasta, agus dá bhrí sin is lú an baol go mbeidh damáistí nó cailleanais ann i leith na n-earraí.

⁽⁶⁰⁾ Féach fonóta (26).

⁽⁶¹⁾ Treoir 75/130/CEE ón gComhairle an 17 Feabhra 1975 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair comhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 48, 22.2.1975, lch. 31).

⁽⁶²⁾ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/106/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta um iompar idirmhódúil earraí agus Rialachán (AE) 2020/1056 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint, COM/2023/702 final, 7.11.2023.

38. I gcás cabhrach oibriúcháin, i dtaca leis na rialacha maidir le cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostas seachtrach an iompair is infheidhme maidir le hiompar ar iarnród, tá feidhm acu maidir le hiompar ilmhódach inbhuanaithe freisin (Roinn 4.2.1.1). Murab ionann agus Treoirlínte Iarnróid 2008, nár bhain le seoladh nasc tráchtála nua, leagtar coinníollacha sonracha amach sna Treoirlínte seo maidir leis an gcineál cabhrach sin a dheonú tríd an gcleachtas cinnteoireachta arna fhorbairt ag an gCoimisiún a chódú (Roinn 4.2.1.2).
39. I gcás cabhrach infheistíochta, cumhdaíonn na Treoirlínte seo cabhair do shaoráidí iompair ilmhódaigh agus cabhair chun uasghrádú a dhéanamh ar threalamh le haghaidh iompair ilmhódach inbhuanaithe. Tá cabhair do na saoráidí iompair ilmhódaigh sin teoranta do chabhair chun infheistíocht a dhéanamh i saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre (Roinn 4.2.2.1). Ar mhaithe le soiléireacht, tá feidhm ag na Treoirlínte seo freisin maidir le Státchabhair i gcás na saoráidí iompair ilmhódaigh sin atá suite i gcalafoirt mhuirí agus a bhfuil naisc iarnróid nó uiscebhealaí intíre acu. Maidir le huasghrádú a dhéanamh ar threalamh le haghaidh iompair ilmhódach inbhuanaithe, i gcomhréir leis an gcur chuige a glacadh sna hearnálacha iarnróid agus uiscebhealaí intíre, déantar idirdhealú sna Treoirlínte seo idir cabhair le haghaidh infheistíochtaí idir-inoibritheachta (Roinn 4.2.2.4) agus cabhair ar mhaithe le hoiriúnú teicniúil agus nuachóiriú trealamh le haghaidh iompair ilmhódach inbhuanaithe (Roinn 4.2.2.5). Ar mhaithe le soiléireacht, ní chumhdaíonn na Treoirlínte seo cabhair chun trealamh a fháil le haghaidh ilmhódach inbhuanaithe. Tagann cabhair den sórt sin faoi TBER má bhaineann sí le haonaid luchtaithe idirmhódúla ('ILUanna') agus/nó le craenacha ar bord soithí agus má dheonaíonn na Ballstáit í i bhfoirm scéimeanna um chabhair faoi choinníollacha an-sonrach. De bhreis ar na cásanna sin, measann an Coimisiún maidir le cabhair chun trealamh a fháil le haghaidh iompair ilmhódach inbhuanaithe (e.g. leathleantóirí iniompartha le craein), nach féidir í a údarú ach d'eisceacht agus sa chás sin amháin, agus dá bhrí sin déanfaidh sé measúnú uirthi faoi Airteagal 93 den Chonradh go díreach.

2. RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

2.1 Raon feidhme

40. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le bearta Státchabhrach ⁽⁶³⁾ a dheonaítear do ghnóthais in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh ⁽⁶⁴⁾, a mhéid atá na bearta cabhrach faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de na Treoirlínte seo.

⁽⁶³⁾ In Airteagal 107(1) den Chonradh, is é an sainmhíniú atá ar Státchabhair 'aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe [...], sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'. Idirghabhálacha Stáit nach gcomhlíonann ceann de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 107(1) den Chonradh, ní Státchabhair iad. Dá réir sin, níl siad faoi réir an mheasúnaithe comhoiriúnachta a leagtar síos sna Treoirlínte seo. Go sonrach, ní Státchabhair é cistiú ón Aontas atá á bhainistiú go lárnach ag institiúidí, gníomhaireachtaí, comhghnóthais nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus nach bhfuil faoi rialú díreach nó indíreach na mBallstát. Is infheidhme sin, mar shampla, maidir le cistiú arna sholáthar ag an Aontas faoi Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).

⁽⁶⁴⁾ Ar mhaithe le soiléireacht, cumhdaítear ina n-iomláine freisin sna Treoirlínte seo seirbhísí iompair ilmhódaigh inbhuanaithe lena gcomhcheanglaítear céim iompair amháin ar céim de thalamh í, le céim loingseoireachta gearrthuais, agus déantar measúnú ar na seirbhísí sin faoi Airteagal 93 den Chonradh.

41. Leagtar síos sna Treoirlínte seo na critéir maidir le comhoiriúnacht faoi Airteagal 93 den Chonradh i gcás na cabhrach seo a leanas:
- a) cabhair in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh a chomhlíonann na riachtanais a bhaineann leis an gcomhordú iompair (Caibidil 4);
 - b) cabhair in earnáil an iompair lasta iarnróid chun gnóthais a aisíoc as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí (Caibidil 5).
42. A mhéid a bhaineann le cabhair chun iompar a chomhordú in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh, tá feidhm ag na Treoirlínte seo freisin maidir le gnóthais a iompraíonn paisinéirí agus/nó lasta in earnálacha an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh agus maidir le gnóthais a oibríonn ar thaobh an éilimh in earnáil an iompair de thalamh, i.e. eagraithe iompair ⁽⁶⁵⁾, arb iad sin a dhéanann an rogha idir modhanna iompair. Is léir ón taithí a fuarthas nach bhfuil i ngnóthais iarnróid ach cuid áirithe as measc roinnt príomhghníomhaithe a rannchuidíonn leis an aistriú módach chuig iompar inbhuanaithe de thalamh. Thairis sin, tá sé de chleachtas cinnteoireachta bunaithe ag an gCoimisiún prionsabail Threoirlínte Iarnróid 2008 a chur i bhfeidhm maidir le bearta cabhrach arb iad gnóthais lóistíochta a úsáideann seirbhísí iompair ar iarnród seachas gnóthais iarnróid, tairbhíthe díreacha na mbeart ⁽⁶⁶⁾. Is amhlaidh atá toisc go raibh na prionsabail a leagtar amach sna Treoirlínte sin oiriúnach go maith freisin chun scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach arb iad gnóthais iarnróid na tairbhíthe indíreacha di agus iad sin amháin.
43. Na cineálacha cabhrach seo a leanas, a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair, mar a shonraítear i Ranna 4.2.1 agus 4.2.2, tagann siad faoi na Treoirlínte seo: (i) cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostas seachtrach an iompair; (ii) cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh; (iii) cabhair chun saoráidí iompair aonmhóduil agus ilmhódaigh ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan; (iv) cabhair chun taobhlaigh phríobháideacha a thógáil, a uasghrádú agus/nó a athnuachan; (v) cabhair chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre; (vi) cabhair idir-inoibritheachta; agus (vii) cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóirithe.

⁽⁶⁵⁾ E.g. cuideachtaí lóistíochta, seoltóirí lasta, oibreoirí iompair ilmhódaigh.

⁽⁶⁶⁾ E.g. Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2022, i gcás SA.100463, an Ísiltír, *Aid scheme to promote the modal shift from road to rail and inland waterways*, [Scéim um chabhair chun an t-aistriú módach ó bhóithre chuig iarnród agus uiscebhealaí intíre a chur chun cinn], aithris 49 (IO C 461, 2.12.2022, lch. 1); Cinneadh ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2020, i gcás SA.53615, an Iodáil, *Interventions in favour of the city of Genoa* [Idirghabhálacha i bhfabhar chathair Genova], aithris 55 (IO C 206, 19.6.2020, lch. 1); Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2018 i gcás SA.50115, an Iodáil, *Intermodal rail transport of iron slabs in the FVG region* [Iompar idirmhóduil leac iarainn ar iarnród i réigiún FVG], aithris 58 (IO C 90, 8.3.2019, lch. 2); Cinneadh ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2017 i gcás SA.48858, an Iodáil, *Aid scheme supporting combined transport in the Province of Bolzano*, [Scéim um chabhair lena dtacaítear le hiompar traschórais i gCúige Bolzano], aithris 53 (IO C 158, 4.5.2018, lch. 6); Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 i gcás SA.46806, an Iodáil, *Aid to combined transport in the Province of Trento*, [Cabhair d'iompar traschórais i gCúige Trento], aithris 46 (IO C 442, 22.12.2017, lch. 2); Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2016 i gcás SA.41033, an Iodáil, *Integrated transport scheme in the Province of Trento*, [Scéim um iompar comhtháite i gCúige Trento], aithris 44 (IO C 220, 17.6.2016, lch. 2); Cinneadh ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 i gcás SA.38152, an Iodáil, *Aid in favour of rail freight transport in Emilia Romagna region* [Cabhair i bhfabhar iompair lasta iarnróid i réigiún Emilia Romagna], aithris 27 (IO C 282, 22.8.2014, lch. 23); Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2011, i gcás SA.32603, an Iodáil, *Subsidy scheme 'Ferrobonus' for combined transport*, [Scéim fóirdheontais 'Ferrobonus' le haghaidh iompar traschórais], aithris 26 (IO C 88, 24.3.2012, lch. 1).

44. Mar a luaitear i bpointe 39, ní chumhdaíonn na Treoirlínte seo cabhair infheistíochta chun trealamh a fháil le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe. Tagann cabhair den sórt sin faoi TBER má bhaineann sí le ILUanna agus/nó craenacha ar bord soithí agus má dheonaíonn na Ballstáit i bhfoirm scéimeanna um chabhair í faoi choinníollacha an-sonrach. De bhreis ar na cásanna sin, measann an Coimisiún nach féidir cabhair chun trealamh a fháil le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a údarú ach d'eisceacht agus sa chás sin amháin, agus déanfaidh sé measúnú uirthi faoin gConradh go díreach.
45. Ní chumhdaíonn na Treoirlínte seo Státchabhair do bhonneagar calafoirt ⁽⁶⁷⁾. Leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar Státchabhair do bhonneagar calafoirt faoi Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh go díreach, mura Státchabhair bhlocdhíolmhaithe atá inti faoi Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ⁽⁶⁸⁾, nó, má bhíonn gá leis an mbonneagar calafoirt chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ('SGEI'), agus mura Státchabhair bhlocdhíolmhaithe atá inti faoi Chinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún ⁽⁶⁹⁾, faoi na rialacha a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat an Aontais Eorpaigh um Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí ('Creat SGEI') ⁽⁷⁰⁾, faoi Airteagal 106(2) den Chonradh. Chun amhras a sheachaint, mar a luaitear i bpointe 39 agus mar a shoiléirítear i bpointe 123, cumhdaíonn na Treoirlínte seo cabhair infheistíochta freisin le haghaidh na saoráidí iompair ilmhódaigh sin atá suite i gcalafoirt mhuirí agus a bhfuil naisc iarnróid nó uiscebhealaí intíre acu.
46. Tá státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh faoi réir na rialacha a leagtar amach sna *Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022* ⁽⁷¹⁾. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis an iompar ar iarnróid, iompar ar uiscebhealaí intíre agus iompar ilmhódach, leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach infheistíochta i bhfeithiclí glana agus i dtrealamh críochfoirt soghluaiste glan, faoi *Threoirlínte ón gCoimisiún maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022* ⁽⁷²⁾. Ar an dul céanna, ní chumhdaíonn na Treoirlínte seo cabhair infheistíochta chun torainn an iompair iarnróid a laghdú, ach cumhdaítear í sin sna *Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022* ⁽⁷³⁾ (maille le rialacha sonracha maidir le cabhair chun truailliú seachas truailliú ó gháis ceaptha teasa a chosc nó a laghdú).
47. A mhéid a bhaineann le cabhair san earnáil iarnróid atá ina haisíocaíocht as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis den choincheap de sheirbhís phoiblí, cruthaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ⁽⁷⁴⁾ creat dlíthiúil sonrach um sheirbhísí poiblí iompair

⁽⁶⁷⁾ Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

⁽⁶⁸⁾ Féach fonóta (67).

⁽⁶⁹⁾ Cinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le hAirteagal 106(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí a dheonaítear do ghnóthais áirithe a bhfuil de chúram orthu seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO L 7, 11.1.2012, lch. 3).

⁽⁷⁰⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Creat an Aontais Eorpaigh um Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí* (2011) (IO C 8, 11.1.2012, lch. 15).

⁽⁷¹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Treoirlínte maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022*, (IO C 80, 18.2.2022, lch. 1).

⁽⁷²⁾ Féach fonóta (71).

⁽⁷³⁾ Féach fonóta (71).

⁽⁷⁴⁾ Féach fonóta (31).

do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar (agus d'uiscebhealaí intíre i gcás ina gcinntídh na Ballstáit Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 a chur i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí sin ⁽⁷⁵⁾). Dá bhrí sin, i gcás seirbhísí iompair phoiblí, ní chumhdaíonn na Treoirí seo ach cúiteamh seirbhíse poiblí as seirbhísí iompair lasta iarnróid a sholáthar. Leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh faoi Airteagal 93 den Chonradh go díreach ar chúiteamh seirbhíse poiblí a íoctar as seirbhísí iompair lasta ar uiscebhealaí intíre a sholáthar (agus as seirbhísí iompair do phaisinéirí ar uiscebhealaí intíre a sholáthar mura bhfuil sé faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007).

48. Soiléiríonn na Treoirí seo na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 93 den Chonradh ar chabhair in earnáil an iompair lasta iarnróid chun gnóthais a aisíoc as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis den choincheap de sheirbhís phoiblí a sholáthar ⁽⁷⁶⁾. Léiríonn na coinníollacha prionsabail bhunaithe a leag an Coimisiún amach i gCreat an Aontais Eorpaigh um Státchabhair i bhFoirm Cúitimh Seirbhíse Poiblí ⁽⁷⁷⁾, arb amhlaidh, murab ionann agus *Communication from the Commission on the application of the European Union State aid rules to compensation granted for the provision of services of general economic interest* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar] ('Teachtaireacht SGEI') ⁽⁷⁸⁾, nach infheidhme go díreach an Creat sin maidir le seirbhísí iompair lasta iarnróid toisc go n-eisiatar iompar de thalamh go sainráite óna raon feidhme. Soláthraíonn na Treoirí seo soiléirithe sonracha freisin a bhfuil gá leo mar gheall ar riachtanais shonracha na hearnála iompair de thalamh.
49. Leis na Treoirí seo (Caibidil 6) athdhearbhaítear freisin na prionsabail is infheidhme maidir le sreabha airgeadais laistigh de ghnóthais iarnróid atá comhtháite go hingearach.
50. Tá feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach sna Treoirí seo maidir le scéimeanna um chabhair agus maidir le cabhair aonair, bídis bunaithe ar scéim um chabhair nó á ndeonú ad hoc, mura sonraítear a mhalairt.
51. Tá feidhm ag na Treoirí seo maidir le gnóthais de mhéid ar bith, mura sonraítear a mhalairt.
52. Maidir le gnóthais atá i gcruachás, mar a shainmhínítear sna *Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty* [Treoirí maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu] ón gCoimisiún ⁽⁷⁹⁾, ní féidir leo cabhair a fháil faoi na Treoirí seo toisc nach modh iomchuí i bprionsabal cabhair do ghnóthas atá i gcruachás chun na riachtanais maidir le comhordú an iompair a chomhlíonadh ná chun a áirithiú go soláthrófar seirbhís phoiblí. Sna *Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty* [Treoirí maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu] ón gCoimisiún, leagtar amach na critéir maidir le comhoiriúnacht na cabhrach

⁽⁷⁵⁾ Féach Airteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007, féach fonóta (31).

⁽⁷⁶⁾ Ar mhaithe le soiléireacht, leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach in earnáil an iompair lasta ar uiscebhealaí intíre chun gnóthais a aisíoc as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis de choincheap na seirbhíse faoi Airteagal 93 den Chonradh go díreach.

⁽⁷⁷⁾ Féach fonóta (70).

⁽⁷⁸⁾ Féach fonóta (36).

⁽⁷⁹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty* [Treoirí maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu], (IO C 249, 31.7.2014, lch. 1).

tarrthála agus athstruchtúrúcháin a dheonaítear faoi Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh do na gnóthais uile atá cáilithe mar ghnóthais atá i gcrúachás, lena n-áirítear gnóthais in earnáil an iompair de thalamh, in éagmais treoraíocht shonrach ón gCoimisiún maidir le gnóthais atá i gcrúachás san earnáil sin ⁽⁸⁰⁾.

53. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chabhair i bhfabhar gnóthas atá faoi réir ordú gnóthaithe gan íoc, tar éis cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lena ndearbhaítear cabhair a bheith neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, cuirfidh sé san áireamh méid na cabhrach atá fós le gnóthú ⁽⁸¹⁾.

2.2 Sainmhínithe

54. Chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
- a) ciallaíonn ‘bonneagar rochtana’ aon chineál bonneagair lena bhfuil gá chun a áirithiú go mbeidh rochtain ó thalamh nó ón muir agus ó abhainn ag úsáideoirí ar shaoráid iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre, nó ar shaoráid aonmhóduil iarnróid nó uiscebhealaí intíre, amhail bóithre, rianta iarnróid, cainéil agus loic, agus go mbeidh úsáideoirí in ann teacht isteach ar an talamh, ón muir agus ó abhainn;
 - b) ciallaíonn ‘cabhair ad hoc’ cabhair nach ndeonaítear ar bhonn scéim um chabhair;
 - c) ciallaíonn ‘déine cabhrach’ an t-ollmhéid cabhrach arna ríomh in aghaidh an tairbhí agus arna shloinneadh mar chéatadán de na costais incháilithe. Gach figiúr dá n-úsáidtear, ní mór é a thógáil sula ndéanfar aon asbhaint cánach nó muirear eile;
 - d) ciallaíonn ‘scéim um chabhair’ aon ghníomh ar féidir, gan bearta cur chun feidhme breise a bheith de dhíth, dámhachtainí cabhrach aonair a dhéanamh ar a bhonn do ghnóthais a shainmhínítear sa ghníomh ar bhealach ginearálta teibí agus aon ghníomh ar féidir cabhair nach bhfuil nasctha le tionscadal sonrach a dheonú ar a bhonn do ghnóthas amháin nó do roinnt gnóthas go ceann tréimhse éiginnte agus/nó de mhéid éiginnte;
 - e) ciallaíonn ‘iompar traschórais’ an cineál iompair idirmhóduil a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos maidir le hiompar traschórais sa Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte ⁽⁸²⁾;
 - f) ciallaíonn ‘bonneagar tiomnaithe’ bonneagar arna thógáil ar mhaithe le gnóthas nó gnóthais inaitheanta *ex ante* agus arna shaincheapadh de réir a riachtanas;
 - g) ciallaíonn ‘trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe’ trealamh a úsáidtear i seirbhísí trasloingsithe a ghabhann go teagmhasach le hiompar ilmhódach inbhuanaithe, amhail leathleantóirí iniompartha le craein, cé is moite de threalamh críochfoirt soghluaiste;

⁽⁸⁰⁾ I dTreoirlínte Iarnróid 2008 (féach fonóta (38)) rinneadh foráil maidir le maoluithe ó na rialacha is infheidhme maidir le gnóthais atá i gcrúachás san earnáil lasta iarnróid, a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2009. Ó shin i leith, tá *Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty* [Treoirlínte maidir le státhcabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcrúachás agus athstruchtúir a dhéanamh orthu] ón gCoimisiún, féach fonóta (79), tá feidhm acu ina n-íomláine maidir leis an earnáil iarnróid ar fad.

⁽⁸¹⁾ Féach breithiúnas an 15 Bealtaine 1997, *TWD v an Coimisiún*, C-355/95 P, AE:C:1997:241, míreanna 25 go 27.

⁽⁸²⁾ Féach fonóta (26).

- h) Ciallaíonn ‘clár Eorpach feithiclí’ clár de bhun Airteagal 47(5) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú) ⁽⁸³⁾ agus Airteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre ⁽⁸⁴⁾;
- i) ciallaíonn ‘plean meastóireachta’ doiciméad a chumhdaíonn scéim um chabhair amháin nó níos mó ina bhfuil na heilimintí seo a leanas ar a laghad: cuspóirí na scéime um chabhair a bhfuil meastóireacht le déanamh uirthi, na ceisteanna meastóireachta, na táscairí toraidh, an mhodheolaíocht atá beartaithe chun an mheastóireacht a dhéanamh, na ceanglais maidir le bailiú sonraí, uainiú beartaithe na meastóireachta lena n-áirítear an dáta chun an tuarascáil meastóireachta eatramhach agus an tuarascáil meastóireachta chríochnaitheach a chur isteach, an tuairisc ar an gcomhlacht neamhspleách a dhéanann an mheastóireacht nó na critéir a úsáidtear le haghaidh roghnúcháin agus na módúlachtaí chun poiblíocht na meastóireachta a áirithiú;
- j) ciallaíonn ‘costais sheachtracha an iompair’ a ghineann úsáideoirí iompair nach n-iompraíonn siadsan ach a n-iompraíonn an tsochaí ar fad iad, go háirithe costais a bhaineann le hastaíochtaí ceaptha teasa, truailliú aeir, gortuithe agus básanna, torann agus brú tráchta;
- k) ciallaíonn ‘cabhair aonair’ cabhair ad hoc agus dámhachtainí cabhrach do thairbhíthe aonair ar bhonn scéim um chabhair;
- l) ciallaíonn ‘saoráid uiscebhealaí intíre’ aon saoráid seirbhíse (críochfort nó saoráid chothabhála nó stórála mar shampla) agus a bonneagar rochtana (lena n-áirítear an trealamh fisiciúil nó digiteach is gá chun í a fheidhmiú) atá suite laistigh den Aontas agus a úsáidtear chun iompar ar uiscebhealaí intíre a dhéanamh, cé is moite de shaoráidí nó trealamh atá riachtanach chun gníomhaíochtaí neamhiompair a shaothrú;
- m) ciallaíonn ‘soitheach uiscebhealaí intíre’ soitheach le haghaidh iompar paisinéirí nó lasta a bheartaítear go heisiach nó go príomha le haghaidh na loingseoireachta ar uiscebhealaí intíre nó in uiscí laistigh d’uiscí faoi fhothain, nó gar dóibh;
- n) ciallaíonn ‘iompar idirmhódúil’ gluaiseacht earraí (san aonad luchtaithe ceannann céanna nó san fheithicil cheannann chéanna) trí mhodhanna iompair comhleanúnacha (gan na hearraí féin a láimhseáil agus modhanna á n-athrú);
- o) ciallaíonn ‘aonad luchtaithe idirmhódúil (ILU)’ coimeádán, cabhail shoghluaiste nó leathleantóir/mótarfheithicil bóthair earraí nó cónasc feithiclí a úsáidtear le haghaidh iompar idirmhódúil;
- p) ciallaíonn ‘idir-inoibritheacht’ sreabha tráchta earraí nó paisinéirí gan bhriseadh, go háirithe idir na Ballstáit nó modhanna iompair;

⁽⁸³⁾ Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44)

⁽⁸⁴⁾ Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

- q) ciallaíonn ‘iompar de thalamh’ iompar ar iarnród, iompar ar uiscebhealaí intíre agus iompar ar bóthar⁽⁸⁵⁾;
- r) ciallaíonn ‘trealamh críochfoirt soghluaiste’ trealamh a úsáidtear chun earraí agus aonaid luchtaithe idirmhódúla a luchtú, a dhífluchtú agus a thrasloingsiú, agus chun lasta a bhogadh laistigh de limistéar críochfoirt;
- s) ciallaíonn ‘iompar ilmhódach’ iompar earraí nó paisinéirí le dhá mhód iompair dhifriúla ar a laghad;
- t) ciallaíonn ‘clár náisiúnta’ clár a choinníonn Ballstát de bhun Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁶⁾ nó de bhun Airteagal 17 de Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁷⁾;
- u) ciallaíonn ‘nasc lasta tráchtála nua ar uiscebhealaí intíre’ nasc tráchtála a bhaineann le hoibríochtaí lasta sceidealaithe nua ar uiscebhealaí intíre idir dhá chríochfort ar a laghad nach bhfuil nasctha le seirbhísí lasta sceidealaithe ar feadh 5 bliana ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí ar an nasc áirithe;
- v) ciallaíonn ‘nasc lasta iarnróid tráchtála nua’ nasc tráchtála a bhaineann le hoibríochtaí lasta iarnróid sceidealaithe nua idir dhá chríochfort ar a laghad nach bhfuil nasctha le seirbhísí lasta sceidealaithe ar feadh 5 bliana ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí ar an nasc áirithe;
- w) ciallaíonn ‘nasc iarnróid tráchtála nua do phaisinéirí’ nasc tráchtála a bhaineann le hoibríochtaí iarnróid sceidealaithe nua do phaisinéirí idir dhá chríochfort ar a laghad nach bhfuil nasctha le seirbhísí sceidealaithe do phaisinéirí ar feadh 5 bliana ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí ar an nasc áirithe;
- x) ciallaíonn ‘iontrálaí nua’ san earnáil iarnróid gnóthas iarnróid de réir bhrí Airteagal 3(1) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽⁸⁸⁾, ar gnóthas é a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:
 - (i) fuair sé ceadúnas de bhun Airteagal 17(3) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid le haghaidh na deighleoige ábhartha margaidh níos lú ná 20 bliain sula ndéanfaítear an chabhair;
 - (ii) níl sé nasctha de réir bhrí Airteagal 3(3) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le TBER le gnóthas iarnróid a fuair ceadúnas de réir bhrí Airteagal 3(14) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid roimh an 1 Eanáir 2010;
- y) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí neamhiompair’ seirbhísí tráchtála do ghnóthais iompair nó d’úsáideoirí eile saoráidí nach mbaineann le hiompar aonmhódúil ná ilmhódach ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear seirbhísí coimhdeacha do

⁽⁸⁵⁾ Faoi Airteagal 100 den Chonradh, ní bhaineann Teideal VI ‘Iompar’ den Chonradh i bprionsabal ach amháin maidir le hiompar d’iarnród, de bhóthar agus d’uiscebhealach intíre. Gairtear ‘iompar de thalamh’ de na trí chineál iompair sin go ginearálta, i gcodarsnacht le hiompar ar muir agus d’aer.

⁽⁸⁶⁾ Féach fonóta (83).

⁽⁸⁷⁾ Féach fonóta (84).

⁽⁸⁸⁾ Féach fonóta (8).

phaisinéirí, seoltóirí lasta nó soláthraithe seirbhíse eile, amhail oifigí, siopaí agus óstáin a ligean ar cíós;

- z) ciallaíonn ‘taobhlach príobháideach’ píosa bonneagair iarnróid atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibrítear go príobháideach (lena n-áirítear rianta iarnróid agus aon suiteáil nó trealamh eile lena bhfuil gá chun go mbeidh sé feidhmiúil), lena ndéantar nasc le saoráidí luchtaithe an ghréasáin iarnróid phoiblí nach bhfuil cáilithe mar shaoráidí seirbhíse faoi Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽⁸⁹⁾, mar aon le haon bhonneagar tiomnaithe lena bhfreastalaítear ar pháosa bonneagair iarnróid atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibrítear go príobháideach;
- aa) ciallaíonn ‘críochfort lasta ilmhódach iarnróid agus/nó uiscebhealaí intíre’ struchtúr atá feistithe le haghaidh trasloingsiú idir dhá chóras iarnróid dhifriúla nó idir dhá mhodh iompair ar a laghad (ar iarnród nó uiscebhealaí intíre ceann amháin de na modhanna sin), amhail críochfoirt i gcalafoirt intíre nó mhuirí, feadh uiscebhealaí intíre, in aerfoirt agus in ardáin lóistíochta ilmhódacha;
- bb) ciallaíonn ‘saoráid iompair ilmhódaigh iarnróid agus/nó uiscebhealaí intíre’ saoráid seirbhíse agus a bonneagar rochtana (lena n-áirítear an trealamh fisiciúil nó digiteach lena bhfuil gá chun í a fheidhmiú) atá suite laistigh den Aontas agus a bhfuil gá léi chun iompar ar iarnród agus/nó ar uiscebhealaí intíre a sholáthar in éineacht le modhanna eile iompair, cé is moite de shaoráidí nó trealamh lena bhfuil gá le haghaidh gníomhaíochtaí neamhiompair. Cuimsíonn an sainmhíniú sin críochfoirt lasta ilmhódacha iarnróid agus/nó uiscebhealaí intíre;
- cc) ciallaíonn ‘saoráid iarnróid’ aon saoráid seirbhíse (críochfoirt lasta iarnróid nó saoráid chothabhála nó stórála mar shampla) agus a bonneagar rochtana (lena n-áirítear an trealamh fisiciúil nó digiteach lena bhfuil gá chun í a fheidhmiú) atá suite laistigh den Aontas agus a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽⁹⁰⁾, cé is moite de shaoráidí nó trealamh lena bhfuil gá chun gníomhaíochtaí neamhiompair a dhéanamh;
- dd) ciallaíonn ‘gnóthas iarnróid’ aon ghnóthas poiblí nó príobháideach dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(1) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽⁹¹⁾;
- ee) ciallaíonn ‘rothstoc’ aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, lena n-áirítear aonaid tarraingthe theirmigh nó leictreacha, traenacha féinghluaiste teirmeacha nó leictreacha paisinéirí, agus cóistí paisinéirí;
 - (ii) vaiginí lastais, lena n-áirítear feithiclí ar léibheann íseal arna ndearadh don ghréasáin ar fad agus feithiclí a ceapadh chun leoraithe a iompar;
- ff) ciallaíonn ‘loingseoireacht ghearrthuais’ gluaiseacht lasta agus paisinéirí ar muir idir calafoirt atá lonnaithe go geografach san Eoraip nó idir na calafoirt sin agus

⁽⁸⁹⁾ Féach fonóta (8).

⁽⁹⁰⁾ Féach fonóta (8).

⁽⁹¹⁾ Féach fonóta (8).

calafoirt atá lonnaithe i dtíortha neamh-Eorpacha a bhfuil imeallbhord acu ar na mara intíre ar theorainn na hEorpa ⁽⁹²⁾;

gg) ciallaíonn ‘fiontar beag agus meánmhéide’ (‘FBM’) gnóthas a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le TBER;

hh) ciallaíonn ‘tús oibreacha’ tús na n-oibreacha tógála a bhaineann leis an infheistíocht nó an chéad ghealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí chun trealamh a ordú nó aon ghealltanas eile a fhágann go bhfuil an infheistíocht dochúlaithe, cibé acu sin is luaithe. Ní mheastar gur tús oibreacha é talamh a cheannach ná oibreacha ullmhúcháin, amhail ceadanna a fháil agus staidéir indéantachta a dhéanamh. Maidir le tathcheangail, ciallaíonn ‘tús oibreacha’ an tráth a fhaightear na sócmhainní a bhaineann go díreach leis an mbunaíocht arna fáil;

ii) ciallaíonn ‘iompar inbhuanaithe de thalamh’ iompar earraí nó paisinéirí ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre nó ar iompar ilmhódach inbhuanaithe i gcás ina mbeidh rogha mhalartach ar an iompar céanna ann a chruthódh costais sheachtracha níos airde;

jj) ‘ciallaíonn ‘iompar ilmhódach inbhuanaithe’ iompar earraí nó paisinéirí le dhá mhód iompair dhifriúla ar a laghad, i gcás inarb é ceann amháin ar a laghad de na modhanna iompair a úsáidtear iompar ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre, nó ar bóthar má chomhcheanglaítear an modh deireanach sin le loingseoireacht ghearrthuais;

kk) ciallaíonn ‘feidhmchláir teileamaitice’ aon cheann de na feidhmchláir seo a leanas:

(i) feidhmchláir le haghaidh seirbhísí do phaisinéirí, amhail córais a sholáthraíonn faisnéis do phaisinéirí roimh an turas agus lena linn, córais áirithinte agus íocaíochta, bainistiú bagáiste agus bainistiú nasc idir traenacha agus le modhanna iompair eile;

(ii) feidhmchláir le haghaidh seirbhísí lasta, amhail córais faisnéise (faireachán fíor-ama ar lasta agus ar thraenacha), córais cogairsithe agus leithdháilte, córais áirithinte, íocaíochta agus sonrasctha, bainistiú nasc le modhanna iompair eile agus táirgeadh doiciméad leictreonach tionlacain;

ll) ciallaíonn ‘oibreoir iompair’ aon ghnóthas a iompraíonn paisinéirí agus/nó lasta in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh;

mm) ciallaíonn ‘eagraí iompair’ aon ghnóthas a eagraíonn iompar earraí agus a dhéanann an rogha dá réir sin idir modhanna iompair (amhail cuideachtaí lóistíochta, seoltóirí lasta, oibreoirí iompair ilmhódaigh);

nn) ciallaíonn ‘feithicil le haghaidh iompar ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre’ soitheach uiscebhealaí intíre nó rothstoc.

⁽⁹²⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *The Development of Short Sea Shipping in Europe* [Forbairt na Loingseoireachta Gearrthuais san Eoraip]: *A dynamic alternative in a sustainable transport chain - Second two-yearly progress report* [Rogha mhalartach dhinimiciúil i slabhra iompair inbhuanaithe - An dara tuarascáil ar bhonn dhá bhliain ar dul chun cinn], COM (1999) 317 final, 29.6.1999.

2.3 Struchtúr na dTreoirlínte

55. I gCaibidil 3 soiléirítear cé na bearta in earnáil an iompair de thalamh nach gá fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith sula gcuirfear chun feidhme iad.
56. I gCaibidil 4 leagtar amach na bearta a chumhdaíonn na Treoirlínte seo faoi Airteagal 93 den Chonradh. I Roinn 4.1 leagtar amach na coinníollacha comhoiriúnachta a bhfuil feidhm acu go ginearálta maidir le cabhair a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair. I Roinn 4.2 leagtar amach coinníollacha comhoiriúnachta sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le cineálacha difriúla beart cabhrach a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair. I gCaibidil 5 soiléirítear na coinníollacha comhoiriúnachta a bhfuil feidhm acu maidir le bearta cabhrach chun aisíocaíocht a thabhairt as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis den choincheap de sheirbhís phoiblí. I gCaibidil 6 meabhraítear na prionsabail is infheidhme maidir leis na sreabha airgeadais laistigh de ghnóthais iarnróid atá comhtháite go hingearach.
57. I gCaibidil 7 leagtar amach na coinníollacha faoina dteastóidh meastóireacht *ex post* ón gCoimisiún ar scéimeanna faoina dtugtar fógra faoi Airteagal 93 den Chonradh.
58. I gCaibidil 8 leagtar amach na hoibleagáidí tuairiscithe agus faireacháin atá ar na Ballstáit a dheonaíonn cabhair faoi Airteagal 93 den Chonradh.
59. I gCaibidilí 9 agus 10 cumhdaítear fad na dTreoirlínte seo agus an amlíne le haghaidh a n-athbhreithnithe.

3. BEARTA NACH BHFUIL FAOI RÉIR FÓGRA A THABHAIRT

60. I gcás ina gcomhlíonfaidh idirghabháil Stáit na critéir chun bheith cáilithe mar Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ⁽⁹³⁾, i bprionsabal, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún fúithi de bhun Airteagal 108(3) den Chonradh.
61. Níl státchabhair in earnáil an iompair de thalamh faoi réir an cheanglais fógra de bhun Airteagal 108(3) den Chonradh má chomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos i rialachán maidir le blocdhíolúine arna ghlacadh ag an gCoimisiún, bíodh sé de bhun Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2022/2586 ⁽⁹⁴⁾ ón gComhairle nó de bhun Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle ⁽⁹⁵⁾.
62. Maidir leis sin, cumhdaíonn TBER catagóirí áirithe Státchabhrach a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair in earnáil an iompair de thalamh. I gcás na

⁽⁹³⁾ A mhéid a bhaineann le coincheap na Státchabhrach, tagraíonn an Coimisiún dá Fhógra maidir le coincheap na Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, C/2016/2946 (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1). Mar a léirítear i bpointe 211 den fhógra sin, déantar éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit nó saobhadh ar iomaíocht a eisiáimh de ghnáth a mhéid a bhaineann le bonneagar a thógáil i gcásanna inarb amhlaidh an tráth céanna (i) nach bhfuil aon iomaíocht dhíreach roimh bhonneagar go hiondúil, (ii) nach suntasach an maoiniú príobháideach atá san earnáil ná sa Bhallstát lena mbaineann agus (iii) nach bhfuil an bonneagar ceaptha chun fabhar roghnaíoch a thabhairt do ghnóthas nó d'earnáil shonrach ach soláthraítear tairbhí don tsochaí i gcoitinne leis.

⁽⁹⁴⁾ Rialachán (AE) 2022/2586 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 maidir le hAirteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh (IO L 338, 30.12.2022, lch. 35).

⁽⁹⁵⁾ Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith catagóirí áirithe Státchabhrach cothrománaí (IO L 248, 24.9.2015, lch. 1).

beart cabhrach sin, má dheonaítear iad i gcomhréir leis na coinníollacha comhoiriúnachta is infheidhme a leagtar amach in TBER, ní thagann aon saobhadh suntasach ar iomaíocht ná ar thrádáil chun cinn dá mbarr, agus dá bhrí sin meastar iad a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 93 den Chonradh agus níl siad faoi réir an cheanglais fógra.

63. Ina theannta sin, tá forálacha i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ⁽⁹⁶⁾ lena bhféadfaí cabhair in earnáil an iompair de thalamh a dhíolmhú ón gceanglas fógra. Mar shampla, d'fhéadfadh cabhair le haghaidh calafoirt intíre a bheith blocdhíolmhaithe faoi Airteagal 56c den Rialachán sin. Fad nach ndéantar an chabhair sin a cheapadh go príomha chun na riachtanais maidir le comhordú an iompair a chomhlíonadh ach chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, agus a dheonaítear í i gcomhréir leis na coinníollacha comhoiriúnachta is infheidhme a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ⁽⁹⁷⁾, meastar na bearta cabhrach sin a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh toisc nach dtagann aon saobhadh suntasach ar iomaíocht ná ar thrádáil chun cinn dá mbarr.
64. Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 2023/2831 ón gCoimisiún ⁽⁹⁸⁾ maidir le hiompar de thalamh freisin. Ar an gcaoi chéanna, cúiteamh a dheonaítear do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta in earnáil an iompair de thalamh, cumhdaítear é le Rialachán (AE) Uimh. 2023/2832 ón gCoimisiún ⁽⁹⁹⁾. Meastar nach mbeidh aon tionchar ag bearta a chomhlíonann critéir na Rialachán sin ar iomaíocht ná ar thrádáil sa mhargadh inmheánach. Níl na bearta *de minimis* sin faoi réir ceanglas fógra toisc go meastar nach gcomhlíonann siad critéir uile Airteagal 107(1) den Chonradh.

4. CABHAIR A CHOMHLÍONANN NA RIACHTANAIS MAIDIR LE COMHORDÚ AN IOMPAIR

4.1 Coinníollacha comhoiriúnachta ginearálta

65. Cuirtear i láthair sa roinn seo na coinníollacha comhoiriúnachta ginearálta is infheidhme maidir leis na catagóirí cabhrach a shonraítear i Roinn 4.2. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar cé acu an gcomhlíonann bearta cabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh inbhuanaithe na riachtanais maidir le comhordú an iompair faoi Airteagal 93 den Chonradh, déanfaidh sé anailís ar chomhlíonadh na bprionsabal a leagtar amach sa roinn seo (pointí ó 66 go 86). Leis na coinníollacha a leagtar síos i Roinn 4.2 le haghaidh gach catagóir cabhrach sonraí, soláthraítear soiléirithe ar choinníollacha áirithe de na coinníollacha comhoiriúnachta ginearálta a chuirtear i láthair sa roinn seo, go háirithe i Roinn 4.1.1 (Key compatibility conditions).

⁽⁹⁶⁾ Féach fonóta (67).

⁽⁹⁷⁾ Féach fonóta (67).

⁽⁹⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2023/2831 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair de minimis (IO L, 2023/2831, 15.12.2023, lch. 1).

⁽⁹⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2023/2832 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar chabhair de minimis arna deonú do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí ar lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (IO L, 2023/2832, 15.12.2023, lch. 1).

4.1.1 *Príomhchoinníollacha comhoiriúnachta*

Rannchuidiú leis na riachtanais maidir le comhordú an iompair

66. Ní mór don chabhair rannchuidiú leis an earnáil iompair de thalamh a fhorbairt i dtreo iompar inbhuanaithe de thalamh agus/nó margadh comhtháite AE a comhlánú ina n-áiritheofar sreabha tráchta earraí agus paisinéirí gan bhriseadh idir gréasáin náisiúnta agus modhanna iompair, agus na riachtanais maidir le comhordú an iompair a chomhlíonadh dá réir sin.

Riachtanas na cabhrach

67. Ní mór an chabhair a bheith riachtanach, chun cuspóir chomhordú an iompair arna shainaithint leis an mbeart sonrach, a chomhlíonadh i gcomhréir le pointe 66. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás ina ndíreofar an chabhair ar chliseadh margaidh sonrach (i.e. cás inar féidir forbairt ábhartha a dhéanamh ar earnáil an iompair de thalamh leis an gcabhair, ar forbairt í nach féidir leis an margadh amháin a sholáthar, e.g. i dtreo iompar inbhuanaithe de thalamh agus/nó i dtreo margadh comhtháite AE a chomhlánú ina n-áiritheofar sreabha tráchta earraí agus paisinéirí gan bhriseadh idir gréasáin náisiúnta agus modhanna iompair). D'fhéadfadh clistí margaidh a dhéanann dochar don aistriú chuig cineálacha inbhuanaithe iompair de thalamh tarlú mar shampla i gcás (i) ina mbeidh éagothromaíochtaí praghais ann idir cineálacha iompair difriúla de dheasca seachtrachtaí diúltacha nach gcuirtear san áireamh, (ii) ina mbeidh deacrachtaí roimh oibreoirí margaidh rochtain a fháil ar mhaoiniú margaidh de dheasca neamhshiméadrachtaí faisnéise, (iii) ina gclisfear ar an gcomhordú idir gníomhaithe margaidh, nó, ar bhonn níos ginearálta, (iv) ina mbeidh infheistíochtaí ann lena mbaineann seachtrachtaí dearfacha ach nach bhfuil sách brabúsach don tairbhí féideartha.

Oiriúnacht na cabhrach

68. Ní mór an chabhair a bheith iomchuí chun an cuspóir sainaitheanta maidir le comhordú an iompair a chomhlíonadh. I bprionsabal, ní mheastar go bhfuil cabhair iomchuí más féidir an toradh céanna a bhaint amach trí ionstraim beartais nach bhfuil chomh saobhach sin (amhail ionstraimí margadhbhunaithe nó rialála) nó trí fhoirm ionstraime cabhrach nach bhfuil chomh saobhach sin (amhail ráthaíochtaí nó airleacain in-aisíochta), seachas trí ionstraimí neamh-inaisíochta a sholáthar, amhail deontais dhíreacha.

Éifeacht dreasachta na cabhrach

69. Ní mór an tairbhí a spreagadh leis an gcabhair chun a iompraíocht a athrú nó chun dul i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch bhreise, ar gníomhaíocht í sin nach ndéanadh sé gan an chabhair nó a ndéanadh sé méid gníomhaíochta a bheadh níos lú nó difriúil dá huireasa. Is éard atá i gceist le héifeacht dreasachta a sholáthar an cás fíorasach agus an cás frithfhíorasach is dócha a bheadh ann, in éagmais na cabhrach, a shainaithint ⁽¹⁰⁰⁾.

⁽¹⁰⁰⁾ Ní mór an cás sin a bheith inchreidte, fíor agus ní mór baint a bheith aige le tosca cinnteoireachta atá forleathan tráth a dhéanfaidh tairbhí na cabhrach cinneadh maidir leis an tionscadal. Is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as doiciméid oifigiúla an bhoird, measúnuithe riosca, tuarascálacha airgeadais, pleananna gnó inmheánacha, tuairimí saineolacha agus staidéir eile a bhaineann leis an tionscadal atá á mheasúnú. Doiciméid ina bhfuil faisnéis faoi réamhaisnéisí éilimh, réamhaisnéisí costas, réamhaisnéisí airgeadais, doiciméid arna gcur faoi bhráid coiste infheistíochta agus ina bhformhínítear cásanna infheistíochta/oibriúcháin nó doiciméid arna soláthar do na hinstitiúidí airgeadais, d'fhéadfaidís cuidiú leis na Ballstáit an éifeacht dreasachta a léiriú. Ní mór na doiciméid sin a bheith comhaimseartha leis an bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis an tionscadal nó leis an gníomhaíocht.

70. Ina theannta sin, maidir le cabhair infheistíochta go sonrach, níl éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chuirtear tús leis na hoibreacha ar an tionscadal sula ndéanann an tairbhí iarratas ar chabhair i scríbhinn chuig na húdaráis phoiblí ábhartha ⁽¹⁰¹⁾. Nuair a chuireann an tairbhí tús le hoibreacha ar thionscadal sula ndéanann sé iarratas ar chabhair, ní mheasfar go bhfuil aon chabhair a dheonófar le haghaidh an tionscadail sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. I bprionsabal, níl aon éifeacht dreasachta ag cabhair a dheonaítear chun comhlíonadh na gcostas a bhaineann le caighdeáin an Aontais a chumhdach. Mar riail ghinearálta, is féidir éifeacht dreasachta a bheith ag cabhair chun caighdeáin is airde ná caighdeáin an Aontais a chomhlíonadh, agus ag cabhair den sórt sin amháin. Mar sin féin, i gcásanna inar glacadh an caighdeán ábhartha de chuid an Aontais cheana féin ach nach bhfuil sé i bhfeidhm go fóill, is féidir éifeacht dreasachta a bheith ag cabhair má dhreasaíonn sí an infheistíocht atá le cur chun feidhme agus le tabhairt i gcrích ar a laghad 12 mhí sula dtiocfaidh an caighdeán i bhfeidhm, mura léirítear a mhalairt sna Ranna ó 4.2.2.1 go 4.2.2.5. Ionas nach mbeidh drogall ar na Ballstáit caighdeáin náisiúnta éigeantacha a leagan síos a bheidh níos déine nó níos uailmhianáí ná na caighdeáin chomhfhreagracha de chuid an Aontais, d'fhéadfadh éifeacht dreasachta a bheith ag bearta cabhrach gan beann ar na caighdeáin náisiúnta sin a bheith ann. Is amhlaidh atá i gcás na cabhrach a dheonaítear i bhfianaise caighdeán náisiúnta éigeantach a ghlactar gan caighdeáin de chuid an Aontais a bheith ann.

Comhréireacht na cabhrach.

71. Ba cheart méid na cabhrach in aghaidh an tairbhí a bheith teoranta don íosmhéid is gá chun an tairbhí a dhreasú chun an tionscadal nó an ghníomhaíocht dá dtugtar cabhair a dhéanamh. Féadfar an t-íosmhéid sin a shainithint mar chéatadán de chostais incháilithe an tionscadail nó na gníomhaíochta dá dtugtar cabhair, mar a shonraítear faoi gach catagóir shonrach i Roinn 4.2. Cé go ndéantar an measúnú comhréireachta ó thaobh *ex ante* de i gcoitinne, i gcásanna eisceachtúla ina mbeidh forbairtí amach anseo maidir le costais agus ioncaim faoi réir ardleibhéal éiginnteachta agus ina mbeidh neamhshiméadracht láidir ó thaobh faisnéise de ann, d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair an méid Státchabhrach lena bhfuil gá a shainiú ar bhonn iomlán *ex ante*; i gcásanna den sórt sin, seachas cainníochtú *ex ante*, féadfaidh na Ballstáit sásraí *ex post* a thabhairt isteach amhail aisghlámadh nó faireachán costas chun comhréireacht a áirithiú, agus an tráth céanna, dreasachtaí a choimeád ar mhaithe leis na tairbhíthe chun a gcostais a íoslaghdú agus a ngnó a fhorbairt ar bhealach níos éifeachtúla le himeacht ama.
72. Maidir le cabhair infheistíochta, mura sonraítear a mhalairt i gcás na gcatagóirí sonracha cabhrach a shonraítear i Roinn 4.2.2, meastar go bhfuil an chabhair comhréireach má chomhfhreagraíonn sí don ghlanchoistas breise lena bhfuil gá chun cuspóir an bhirt cabhrach a chomhlíonadh, i gcomparáid leis an gcás frithfhíorasach in éagmais cabhrach ('an bhearna chistiúcháin'). Chun an bhearna chistiúcháin a ríomh, is gá an méid seo a leanas a ríomh:
- a) na hioncaim agus costais mheasta, lena n-áirítear luach infheistíochta, oibriúcháin agus intreach an tionscadail ('cás fíorasach') agus ioncaim agus costais mheasta an tionscadail mhalartaigh is inchreidte a dhéanfaidh tairbhí na cabhrach in éagmais cabhrach ('cás fíorasach');

⁽¹⁰¹⁾ D'fhéadfadh an t-iarratas ar chabhair a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear tairiscint i bpróiseas tairisceana iomaíoch chun an ghníomhaíocht fóirdheonaithe a dhámhachtain, mar shampla. Ní mór ainm an iarratasóra a bheith ar áireamh in aon iarratas ar a laghad, mar aon le tuairisc ar an tionscadal nó ar an ghníomhaíocht, lena n-áirítear a shuíomh, agus an méid cabhrach lena bhfuil gá chun é nó í a dhéanamh.

- b) meánchostas ualaithe measta caipitil ('WACC') an tairbhí chun sreabhadh airgid todhchaí a lascainiú;
 - c) an glanluach láithreach ('NPV') le haghaidh na gcásanna fíorasacha agus frithfhíorasacha, i gcaitheamh shaolré an tionscadail.
73. Bunaithe ar na heilimintí a liostaítear i litreacha ó (a) go (c), is í an bhearna chistiúcháin an difríocht idir NPVanna an tionscadail sa chás fíorasach agus sa chás frithfhíorasach, i gcaitheamh shaolré an tionscadail, arna lascainiú ar leibhéal WACC. Ní mór na toimhdí agus na roghanna modheolaíochta uile atá mar bhun le ríomh na bearna cistiúcháin a mhíniú agus bunús a thabhairt leo. San anailís ar chásanna fíorasacha agus frithfhíorasacha araon, ní mór aon bheart Státchabhrach atá ann cheana nó atá beartaithe a chur san áireamh, amhail cabhair oibriúcháin agus/nó cineál difriúil cabhrach infheistíochta ábhartha a dhéanann difear don anailís ar an mbearna chistiúcháin.
74. Sampla de chás frithfhíorasach is ea nach ndéanann an tairbhí gníomhaíocht nó infheistíocht nó go leanann sé de bheith i mbun gnó gan athruithe. I gcás ina dtacóidh an fhianaise leis gur cás frithfhíorasach inchreidte é sin, féadfar an bhearna chistiúcháin a neasú le leibhéal NPV diúltach an tionscadail sa chás fíorasach gan chabhair i gcaitheamh shaolré an tionscadail (ag glacadh leis go hintuigthe gur nialas é NPV an cháis fhrithfhíorasaigh) ⁽¹⁰²⁾.

Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint

75. Níor cheart leasanna ginearálta an Aontais a chur i mbaol leis an saobhadh iomaíochta is gné dhílis de chabhair ⁽¹⁰³⁾. Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar cé acu an teoranta iad éifeachtaí diúltacha an bhirt ar iomaíocht agus ar thrádáil, féadfaidh sé an tionchar intuartha a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart cabhrach a mheas, go háirithe más cabhair ad hoc atá i gceist leis, ar iomaíocht idir gnóthais atá ag oibriú sa mhargadh nó sna margaí iompair lena mbaineann, lena n-áirítear margaí réamhtheachtacha nó iartheachacha, agus an riosca go gcruthófar róthuilleadh a mheas freisin.
76. I bprionsabal, measann an Coimisiún gur lú seans go mbeidh éifeacht dhiúltach ag scéimeanna um chabhair ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit ná mar a bheadh ag cabhair ad hoc. Ar aon chuma, chun teorainn a chur le haon éifeacht dhiúltach ar iomaíocht agus ar thrádáil, ní fhormheasfaidh an Coimisiún scéimeanna um chabhair oibriúcháin ach ar feadh uasfhad 5 bliana agus scéimeanna um chabhair infheistíochta ar feadh uasfhad 10 mbliana ⁽¹⁰⁴⁾. Más mian le Ballstát síneadh a chur le scéim um chabhair

⁽¹⁰²⁾ In éagmais tionscadal malartach, fíoróidh an Coimisiún nach mó an méid cabhrach ná an t-íosmhéid lena bhfuil gá chun go mbeidh an tionscadal dá dtugtar cabhair sách brabúsach, trí bhíthin é a bheith indéanta ráta toraidh inmheánach ('IRR') a bhaint amach a chomhfhreagróidh don tagarmharc nó don íosráta toraidh a bhaineann go sonrach leis an earnáil nó leis an ngnóthas. Gnáthrátaí toraidh lena mbíonn gá ag an tairbhí i dtionscadail infheistíochta eile de chineál comhchosúil, a chostas caipitil ina iomláine nó torthaí a fheictear go coitianta sa tionscal lena mbaineann, féadfar iad sin a úsáid chun na críche sin freisin. Ní mór na costais agus na tairbhí ábhartha uile lena bhfuil coinne a ríomh i gcaitheamh shaolré an tionscadail.

⁽¹⁰³⁾ Cé nach bhfuil aon choibhéis in Airteagal 93 den Chonradh leis an dara habairt d'Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh, nach féidir a dhearbhu dá bhun go bhfuil cabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ach amháin i gcás nach ndéanann sí dochar do dhálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas coiteann, tá sé curtha in iúl go soiléir ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cheana féin nach mór don Choimisiún a fhíorú, agus measúnú á dhéanamh aige ar bheart cabhrach faoi Airteagal 93 den Chonradh, nach gcuireann an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol, féach breithiúnas an 12 Deireadh Fómhair 1978, *An Coimisiún v an Bheilg*, 156/77, a luaitear i bhfonóta 30, mír 10.

⁽¹⁰⁴⁾ Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí cabhair a dheonú faoi scéimeanna formheasta laistigh d'uastréimhse 5 bliana (i gcás scéimeanna um chabhair oibriúcháin) nó 10 mbliana (i gcás scéimeanna um chabhair infheistíochta)

ar feadh tréimhse is faide ná na tréimhsí sin, ba cheart dó fógra nua a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun go mbeidh sé in ann athscrúdú a dhéanamh ar an scéim i bhfianaise na dtorthaí a fuarthas agus, i gcás inarb iomchuí, chun athnuachan na scéime a údarú.

4.1.2 Forálacha eile de dhlí an Aontais a chomhlíonadh

77. Ní féidir a dhearbhu go bhfuil stáitchabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach más rud é go bhfuil sárú ar dhlí an Aontais i gceist leis an gcabhair nó leis na módúlachtaí atá nasctha ar bhealach chomh do-dhíscailte sin le cuspóir na cabhrach go bhfuil sé dodhéanta meastóireacht a dhéanamh orthu ar leithligh (lena n-áirítear an modh maoiniúcháin nuair is cuid dhílis den bheart é¹⁰⁵). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina bhfuil oibleagáid ar an tairbhí, chun an chabhair a fháil, a cheanncheathrú a bheith aige sa Bhallstát lena mbaineann nó a bheith bunaithe den chuid is mó sa Bhallstát sin nó ina bhfuil sé d'oibleagáid ar an tairbhí earraí a tháirgtear go náisiúnta nó seirbhísí náisiúnta a úsáid.

4.1.3 Carnadh

78. Féadfar cabhair a dhámhachtain i gcomhthráth faoi roinnt scéimeanna um chabhair nó féadfar í a charnadh le cabhair ad hoc nó *de minimis* lena gcumhdófar na costais incháilithe céanna, ar choinníoll nach róchúiteamh a bheidh ann de thoradh mhéid iomlán na cabhrach le haghaidh na gcostas incháilithe céanna ná nach mó an méid iomlán sin ná uasmhéid na cabhrach a cheadaítear faoi na Treoirí seo. Má cheadaíonn an Ballstát cabhair faoi bheart amháin a charnadh le cabhair faoi bhearta eile le haghaidh na gcostas incháilithe céanna, ní mór dó, i gcás gach birt, an modh a úsáidtear chun a áirithiú go gcomhlíonfar an choinníoll sin a shonrú.
79. Cistiú ón Aontas a bhainistítear go lárnach agus nach bhfuil faoi rialú ag an mBallstát go díreach ná go hindíreach, ní Stáitchabhair é sin. I gcás ina ndéanfar cistiú ón Aontas a chomhcheangal le Stáitchabhair, ní mór don Bhallstát a áirithiú nach mbeidh róchúiteamh ann de thoradh mhéid iomlán an chistithe phoiblí a dheonaítear le haghaidh na gcostas incháilithe céanna.

4.1.4 Trédhearcacht

80. Ní mór cabhair a dhámhachtain ar bhealach trédhearcach.
81. I gcás ina ndeonófar cabhair i bhfoirm nach deontas í, ní mór méid na cabhrach a chomhshó ina choibhéis le deontas comhlán. Ní mór cabhair is iníoctha i roinnt tráthchodanna a ríomh de réir a luach an tráth a deonaíodh í. An ráta úis a úsáidfear chun críoch lascainithe agus chun méid na cabhrach in iasacht ar lacáiste a ríomh (¹⁰⁶), sin é an ráta tagartha is infheidhme tráth an deonaithe, arna shocrú i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar an modh chun na rátaí tagartha agus lascaine a shocrú (¹⁰⁷).
82. Chun éifeachtaí diúltacha cabhrach a laghdú trí áirithiú go mbeidh rochtain ag iomaitheoirí ar fhaisnéis ábhartha maidir le gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht, ní mór

ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair comhoiriúnach.

(¹⁰⁵) Féach breithiúnais an 22 Márta 1977, *Iannelli & Volpi SpA*, 74/76, EU:C:1977:51, mír 14, an 15 Meitheamh 1993, *Matra SA v An Coimisiún*, C-225/91, EU:C:1993:239, mír 41, agus an 31 Eanáir 2023, *An Coimisiún v Braesch agus Eile*, C-284/21 P, EU:C:2023:58, míreanna 96 go 99.

(¹⁰⁶) Iasacht lena ngabhann ráta úis atá faoi bhun ráta an mhargaidh.

(¹⁰⁷) IO C 14, 19.1.2008, lch. 6.

don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go bhfoilseofar, i modúl an Choimisiúin maidir le trédhearcacht dámhachtana ⁽¹⁰⁸⁾ nó ar shuíomh gréasáin cuimsitheach maidir le Státchabhair, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, na nithe seo a leanas:

- a) téacs iomlán chinneadh deontais na cabhrach aonair nó na scéime formheasta um chabhair agus a fhorálacha cur chun feidhme, nó nasc leis;
 - b) faisnéis maidir le gach dámhachtain cabhrach aonair is mó ná EUR 100 000 agus úsáid á baint as an struchtúr in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Treoirlínte seo ⁽¹⁰⁹⁾.
83. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a suíomhanna gréasáin cuimsitheacha maidir le Státchabhair, dá dtagraítear i bpointe 82, ceaptha chun rochtain éasca ar an bhfaisnéis a sholáthar. Ní mór dóibh an fhaisnéis a fhoilsiú i bhformáid scarbhileoige sonraí neamhdhílsithe, lena bhféadfar na sonraí a chuardach, a bhaint amach, a íoslódáil agus a chomhroinnt go héasca ar an idirlíon, i bhformáid CSV nó XML mar shampla. Ní mór rochtain a bheith ag an pobal i gcoitinne ar an suíomh gréasáin gan srianta, lena n-áirítear réamhchlárú úsáideora.
84. I gcás scéimeanna i bhfoirm buntáistí cánach, measfar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 82(b)) a bheith comhlíonta má fhoilsíonn na Ballstáit an fhaisnéis a theastaíonn maidir le méideanna cabhrach aonair sna réimsí seo a leanas (in EUR milliúin):

0.1 -0.5;
0.5-1;
1-2;
2-5;
5-10;
10-30;
30-60;
60-100;
100-250; agus
250 agus os a chionn.

85. Ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 82(b) a fhoilsiú laistigh de 6 mhí ón dáta a deonaíodh an chabhair, nó, le haghaidh cabhrach i bhfoirm buntáistí cánach, laistigh de 1 bhliain amháin ón dáta a bheidh an dearbhú cánach dlite ⁽¹¹⁰⁾. I gcás cabhair atá neamhdhleathach ach a chinntear dá éis sin a bheith comhoiriúnach, ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis sin a fhoilsiú laistigh de 6 mhí ón gcinneadh ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair comhoiriúnach. Chun forfheidhmiú na rialacha

⁽¹⁰⁸⁾ Cuardach Poiblí maidir le Trédhearcacht na Státchabhrach, ar fáil ag: <https://webgate.ec.europa.eu/competition/transparency/public?lang=ga>.

⁽¹⁰⁹⁾ Ar iarraidh réasúnaithe ó Bhallstát, féadfar an ceanglas sin a tharscaoileadh más rud é go ndéanfaidh foilsíú mionsonraithe iomlán dochar don iomaíocht i bpróisis leithdháilte dá éis sin, mar shampla, trí thairiscintí straitéiseacha a cheadú.

⁽¹¹⁰⁾ Mura bhfuil aon cheanglas foirmiúil ann maidir le dearbhú bliantúil, is é an 31 Nollaig den bhliain ar deonaíodh an chabhair ina leith an dáta deonaithe chun críoch ionchódaithe.

maidir le Státchabhair faoin gConradh a chumasú, ní mór an fhaisnéis a bheith ar fáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad ón dáta a deonaíodh an chabhair.

86. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin naisc chuig na suíomhanna gréasáin maidir le Státchabhair dá dtagraítear i bpointe 82(b)).

4.2 Coinníollacha comhoiriúnachta le haghaidh catagóirí sonracha cabhrach chun iompar a chomhordú

87. Soláthraítear soiléirithe sa roinn seo ar roinnt gnéithe de na príomhchoinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach i Roinn 4.1.1 le haghaidh gach cineál cabhrach a chumhdaíonn na Treoirlínte seo chun iompar a chomhordú.

4.2.1 Cabhair oibriúcháin

4.2.1.1 Cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair

88. Déantar foráil sna Treoirlínte seo maidir le rialacha i dtaca le cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair ar cabhair í is féidir a dheonú d'oibreoirí iompair agus/nó d'eagraithe iompair a roghnaíonn réitigh inbhuanaithe iompair de thalamh.
89. Le cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair, is féidir díriú ar oibríochtaí iompair ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre agus/nó ar oibríochtaí iompair ilmhódaigh inbhuanaithe (i.e. iad sin lena n-áirítear ar a laghad céim iompair amháin ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre nó le loingseoireacht ghearrthuais).
90. Chun cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair a mheas mar chabhair atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ní mór di na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa roinn seo agus i Roinn 4.1 a chomhlíonadh.

Rannchuidiú leis na riachtanais maidir le comhordú an iompair

91. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 66, measann an Coimisiún gur féidir le cabhair oibriúcháin chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair aistriú módach chuig iompar inbhuanaithe de thalamh a chothú ar choinníoll go dtugtar aghaidh leis an gcabhair sin ar na héagothromaíochtaí praghais idir modhanna iompair dhifriúla de thalamh agus go gcuirtear ina luí ar úsáideoirí iompair léi modhanna inbhuanaithe iompair de thalamh a roghnú. Tagann éagothromaíochtaí praghais chun cinn i gcás nach gcuirtear seachtrachtaí diúltacha san áireamh go leordhóthanach i bpraghas na seirbhíse iompair de thalamh.

Riachtanas na cabhrach

92. Ag an gcéim seo d'fhorbairt an mhargaidh iompair, ní chuirtear costais sheachtracha an iompair san áireamh go leordhóthanach i bpraghas na seirbhísí iompair. Is é an toradh atá air sin nach léiríonn praghas na seirbhísí sin go hiomlán an costas sochaíoch a bhaineann leis an mbunmhodh iompair. Léirigh SSMS, chun praghsáil chóir agus éifeachtúil a sholáthar ar fud na modhanna iompair uile, go bhfuil gá le tacar cuimsitheach beart ⁽¹¹¹⁾. D'fhágfadh praghsáil den sórt sin go mbeadh ar thruaillitheoirí agus úsáideoirí glacadh le lánfhreagracht as na costais a ghineann siad agus chuideodh sé le húsáideoirí roghanna a

⁽¹¹¹⁾ Féach pointe 47 den SSMS a luaitear i bhfonóta (20).

dhéanamh a bheadh ailínithe leis an rud is fearr don tsochaí. Sa straitéis, níl coinne leis go gcuirfear costais sheachtracha san áireamh go hiomlán laistigh den Aontas ach faoi 2050. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le cabhair chun laghdú a dhéanamh ar na costais sheachtracha sin roimh an dáta sin chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chomhlíonadh.

93. Is minic nach mbíonn seirbhísí iompair inbhuanaithe de thalamh iomaíoch le roghanna malartacha níos truaillithí amhail seirbhísí iompair nach dtéann ach ar bhóithre amháin. Fad nach léiríonn praghas sheirbhísí níos truaillithí na hiomaíochta a gcostas don tsochaí go hiomlán, ní dócha go ndéanfaidh an margadh, dá dheoin féin, leibhéal imscartha de mhodhanna iompair inbhuanaithe de thalamh a áirithiú a bheidh i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 67, measann an Coimisiún, i bhfianaise na seachtrachtaí diúltacha atá bainteach le modhanna iompair atá in iomaíocht le modhanna inbhuanaithe, amhail iompar ar bóthar agus eitlíocht, go bhfuil gá le cabhair oibriúcháin chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair chun tacú le haistriú módach chuig iompar ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre agus iompar ilmhódach inbhuanaithe.

Oiriúnacht na cabhrach

94. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, measann an Coimisiún go bhfuil cabhair chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha an iompair ina hionstraim iomchuí ⁽¹¹²⁾ chun an t-aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe de thalamh a choinneáil ar bun nó a mhéadú, má thugtar aghaidh leis an gcabhair sin ar na héagothromaíochtaí praghaís idir na modhanna iompair dhifriúla, arb iad seachtrachtaí diúltacha is cúis leo, agus má chuirtear ina luí ar úsáideoirí iompair leis an gcabhair sin modhanna inbhuanaithe iompair de thalamh a roghnú.

Éifeacht dreasachta na cabhrach

95. Leis an gcabhair, ba cheart cothabháil nó méadú an aistrithe chuig modhanna iompair inbhuanaithe de thalamh a dhreasú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 69. Chun na prionsabail ghinearálta sin a chomhlíonadh agus chun a áirithiú go mbeidh athrú ar iompar an tairbhí ann agus go ndreasófar aistriú módach de thoradh na cabhrach, ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.
96. Ar an gcéad dul síos, níor cheart an chabhair a dheonú ach amháin i gcás ina mbeidh modh iompair iomaíochta atá níos truaillithí ina rogha mhalartach, atá inmharthana ó thaobh tráchtála, ar an modh iompair dá dtugtar tacaíocht leis an gcabhair. Braitheann inmharthanacht den sórt sin ar na costais oibriúcháin, ar infhaighteacht agus inrochtaineacht críochfort, gréasáin agus nasc oiriúnach, mar aon le tosca eile amhail difríochtaí san aga trasdula. Measann an Coimisiún i gcás seirbhísí do phaisinéirí go mbíonn rogha mhalartach níos truaillithí, atá inmharthana ó thaobh tráchtála, ann i gcónaí

⁽¹¹²⁾ A mhéid a bhaineann le foirm na cabhrach, ina chleachtas cinnteoireachta roimhe seo maidir le cabhair a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair, ní dhearna an Coimisiún agóid in aghaidh cabhair i bhfoirm deontas díreach (féach Cinneadh *ex multis* ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2024 i gcás SA.108800, an Ghearmáin, *Support for rail freight transport (single wagon load and wagon group transport)* [Tacaíocht d'iompar lasta iarnróid (iompar lánvaigíní aonair agus grúpa vaigíní)] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil); Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2023 i gcás SA.109142, an Fhrainc, *Aide à l'investissement pour la création d'un terminal multimodal marchandises (autoroute ferroviaire) à Bayonne-Mouguerre* [Cabhair infheistíochta chun críochfort ilmhódach earraí a chruthú (mórbhealach iarnróid) in Bayonne-Mouguerre] (nár foilsíodh fós san IO); agus Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 i gcás SA.104156, an Iodáil, *Sea Modal Shift incentive* [Dreasacht ar mhaithe leis an Aistriú Módach Ar Muir] (IO C 203, 9.6.2023, lch. 16).

ar an iompar ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre. San earnáil lasta, ina mbraitheann an t-iomaíocht ar an achar a chumhdaítear leis na hoibríochtaí iompair ⁽¹¹³⁾, is féidir glacadh leis i gcoitinne go bhfuil iomaíocht ann leis an iompar ar bóthar amháin:

a) i gcásanna iompair ilmhódaigh, an t-achar a chumhdaítear leis an modh iompair dá dtugtar tacaíocht leis an gcabhair, tá sé thíos:

(i) 800 ciliméadar i gcás iompair ar iarnród;

(ii) 375 chiliméadar i gcás iompair ar uiscebhealaí intíre;

(iii) 750 ciliméadar i gcás iompair loingseoireachta gearrthuais; agus

b) i gcásanna iompair aonmhóduil, an t-achar a chumhdaítear leis an modh iompair dá dtugtar tacaíocht leis an gcabhair, tá sé thíos:

(i) 350 ciliméadar i gcás iompair ar iarnród ⁽¹¹⁴⁾;

(ii) 375 chiliméadar i gcás iompair ar uiscebhealaí intíre.

97. I gcás oibríochtaí san earnáil lasta is faide ná na hachair a shonraítear i bpointe 96, ní mór don Bhallstát a léiriú maidir le modh iompair iomaíochta atá níos truaillithí ná an modh dá dtugtar tacaíocht leis an gcabhair (e.g. iompar nach dtéann ach ar bhóithre amháin) gur rogha mhalartach inmharthana ó thaobh tráchtála é ar na hoibríochtaí dá dtugtar tacaíocht leis an gcabhair, mar aon lena shuí cén t-achar a bhíonn i gceist leis an modh iompair iomaíochta níos truaillithí sula mbeidh sé neamhiomaíoch ó thaobh costais agus, dá bhrí sin, neamh-inmharthana ó thaobh tráchtála i gcás na gcineálacha oibríochtaí dá dtugtar tacaíocht.

98. Ar an dara dul síos, i bprionsabal, ní féidir cabhair a dheonú le haghaidh iompair ar bhealaí lena mbaineann srianta seanbhunaithe ar an acmhainneacht a bheadh ina gcosc ar an aistriú módach a mhéadú nó a choinneáil ar bun. Is é is aidhm don choinníoll sin a áirithiú go mbeidh na hionchais maidir leis an aistriú módach a chothabháil nó a mhéadú réalaíoch. Má bhíonn sé beartaithe ag an mBallstát tacú le hiompar ar bhealaí lena mbaineann srianta seanbhunaithe ar an acmhainneacht, beidh ar an mBallstát míniú a thabhairt ar na bearta eile a dhéanfar chun deireadh a chur leis na srianta sin nó iad a laghdú. I gcás scéimeanna um chabhair, ciallaíonn sé sin nach mór don Bhallstát gealltanais a thabhairt go n-áiritheofar nach ndéonófar cabhair má tá srianta suntasacha ar an acmhainneacht ann a dhéanfadh dochar d'oibríochtaí iompair agus a bheadh, ar deireadh, ina gcosc ar an aistriú chuig an modh iompair níos inbhuanaithe a mhéadú nó a choinneáil ar bun. Má tá srianta iarbhir nó ionchasacha ar an acmhainneacht ann, ba cheart don Bhallstát a áirithiú go gcuirfear réitigh i bhfeidhm chun deireadh a chur leis na srianta sin nó iad a laghdú ionas gur féidir an t-aistriú módach lena bhfuil coinne de thoradh na cabhrach a bhaint amach.

99. Ar an tríú dul síos, ní mór do ghnóthais iarnróid agus d'oibreacha uiscebhealaí intíre agus oibreacha loingseoireachta gearrthuais gach faisnéis ábhartha maidir leis an gcabhair a

⁽¹¹³⁾ *Impact assessment on amendment of Combined Transport Directive* [Staidéar tacaíochta um measúnú tionchair ar leasú na Treorach maidir le hIompar Comhcheangailte] [Ricardo et al. (2023)].

⁽¹¹⁴⁾ Níl feidhm ag an tairseach sin i gcás iompair aonmhóduil ar iarnród a eagraítear de réir oibríochtaí lánvaigíní aonair toisc nach bhfuil cineál an iompair aonmhóduil sin ar iarnród chomh brabúsach céanna agus atá iompar nach dtéann ach ar bhóithre amháin gan beann ar an achar a chumhdaítear, de dheasca na gcostas a bhaineann le vaigíní custaiméirí difriúla a bhailiú agus a chomhiomlánú.

fuarthas a chur ar fáil go poiblí ⁽¹¹⁵⁾. Tá sé d'aidhm ag an bpoiblíocht feasacht a mhúscailt faoi na bearta atá ar fáil chun laghdú a dhéanamh ar an mbearna iomaíochais idir modhanna iompair inbhuanaithe de thalamh agus roghanna malartacha iomaíochta níos truaillithí agus, dá réir sin, an t-éileamh ar sheirbhísí iompair inbhuanaithe de thalamh a mhéadú, rud lena bhfuil gá chun aistriú módach a spreagadh.

100. Ar deireadh, chun a áirithiú nach ndeonófar cabhair ach le haghaidh seirbhísí iompair inbhuanaithe de thalamh a sholáthraítear le fírinne, ba cheart an chabhair a dheonú ar bhonn aonaid iarbhair na seirbhíse iompair arna soláthar ⁽¹¹⁶⁾ seachas ar bhonn cnapshuime.
101. Measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chomhlíonann an Ballstát na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 69, mar a shoiléirítear i bpointí 97 go 100.

Comhréireacht

102. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 71, d'fhéadfadh sé gur suas le 75 % de na costais incháilithe a bheidh sa chabhair.
103. Is iad na costais incháilithe an chuid sin de chostais sheachtracha an iompair a sheachnaítear trí úsáid aonmhóduil nó ilmhódach a bhaint as iarnróid agus/nó uiscebhealaí intíre agus/nó trí úsáid a bhaint as loingseoireacht ghearrthuais i gcomhthéacs an iompair ilmhódaigh inbhuanaithe i gcomparáid leis na modhanna iompair iomaíochta atá níos truaillithe (i.e. costais sheachtracha an iompair a sheachnaítear) ⁽¹¹⁷⁾. I gcás ina mbeidh roinnt roghanna iomaíochta ann atá ina gcúis le leibhéil truaillithe níos airde, comhfhreagraíonn an teorainn don difreálach costais is airde i measc na roghanna éagsúla.
104. Ní mór don Bhallstát anailís ar chostais sheachtracha a sholáthar a bheidh comparáideach, cainníochtaithe, trédhearcach agus réasúnaithe, idir an modh iompair dá dtugtar tacaíocht (iompar ar iarnród, iompar ar uiscebhealaí intíre agus/nó iompar ilmhódach inbhuanaithe, lena n-áirítear ar a laghad céim amháin ar iarnród, ar uiscebhealach intíre nó le loingseoireacht ghearrthuais) agus an rogha mhalartach iomaíochta níos truaillithí. Ba cheart don Bhallstát, i bprionsabal, tagairt a dhéanamh don *Lámhleabhar ón gCoimisiún ar chostais sheachtracha an iompair* ⁽¹¹⁸⁾, arna leasú nó arna ionadú, chun comparáid a dhéanamh idir costais sheachtracha ar fud modhanna iompair dhifriúla, ach amháin i gcás ina gcuirfidh an Ballstát sin fianaise iomchuí ar aghaidh chun bonn cirt a thabhairt le modheolaíocht dhifriúil chun meastachán a dhéanamh ar na costais sheachtracha iarbhair. Ní mór an mhodheolaíocht a úsáidtear agus na ríomhanna a dhéantar a chur ar fáil go poiblí.

⁽¹¹⁵⁾ Lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad: údarás deonaithe, dáta deonaithe na cabhrach, méideanna cabhrach a fuarthas, tréimhse agus oibríochtaí a chumhdaítear leis an gcabhair.

⁽¹¹⁶⁾ Mar shampla, ciliméadar paisinéara i gcás seirbhísí iompair do phaisinéirí nó tona-ciliméadar nó feithicilchiliméadar i gcás seirbhísí iompair lasta, nó, ar bhonn níos ginearálta, aonad táirgthe na seirbhíse iompair.

⁽¹¹⁷⁾ Is féidir leis na Ballstáit modheolaíocht na gcostas seachtrach a úsáid chun aon chostas oibriúcháin a chumhdach, lena n-áirítear costais oibriúcháin a bhaineann le húsáid an bhonneagair.

⁽¹¹⁸⁾ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Essen, H., Fiorello, D., El Beyrouy, K. et al., *Lámhleabhar ar chostais sheachtracha an iompair* – Leagan 2019-1.1, Oifig na bhFoilseachán, 2020, <https://data.europa.eu/doi/10.2832/51388>.

Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint

105. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol trí shaobhadh míchuí iomaíochta agus trádála a chruthú, ní mór cabhair oibriúcháin chun laghdú a dhéanamh ar chostais sheachtracha iompair a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 75 agus 76.
106. Ba cheart an chabhair a dhámhachtain, i bprionsabal, i bhfoirm scéimeanna um chabhair toisc gur dócha go mbeidh iarmhairt shaobhach níos teoranta acu ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit ná cabhair ad hoc.

4.2.1.2 Cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh

107. Déantar foráil sna Treoirí seo maidir le rialacha sonracha i dtaca le cabhair chun an méid seo a leanas a sheoladh:
- a) naisc lasta tráchtála nua iarnróid agus uiscebhealaí intíre ó ghnóthais iarnróid agus/nó eagraithe iompair a bhailíonn an t-éileamh agus a eagraíonn oibríochtaí lastais sceidealaithe idir críochfoirt iompair;
 - b) naisc iarnróid tráchtála nua do phaisinéirí ó ghnóthais iarnróid a eagraíonn seirbhísí sceidealaithe do phaisinéirí idir críochfoirt iompair atá suite i mBallstáit dhifriúla ('seirbhísí iarnróid trasteorann do phaisinéirí') nó breis agus 400 ciliméadar ó chéile ('seirbhísí iarnróid fadraoin do phaisinéirí').
108. Cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh, ní mór di na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa roinn seo agus i Roinn 4.1 a chomhlíonadh chun a mheas go bhfuil an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Rannchuidiú leis na riachtanais maidir le comhordú an iompair

109. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 66, measann an Coimisiún gur féidir le cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh aistriú módach chuig iompar inbhuanaithe de thalamh a chothú sa mhéid go n-áiríteofar léi go mbeidh seirbhísí iompair leordhóthanacha ann lena nasfar críochfoirt iompair. Tá sé ríthábhachtach naisc lasta tráchtála nua iarnróid agus uiscebhealaí intíre a bhunú mar aon le naisc trasteorann agus/nó fadraoin nua do phaisinéirí a bhunú chun iompar ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre a fhorbairt agus tá sé fíor-riachtanach chun iompar ilmhódach inbhuanaithe a chumasú.

Riachtanas na cabhrach

110. Áirítear i measc chuspóirí SSMS naisc iarnróid agus uiscebhealaí intíre ⁽¹¹⁹⁾ a fhorbairt. A mhéid a bhaineann le hiompar lasta, tá imscaradh iomlán an iompair ar iarnród thíos le roinnt príomhnasc idir críochfoirt iompair atá in easnamh ⁽¹²⁰⁾ agus tá gá le gníomhaíochtaí chun leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe an iompair ar uiscebhealaí intíre ⁽¹²¹⁾, go háirithe chun gréasán uiscebhealaí intíre na hEorpa a nascadh a mhéid is féidir le modhanna iompair eile ⁽¹²²⁾. A mhéid a bhaineann le hiompar

⁽¹¹⁹⁾ Féach pointí 33 agus 42 den SSMS a luaitear ag fonóta (20)

⁽¹²⁰⁾ Féach pointe 43 den SSMS a luaitear ag fonóta (20).

⁽¹²¹⁾ Féach pointe 44 den SSMS a luaitear ag fonóta (20).

⁽¹²²⁾ Féach fonóta (25), pointe 2.1.2.

paisinéirí, ní bhaintear leas iomlán as acmhainneacht an iarnróid, go háirithe mar mhodh taistil fadraoin agus/nó trasteorann go háirithe le linn na hoíche ⁽¹²³⁾.

111. Chun naisc iarnróid agus uiscebhealaí intíre a fhorbairt a thuilleadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit cabhair a dheonú chun tacú le seoladh nasc lasta tráchtála nua iarnróid agus uiscebhealaí intíre mar aon le naisc trasteorann agus/nó fadraoin nua do phaisinéirí. Is amhlaidh atá toisc nach i gcónaí a fhágann fórsaí an mhargaidh amháin go ndéanfaidh oibreoirí iompair agus eagraithe iompair infheistiú i naisc nua iarnróid nó uiscebhealaí intíre toisc gur féidir leis na naisc sin a bheith thíos le clistí ar an gcomhordú ina leith. Go sonrach, d'fhéadfadh oibreoirí costais sheasta shuntasacha a thabhtú chun tús a chur le naisc nua agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh na naisc sin brabúsach ach amháin má úsáideann líon leordhóthanach custaiméirí iad. Gan líon íosta den sórt sin, ní bheadh an t-oibreoir in ann brabúis leordhóthanacha a dhéanamh sa ghearrthéarma chun na caillteanais oibriúcháin a bhain dó sna chéad bhlianta d'oibriú an naisc tráchtála nua a chúiteamh agus, dá bhrí sin, ní fhorbródh sé é. Le cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh, is féidir an bhacainn iontrála a íslú i leith naisc nua a sheoladh trí laghdú a dhéanamh ar an méid caillteanas oibriúcháin bliantúil arna sheasamh ag oibreoirí iompair agus eagraithe iompair le linn na chéad bhlianta d'oibriú an naisc nua.
112. Ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 67, measann an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cabhair chun naisc lasta tráchtála nua iarnróid agus uiscebhealaí intíre agus/nó naisc trasteorann agus/nó fadraoin nua do phaisinéirí a sheoladh chun na riachtanais maidir le comhordú an iompair a chomhlíonadh, má dhírítear an chabhair sin go héifeachtach ar an gcliseadh margaidh sin agus aon bheartas agus beart eile, atá i bhfeidhm cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an gcliseadh margaidh céanna, á gcur san áireamh. Dá thoradh sin, ní mór don Bhallstát a shuí, tráth deonaithe na cabhrach, fiú agus gach tacaíocht eile i bhfeidhm le haghaidh iompar inbhuanaithe de thalamh, nach bhfuil sé beartaithe ag aon oibreoir ar bith an nasc tráchtála nua atá i gceist a fhorbairt ar bhonn tráchtála.

Oiriúnacht na cabhrach

113. D'fhéadfadh sé nár leordhóthanach an t-éileamh ar sheirbhísí tráchtála nua sna chéad bhlianta oibríochta chun a áirithiú go mbeidh na seirbhísí sin brabúsach. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, measann an Coimisiún go bhfuil cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh ina hionstraim iomchuí ⁽¹²⁴⁾ chun tacú le gnóthais iarnróid agus/nó le heagraithe iompair ar mian leo infheistíocht a dhéanamh i nasc lasta nua iarnróid nó uiscebhealaí intíre nó i naisc trasteorann agus/nó

⁽¹²³⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, [*Plean gníomhaíochta le cur le seirbhísí iarnróid fadraoin agus le seirbhísí traenach trasteorann le haghaidh paisinéirí*], COM(2021) 810 final, 14.12.2021.

⁽¹²⁴⁾ A mhéid a bhaineann le foirm na cabhrach, ina chleachtas cinnteoireachta roimhe seo maidir le cabhair a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair, ní dhearna an Coimisiún agóid in aghaidh cabhair i bhfoirm deontas díreach (féach Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2011, i gcás SA 31981, an Ísiltír, *Start-up aid to new combined transport services based on Twin hub railway network* [Cabhair le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta do sheirbhísí iompair traschórais nua bunaithe ar Ghréasán iarnróid lena ngabhann mol cúplach] (IO C 361, 10.12.2011, lch. 1). Ó thaobh cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh de go sonrach, aithníonn an Coimisiún go gcuireann deontais dhíreacha ar chumas gnóthas iarnróid agus eagraithe iompair ar mian leo infheistíocht a dhéanamh i nasc tráchtála nua a gcaillteanais oibriúcháin tosaigh a laghdú le linn na chéad bhlianta d'oibriú an naisc tráchtála nua, agus dá bhrí sin, feabhas a chur ar bhrabúsacht na seirbhísí sin. Ar an gcúis sin, i gcás cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh, féadfaidh deontais dhíreacha a bheith iomchuí fiú má íoctar roimh ré iad, ar choinníoll go ndéanfar an íocaíocht tosaigh ar bhonn tréimhsiúil uair sa bhliain ar a laghad (seachas le híocaíocht tosaigh aonuaire aonair lena gcumhdaítear an tréimhse iomlán is féidir a mhaoiniú leis an gcabhair).

fadraoin nua do phaisinéirí. Mar sin féin, ní mór an chabhair a bheith teoranta do thacaíocht d'oibríochtaí ar feadh uastréimhse 5 bliana ó sheoladh an naisc nua (i.e. ón dáta a thosaíonn an tairbhí ar an nasc nua a oibriú).

Éifeacht dreasachta na cabhrach

114. Leis an gcabhair, ba cheart oibreoirí iompair agus/nó eagraithe iompair a dhreasú chun naisc lasta nua iarnróid nó uiscebhealaí intíre nó naisc trasteorann agus/nó fadraoin nua do phaisinéirí a sheoladh. Measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag cabhair chun naisc nua a sheoladh má rinne an tairbhí iarratas ar an gcabhair i scríbhinn sular seoladh na naisc tráchtála nua. Tá uainiú an iarratais i scríbhinn ar chabhair ina léiriú luachmhar ar an gcás frithfhíorasach is dócha a bheadh ann in éagmais na cabhrach. Mura dtosaíonn gnóthas ar an nasc nua a oibriú roimh iarratas a dhéanamh ar chabhair, léiríonn sé sin gurb é an cás frithfhíorasach is dócha a bheadh ann gan chabhair, nach mbeadh nasc nua ann, ós rud é go bhfuil gá ag an ngnóthas sin le cabhair chun na caillteanais oibriúcháin tosaigh a chumhdach chun an nasc tráchtála nua a sheoladh.
115. Measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chomhlíontar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 69, mar a shoiléirítear i bpointe 114, agus má tá fianaise ann ar na caillteanais oibriúcháin a bhfuil coinne leo.

Comhréireacht

116. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 71, meastar cabhair chun naisc tráchtála nua a sheoladh a bheith comhréireach mura mó í ná an céatadán seo a leanas de na costais incháilithe: 80 % sa chéad bhliain d'oibriú an naisc tráchtála nua, 70 % sa dara bliain, 60 % sa tríú bliain, 50 % sa cheathrú bliain agus 40 % sa chúigiú bliain.
117. Is éard atá sna costais incháilithe na caillteanais oibriúcháin arna dtabhú i leith oibriú an naisc nua, ar feadh uastréimhse 5 bliana ón dáta a thosaíonn an tairbhí ar an nasc nua a oibriú. Ciallaíonn caillteanais oibriúcháin difríocht dhiúltach idir na hioncaim agus na costais oibriúcháin i gcaitheamh na chéad bhlianta d'oibriú an naisc nua (suas le 5 bliana) ⁽¹²⁵⁾.
118. Leis na costais a leithdháiltear ar an nasc tráchtála nua, d'fhéadfaí na costais oibriúcháin dhíreacha uile a thabhaítear in oibriú an naisc tráchtála nua a chumhdach mar aon le ranníocaíocht iomchuí le costais oibriúcháin a bhaineann leis an nasc tráchtála nua agus le gníomhaíochtaí eile araon. Leis an ioncam a bheidh le cur san áireamh, ní mór an t-ioncam iomlán arna thuilleamh ón nasc tráchtála nua a áireamh.
119. Má íoctar an chabhair roimh ré, ba cheart na coinníollacha carnacha breise seo a leanas a chomhlíonadh:
- a) ní mór meastachán *ex ante* a thabhairt ar na caillteanais oibriúcháin, ar bhonn réamh-mheastacháin réasúnta;
 - b) ní mór na caillteanais oibriúcháin a lascainiú de réir a luach tráth an deonaithe;

⁽¹²⁵⁾ Ar mhaithe le soiléireacht, d'fhéadfaí costais oibriúcháin a bhaineann le seoladh an naisc nua agus a bhíonn ann sula seoltar é a áireamh leis sin. D'fhéadfaí na costais sin a chur san áireamh i gcainníochtú na gcostas incháilithe a bhaineann leis an gcéad bhliain d'oibriú an naisc tráchtála nua.

- c) ní mór don Bhallstát sásra faireacháin agus meicníocht aisghlámtha leordhóthanach a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach mó an chabhair ná an déine cabhrach atá ceadaithe;
- d) ní mór gan tréimhse is faide ná aon bhliain amháin a chumhdach leis na híocaíochtaí tosaigh.

Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint

- 120. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol trí shaobhadh míchuí iomaíochta agus trádála a chruthú, maidir le cabhair oibriúcháin chun naisc tráchtála nua a sheoladh, ní mór í a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 75 agus 76. Thairis sin, ba cheart an chabhair a bheith teoranta chun nach gcumhdófar ach na costais a íocann an tairbhí ar feadh uastréimhse 5 bliana ó sheoladh an naisc tráchtála nua.
- 121. Ba cheart an chabhair a dhámhachtain, i bprionsabal, i bhfoirm scéimeanna um chabhair toisc gur dócha go mbeidh iarmhairt shaobhach níos teoranta acu ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit ná cabhair ad hoc.

4.2.2 Cabhair infheistíochta

4.2.2.1 Cabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan saoráidí iompair aonmhóduil agus ilmhódaigh ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre

- 122. Déantar foráil leis na Treoirlínte seo maidir le rialacha sonracha i dtaca le cabhair infheistíochta le haghaidh thógáil, uasghrádú agus athnuachan (lena n-áirítear iad a athsholáthar) saoráidí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre.
- 123. Leis an iompar ilmhódach, baintear úsáid as saoráidí iompair ilmhódaigh freisin le haghaidh iompar traschórais ar bóthar agus ar muir. Tá na saoráidí sin, i gcás ina mbeidh siad suite i gcalafoirt mhuirí, faoi raon feidhme na dTreoirlínte seo má tá naisc iarnróid nó uiscebhealaí intíre acu freisin agus, dá bhrí sin, má tá siad cáilithe mar shaoráidí iompair ilmhódaigh ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre ⁽¹²⁶⁾.
- 124. Maidir le cabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan saoráidí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre, ní mór an méid seo a leanas a áirithiú léi: (a) gur féidir láithreán a úsáid mar shaoráid a thacaíonn le haistriú módach den chéad uair (tógáil); (b) gur féidir le saoráid atá ann cheana níos mó tráchta a láimhseáil nó a bheith níos tarraingtí d'úsáideoirí, e.g. trí chineál tráchta nár láimhseáladh roimhe a láimhseáil (uasghrádú); nó (c) saoráid a mbeadh sleabhadh gníomhaíochta roimpi murach an chabhair, gur féidir léi leanúint dá hoibríochtaí (athnuachan).
- 125. Cabhair le haghaidh le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan saoráidí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre, ní mór di na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa roinn seo agus i

⁽¹²⁶⁾ Féach an sainmhíniú ar 'saoráid iompair ilmhódaigh iarnróid agus/nó uiscebhealaí intíre' a sholáthraítear i bpointe 54bb).

Roinn 4.1 a chomhlíonadh chun a mheas go bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Rannchuidiú leis na riachtanais maidir le comhordú an iompair

126. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 66, measann an Coimisiún gur féidir aistriú módach chuig iompar inbhuanaithe de thalamh a chothú le cabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan saoráidí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre. Is féidir leis an gcabhair tacú le hinfheistíochtaí i saoráidí lena bhfreastalaítear ar iompar ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre ar bhonn neamhspleách nó in éineacht le modhanna iompair eile ⁽¹²⁷⁾. Is réamhchoinníoll é go mbeidh fáil níos fairsinge ar na saoráidí sin nó méadú ar a n-acmhainneacht, ar a gcáilíocht agus/nó ar a n-éifeachtúlacht chun go bhfeidhmeoidh an t-iompar ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre i gceart. Ina theannta sin, de thoradh na bhfeabhsuithe sin ar deireadh, beidh costais níos ísle ar chuideachtaí iompair agus lóistíochta a oibríonn in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh, mar aon seirbhísí ar cháilíocht níos airde.

Riachtanas na cabhrach

127. Sa straitéis um shoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, tarraingíodh aird ar thearcamas an bhonneagair trasloingsithe, go háirithe críochfoirt ilmhódacha intíre, agus iarradh go ndéanfaí infheistíochtaí chun na bearnaí a dhúnadh sa bhonneagar ilmhódach dá dtugtar an tosaíocht is airde ⁽¹²⁸⁾. Tá infhaighteacht dóthain saoráidí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre ríthábhachtach i gcás shlabhra luacha an iompair inbhuanaithe de thalamh. Go sonrach, cuidíonn saoráidí den sórt sin le hiompar ilmhódach a fhorbairt agus é d'aidhm acu na modhanna iompair uile a threorú in éineacht le chéile trí chríochfoirt ilmhódacha.
128. Tá cabhair do shaoráidí lena bhfreastalaítear ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre ríthábhachtach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht iomlán an iompair inbhuanaithe de thalamh. Is féidir le cabhair den sórt sin cuidiú le deireadh a chur leis an bhfáinne fí maidir le haistriú módach agus infhaighteacht saoráidí. Ar thaobh amháin, is réamhchoinníoll saoráidí leordhóthanacha a bheith ann chun go dtiocfaidh aon fhás ar úsáid iompair inbhuanaithe de thalamh. Ar an taobh eile, de réir mar a aistríonn níos mó úsáideoirí chuig na modhanna iompair sin, tá gá le saoráidí breise chun tacú leis an bhfás sin. Mar sin féin, gan chabhair, d'fhéadfadh sé nár leordhóthanach na dreasachtaí d'oibreacha príobháideacha chun infheistíocht a dhéanamh i saoráidí bonneagair. Is amhlaidh atá toisc nach gcuireann siad san áireamh na tairbhí a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar na costais sheachtracha a bhíonn ann de thoradh aistriú módach, ar aistriú é a d'fhéadfaí a dhéanamh de thoradh na hinfheistíochta. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tréimhse ann sula n-oiriúnófaí an líon saoráidí seirbhíse agus a gcáilíocht don éileamh méadaithe ar iompar inbhuanaithe de thalamh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tacaíocht stáit do shaoráidí rannchuidiú leis an aistriú módach inmhiannaithe a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos tapúla ⁽¹²⁹⁾.

⁽¹²⁷⁾ D'ainneoin na heaspa faisnéise cuimsithí ar shaoráidí iompair ilmhódaigh, iarnróid agus uiscebhealaí intíre san Aontas, tá comharthaí soiléire ann go bhfuil ganntanas saoráidí inrochtana agus leordhóthanacha ar fáil i gcás an iompair inbhuanaithe de thalamh. Go sonrach, tá gá le hinfheistíochtaí a mhéid a bhaineann le saoráidí iarnróid agus uiscebhealaí intíre agus críochfoirt lasta ilmhódacha.

⁽¹²⁸⁾ Féach pointe 42 den SSMS, a luaitear ag fonóta (20).

⁽¹²⁹⁾ I bhfianaise na tréimhse suntasaí lena bhfuil gá chun saoráidí den sórt sin a thógáil, a uasghrádú nó a athnuachan (ó thráth a dtionscanta go gcuirfear i gcrích iad), d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le cabhair chun a áirithiú go mbeidh infhaighteacht na saoráidí sin i gcomhréir go dlúth agus go daingean le leathnú an

129. Ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 67, measann an Coimisiún go bhféadfadh gá a bheith le cabhair le haghaidh infheistíochtaí saoráidí chun na riachtanais maidir le comhordú an iompair a chomhlíonadh i bhfianaise chliseadh an mhargaidh a luaitear i bpointí 127 agus 128. Tá bonn cirt leis an tacaíocht sin más dócha go n-úsáidfear an acmhainneacht nua, rud a rannchuideoidh leis an méadú ar úsáid an iompair inbhuanaithe de thalamh i gcomparáid le modhanna iompair níos truaillithí atá in iomaíocht leo. Is amhlaidh atá i gcás ina léireoidh Ballstát, ar bhonn réamhaisnéisí tráchta fóna a chuimsítear i bplean gnó *ex ante*, gur mó an t-éileamh féideartha ar acmhainneacht, sa mheántearma ar a laghad, ná acmhainneacht chomhcheangailte reatha na saoráide dá dtugtar cabhair in éineacht le saoráidí eile atá ann cheana nó atá beartaithe cheana féin agus a d'fhéadfadh a bheith, le réasún, ina roghanna malartacha ar aon éileamh amach anseo ar acmhainneacht na saoráide dá dtugtar cabhair.

Oiriúnacht na cabhrach

130. Cuirtear bac ar fhorbairt an iompair inbhuanaithe de thalamh mar gheall ar thearcamas na saoráidí iarnróid, na saoráidí uiscebhealaí intíre agus na saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre san Aontas. Dá bhrí sin, ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, measann an Coimisiún go bhfuil cabhair infheistíochta chun na saoráidí sin a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan ina hionstraim iomchuí ⁽¹³⁰⁾ chun gabháil le haistriú módach chuig iompar inbhuanaithe de thalamh.

Éifeacht dreasachta na cabhrach

131. Ba cheart tógáil, uasghrádú nó athnuachan saoráidí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre a dhreasú leis an gcabhair. Measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chomhlíontar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 69 agus 70 agus dá mbeadh bearna chistiúcháin, in éagmais na cabhrach, ag an tionscadal dá dtugtar cabhair.

Comhréireacht

132. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 71 go 74, maidir le cabhair infheistíochta i saoráidí iarnróid, i saoráidí uiscebhealaí intíre agus i saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre, meastar í a bheith comhréireach mura mó an méid cabhrach ná an ceann is ísle (a) de bhearna chistiúcháin an tionscadail i gcomparáid leis an gcás frithfhórasach in éagmais cabhrach, agus (b) costais incháilithe na hinfeistíochta.
133. Chun an bhearna chistiúcháin a ríomh, is gá idirdhealú a dhéanamh idir na gníomhaíochtaí iompair a mhaoineítear faoin tionscadal agus gníomhaíochtaí neamhiompair. Leis na hioncaim ábhartha, áirítear ní hamháin an t-ioncam a ghineann na gníomhaíochtaí iompair

iompair inbhuanaithe de thalamh, go háirithe i bhfianaise a phráinní atá spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais agus SSMS.

⁽¹³⁰⁾ A mhéid a bhaineann le foirm na cabhrach, ina chleachtas cinnteoireachta roimhe seo maidir le cabhair a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair, ní dhearna an Coimisiún agóid in aghaidh cabhair i bhfoirm deontas díreach (féach Cinneadh *ex multis* ón gCoimisiún an 26 Márta 2024 i gcás SA.109124, an Pholainn, *RRF: Investment aid to intermodal transport facilities, equipment and rolling stocks* [Cabhair infheistíochta do shaoráidí iompair idirmhódúil, do threalamh agus do rothstóic] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil); agus Cinneadh ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2022, i gcás SA.64546, an tSlóvaic, *Workshops for light maintenance of passenger trains in Kosice and Zilina* [Ceardlanna maidir le cothabháil éadrom traenacha paisinéirí in Kosice agus Zilina] (IO C 169, 22.4.2022, lch. 1).

a mhaoinítear faoin tionscadal ach na glanbhrabúis oibriúcháin incriminteacha a gheineann gníomhaíochtaí neamhiompair atá nasctha leis na gníomhaíochtaí iompair sin (amhail spásanna tráchtála atá suite sa tsaoráid mhaoinithe a ligean ar cíós). Ar na costais ábhartha áirítear idir na costais oibriúcháin agus na costais infheistíochta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí iompair a mhaoinítear faoin tionscadal. I gcodarsnacht leis sin, ba cheart costais infheistíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhiompair a eisiamh. Thairis sin, aon bheart Státchabhrach atá ann cheana nó atá beartaithe, amhail cabhair oibriúcháin agus/nó cineál difriúil cabhrach infheistíochta a dhéanann difear don anailís ar an mbearna chistiúcháin, ba cheart an beart sin a chur san áireamh agus meastachán á thabhairt ar an éileamh lena bhfuil coinne a bheidh ar an tsaoráid.

134. Is éard atá sna costais incháilithe costais infheistíochta i sócmhainní inláimhsithe (seasta agus inchorraithe) agus i sócmhainní doláimhsithe a bhaineann go díreach le tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan na saoráide ábhartha. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh ar na costais incháilithe:
- a) socruithe dromchla (amhail socruithe le haghaidh na stórála), trealamh do-bhogtha (amhail trádstóras agus foirgnimh críochfoirt) agus trealamh críochfoirt soghluaiste (amhail cruachadóirí rochtana) atá suite sa tsaoráid chun seirbhísí a bhaineann le hiompar a sholáthar;
 - b) staidéir ullmhúcháin ghaolmhara, amhail staidéir féidearthachta agus thoipeolaíochta; agus
 - c) costais pleanála agus suiteála.
135. I gcás scéimeanna um chabhair, ba cheart do na Ballstáit gealltanais a thabhairt go ndéanfaidh siad an anailís ar bhearnaí cistiúcháin a leagtar amach i bpointí 71 go 74 mar a shoiléirítear i bpointí 133 agus 134 le haghaidh gach tionscadal dá dtugtar tacaíocht faoin scéim. Chuige sin, san fhógra a thabharfaidh na Ballstáit faoi aon scéim um chabhair atá beartaithe, ní mór dóibh tuairisc a thabhairt, ar a laghad, ar chatagóirí na dtionscadal dá dtugtar cabhair, catagóirí sonracha na gcostas incháilithe a nglactar leo (amhail na costais a bhaineann le sócmhainní inláimhsithe (seasta agus inchorraithe) agus doláimhsithe) a cheannach, an mhodheolaíocht chun an bhearna chistiúcháin a ríomh agus an WACC uasta a chuirtear i bhfeidhm.
136. Maidir le cabhair ad hoc cinntear an bhearna chistiúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir brabúsacht an tionscadail sna cásanna fíorasacha agus frithfhíorasacha de réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach i bpointí 72 go 74 mar a shoiléirítear i bpointe 133. Ní mór do na Ballstáit na ríomhanna agus na réamh-mheastacháin a luaitear i bpointe 72 a chur i láthair i bplean gnó mionsonraithe an tionscadail.
137. I gcás ina mbainfidh cabhair le saoráidí a mholann agus a shainaithníonn Ballstát roimh ré, ní gá measúnú a dhéanamh ar an mbearna chistiúcháin má chinntear méid na cabhrach trí phróiseas tairisceana iomaíoch. I gcásanna den sórt sin, measann an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn an méid cabhrach don chabhair íosta arna hiarraidh ag tairbhithe féideartha, agus dá bhrí sin meastar an chabhair a bheith comhréireach má chomhlíontar na critéir charnacha thíos:

- a) tá an próiseas tairisceana iomaíoch, rud a chiallaíonn go bhfuil sé oscailte, soiléir, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ⁽¹³¹⁾. Tá sé bunaithe ar chritéir oibiachtúla, arna leagan amach roimh ré agus i gcomhréir le cuspóir an bhirt agus le riosca na dtairiscintí straitéiseacha a íoslaghdaí. Leis na critéir roghnúcháin a úsáidtear chun tairiscintí a rangú agus, ar deireadh, chun an chabhair a leithdháileadh sa phróiseas tairisceana iomaíoch, ba cheart, mar riail ghinearálta, an rannchuidiú le príomhchuspóirí an bhirt a nascadh go díreach nó go hindíreach leis an méid cabhrach arna iarraidh ag an iarratasóir. Féadfar é sin a shloinneadh, mar shampla, i dtéarmaí cabhrach in aghaidh an aonaid acmhainneachta trasloingsithe a chruthaítear;
- b) foilsítear na critéir sách fada roimh an sprioc-am chun iarratais a chur isteach chun go gcuimseofar iomaíocht éifeachtach;
- c) is leordhóthanach an líon tairgeoirí lena bhfuil coinne chun iomaíocht éifeachtach a áirithiú;
- d) seachnaítear coigeartuithe *ex post* ar thoradh an phróisis tairisceana (amhail caibidlíocht ina dhiaidh maidir le torthaí na tairisceana) toisc go bhféadfaidís dochar a dhéanamh d'éifeachtúlacht thoradh an phróisis.

Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint

- 138. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol trí shaobhadh míchuí iomaíochta agus trádála a chruthú, maidir le cabhair infheistíochta le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan saoráidí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid agus uiscebhealaí intíre, ní mór í a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 75 agus 76.
- 139. Thairis sin, i gcás aon saoráid iompair dá dtugtar cabhair, ní mór don Bhallstát a léiriú go n-áirithítear leis an mbeart cabhrach rochtain thrédhearcach, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach ar an tsaoráid do gach úsáideoir leasmhar i gcomhréir le reachtaíocht eanála, lena n-áirítear an Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹³²⁾.
- 140. I gcás ina mbeidh úinéir, oibreoir agus úsáideoir deiridh ionchasach na saoráide iompair dá dtugtar cabhair ina chuid den fhiontar céanna nó i gcás inar fiontair nasctha iad mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le TBER, ní mór oibriú na saoráide a dhámhachtain bunaithe ar nós imeachta trédhearcach, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach ⁽¹³³⁾. Áirithítear leis sin go bhfaighidh an t-oibreoir ráta toraidh i gcomhréir le dálaí an mhargaidh agus maolaítear aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann.
- 141. Measann an Coimisiún gur dócha go mbeidh iarmhairt shaobhach níos teoranta ag scéimeanna um chabhair ar iomaíocht agus ar thrádáil ná mar a bheidh ag cabhair ad hoc. Ar an gcúis sin, cuirfear na gnéithe thíos san áireamh i measúnú an Choimisiúin.

⁽¹³¹⁾ Níor cheart faisnéis phribhléidithe ná buntáistí eile a bheith ag aon tairgeoir, mar shampla, toisc go bhfuil réamhfhorbairt déanta ar láithreán na saoráide nó gur leo é. I gcás den sórt sin, ní mór don Bhallstát an fhaisnéis ábhartha sin a chur ar fáil do na tairgeoirí féideartha uile.

⁽¹³²⁾ Féach fonóta (8).

⁽¹³³⁾ Ceadaítear do ghnóthais ar fiontair nasctha iad rannpháirtiú sa nós imeachta.

- a) I gcás scéimeanna, is féidir glacadh leis nach bhfuil éifeachtaí diúltacha míchuí ann ar iomaíocht ná ar thrádáil má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 138 go 140. Ina theannta sin, ba cheart don Bhallstát, agus fógra á thabhairt aige faoin scéim, gealltanais a thabhairt freisin go bhfíorófar, sula ndéanófar cabhair aonair do shaoráid, nach ndéanann an tsaoaráid dá dtugtar cabhair saobhadh míchuí ar iomaíocht ná ar thrádáil le saoráidí atá ann cheana agus/nó atá beartaithe cheana féin. Chuige sin, ní mór don Bhallstát gealltanais a thabhairt na hionchais mheántéarmacha maidir le húsáid na saoráide dá dtugtar cabhair a shainaithint ar bhonn réamhaisnéisí tráchtta fóna arna n-ionchorprú i bplean gnó *ex ante*. Ba cheart don Bhallstát gealltanais a thabhairt freisin go bhfíorófar nach mbeidh iarmhairtí saobhacha míchuí ag an infheistíocht ar úsáid saoráidí atá ann cheana agus/nó atá beartaithe cheana féin agus a fhéadfaidh a bheith, le réasún, ina roghanna malartacha le cur in ionad na saoráidí sin i leith aon chuid den éileamh a bheidh ann amach anseo ar acmhainneacht na saoráide dá dtugtar cabhair.
- b) Maidir le cabhair ad hoc, i dteannta na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointí 138 go 140 a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát a chruthú freisin nach ndéanann an tsaoaráid dá dtugtar cabhair saobhadh míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil le saoráidí atá ann cheana agus/nó atá beartaithe cheana féin. Chuige sin, ní mór don Bhallstát na hionchais mheántéarmacha maidir le húsáid na saoráide dá dtugtar cabhair a shainaithint ar bhonn réamhaisnéisí tráchtta fóna arna n-ionchorprú i bplean gnó *ex ante*. Ní mór don Bhallstát a léiriú freisin nach mbeidh éifeachtaí saobhacha míchuí ag an infheistíocht ar úsáid saoráidí atá ann cheana agus/nó atá beartaithe cheana a d'fhéadfaí a úsáid go réasúnta mar roghanna malartacha ar aon chuid den éileamh a bheidh ann amach anseo ar acmhainneacht na saoráide dá dtugtar cabhair ⁽¹³⁴⁾. I bprionsabal, níl éifeachtaí saobhacha míchuí ag an infheistíocht dá dtugtar cabhair má fhágann an t-éileamh lena bhfuil coinne nach n-atreoróidh an tsaoaráid nua éileamh ó na saoráidí atá ann cheana agus/nó atá beartaithe cheana. In aon chás, i bhfianaise éagsúlacht struchtúr an mhargaidh i réimsí éagsúla, éagsúlacht modhanna iompair agus éagsúlacht saoráidí, déanfaidh an Coimisiún measúnú, ar bhonn cás ar chás, ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh tionchar míchuí ag aon saoráid atá ann cheana agus/nó atá beartaithe cheana. Sa mheasúnú sin, d'fhéadfadh an Coimisiún a chur san áireamh, mar na critéir is ábhartha, ráta úsáide saoráidí cóngaracha, na cineálacha lasta, paisinéirí nó rothstoc a chóireáiltear sna saoráidí sin, an teicneolaíocht fheidhmeach agus na buntáistí a bhaineann le suíomh geografach sonrach.

4.2.2.2 Cabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideach

142. Leis na Treoirlínte seo, déantar foráil maidir le rialacha sonracha chun infheistíochtaí i dtógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan (lena n-áirítear athsholáthar) taobhlach príobháideach a chur chun cinn.
143. Leis an gcabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideach, ní mór an méid seo a leanas a áirithiú: (a) gur féidir teacht ar láithreán go díreach ar rian iarnróid den chéad uair (tógáil); (b) gur féidir le níos mó tráchtta iarnróid teacht ar an láithreán, nó nach mbeidh an trácht iarnróid chomh truailitheach céanna de bharr leictirí an taobhlaigh (uasghrádú); nó (c) gur féidir leanúint de bheith ag oibriú taobhlach príobháideach a bheadh ligthe i léig murach an chabhair (athnuachan).

⁽¹³⁴⁾ In aon chás, ba cheart na saoráidí sin a shainaithint freisin chun measúnú a dhéanamh ar riachtanas na cabhrach (féach pointe 129).

144. Chun an chabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideacha a mheas a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ní mór di na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa roinn seo agus i Roinn 4.1 a chomhlíonadh.

Rannchuidiú le riachtanais maidir le comhordú an iompair

145. Tá ról lárnach ag taobhlaigh phríobháideacha chun laghdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcéad mhíle/an míle deireanach d'iompar de bhóthar i gcás lasta. Is amhlaidh sin toisc nach féidir le lasta a iompraítear trí mhodhanna iompair inbhuanaithe de thalamh láithreáin thionsclaíocha an chustaiméara a bhaint amach nó imeacht uathu ach amháin má thrasloingsítear ar thrucailí é feadh an chéad mhíle/an mhíle dheireanaigh (iompar ilmhódach) nó má tá láithreán an chustaiméara nasctha go díreach leis an ngréasán iarnróid.
146. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 66, measann an Coimisiún gur féidir aistriú módach i dtreo an iompair inbhuanaithe de thalamh a chothú tríd an gcabhair le haghaidh taobhlaigh phríobháideacha a thógáil, a uasghrádú agus/nó a athnuachan. Is féidir é sin a dhéanamh trí dhreasacht a thabhairt don phríomhchéim den oibríocht iompair ⁽¹³⁵⁾ atá le déanamh d'iarnród agus, tríd an iompar a aistriú ón mbóthar chuig an iarnród, caoi a thabhairt chun na costais sheachtracha a bhaineann le húsáid modhanna iompair níos truaillithí feadh an chéad mhíle/an mhíle dheireanaigh den iompar a sheachaint.

Riachtanas na cabhrach

147. Tá taobhlaigh phríobháideacha fíor-riachtanach chun lasta a iompar ar bhealach inbhuanaithe feadh an chéad mhíle/an mhíle dheireanaigh. Mar sin féin, tá laghdú ginearálta tagtha ar an líon taobhlach príobháideach san Aontas ⁽¹³⁶⁾. Meastar go leanfar den laghdú sin in éagmais dreasachtaí leordhóthanacha do ghnóthais chun na costais agus na rioscaí a bhaineann le tógáil, uasghrádú agus athnuachan taobhlach príobháideach a íoc. Go deimhin, d'fhéadfadh roinnt tosca tionchar a imirt ar an gcinneadh taobhlach príobháideach a thógáil, amhail méid an lasta agus an cineál lasta a aistrítear, an líon gnóthas monaraíochta sa réigiún nó leibhéal forbartha an bhonneagair iarnróid. Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh aon cheann de na tosca sin gnóthas a dhíspreagadh ó infheistíocht a dhéanamh i dtógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideach.
148. Bíonn luí ag an margadh le réitigh iompair nach bhfuil chomh costasach céanna – ach nach bhfuil chomh hinbhuanaithe sin – chun lasta a sheachadadh chuig láithreáin thionsclaíocha/a sheoladh uathu ⁽¹³⁷⁾. Dá bhrí sin, ag féachaint do na prionsabail

⁽¹³⁵⁾ Is é is 'céim' ann cuid de thuras a ndéanann modh iompair seirbhísiú uirthi. Déantar í a shainaithint i dtéarmaí an phointe tionscnaimh agus an phointe cinn scríbe a ndéanann an t-iompróir céanna seirbhísiú orthu. Is í an 'phríomhchéim' an chuid is faide den turas ábhartha.

⁽¹³⁶⁾ Staidéar tacaíochta um measúnú tionchair don athbheithniú ar threoirlínte an Chomhphobail maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid, féach fonóta (42), roinn 2.5.

⁽¹³⁷⁾ Agus cinneadh á dhéanamh infheistíocht a dhéanamh i dtaobhlach príobháideach, ní mór do ghnóthas breithniú a dhéanamh an bhfuil sé ag iarraidh tarlú de bhóthar nó tarlú d'iarnród trí thaobhlach príobháideach a úsáid le haghaidh an chéad mhíle/an mhíle dheireanaigh den iompar. Tá an chéad cheann níos saoire suas le scála áirithe agus is iad na húdaráis phoiblí a dhéanann agus a íocann as an infheistíocht i naisc bhóthair. Os a choinne sin, sa chás deireanach sin, is iad na gnóthais a íocann an chuid is mó den chostas tógála (lena n-áirítear go minic staidéar féidearthachta lena gcuirtear an topagrafaíocht san áireamh) agus a íocann as oibriú agus cothabháil. Ina theannta sin, tá saolré fhada ag an infheistíocht, ar riosca breise é, ar an ábhar go bhfuil tarluithe lasmuigh de rialú an ghnóthais ann a d'fhéadfadh cosc a chur ar úsáid an taobhlaigh

ghinearálta a leagtar amach i bpointe 67, measann an Coimisiún go bhfuil gá le cabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideach chun riachtanais chomhordú an iompair a chomhlíonadh.

Oiriúnacht na cabhrach

149. Cuirtear bac ar fhorbairt an iompair d'iarnród toisc nach bhfuil dreasachtaí margaidh leordhóthanacha ann do ghnóthais chun na costais agus na rioscaí a bhaineann le tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideach a íoc. Dá bhrí sin, ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, measann an Coimisiún gur ionstraim iomchuí í an chabhair infheistíochta le haghaidh tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideach ⁽¹³⁸⁾ chun borradh a chur faoi aistriú módach trí naisc an chéad mhíle/an mhíle dheireanaigh trí bhíthin taobhlaigh phríobháideacha.

Éifeacht dreasachta na cabhrach

150. Ba cheart tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan taobhlach príobháideach a dhreasú leis an gcabhair. Measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chomhlíontar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 69 agus 70 agus dá mbeadh bearna cistithe, in éagmais na cabhrach, ag an tionscadal dá dtugtar cabhair.

Comhréireacht

151. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 71 go 74, meastar cabhair infheistíochta i dtaobhlaigh phríobháideacha a bheith comhréireach mura sáraíonn an méid cabhrach an ceann is ísle díobh seo a leanas: (i) bearna cistithe an tionscadail, i gcomparáid leis an gcás frithfhíorasach in éagmais cabhrach ⁽¹³⁹⁾ (a thiomhdaítear, in éagmais fianaise dá mhalairt, gur iompar de bhóthar é), agus (ii) costais incháilithe na hinfeistíochta.
152. Is éard atá sna costais incháilithe costais infheistíochta i sócmhainní inláimhsithe (seasta agus sochorraithe) agus i sócmhainní doláimhsithe a bhaineann go díreach le tógáil, uasghrádú agus/nó athnuachan an taobhlaigh phríobháidigh chun é a dhéanamh oibríochtúil nó a choimeád ag oibriú. Féadfar a áireamh ar na costais incháilithe staidéir ullmhúcháin ghaolmhara, amhail staidéir féidearthachta agus thoipeolaíocha, agus costais phleanála agus suiteála. Ní féidir ardáin agus trealamh luchtaithe/díluchtaithe a úsáidtear chun traenacha a luchtú/a dhíluchtú ar láithreán an úsáideora thiomnaithe (na n-úsáideoirí tiomnaithe) a áireamh sna costais incháilithe.
153. I gcás scéimeanna cabhrach, ba cheart don Bhallstát gealltanais a thabhairt go ndéanfaidh sé an anailís ar an mbearna cistithe a leagtar amach i bpointí 71 go 74 le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin scéim. Chuige sin, agus fógra á thabhairt ag an mBallstát faoi aon scéim cabhrach atá beartaithe, ní mór dó tuairisc a thabhairt, ar a

phríobháidigh amach anseo. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, dá gcuirfeadh gnóthais iarnróid deireadh leis na nascsheirbhísí ábhartha sa limistéar ina bhfuil an gnóthas lonnaithe.

⁽¹³⁸⁾ A mhéid a bhaineann le foirm na cabhrach, ina chleachtas cinnteoireachta roimhe seo maidir le cabhair a chomhlíonann riachtanais chomhordú an iompair, ní dhearna an Coimisiún agóid in aghaidh cabhair i bhfoirm deontas díreach (féach Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 i gcás SA.58570, an Ghearmáin, *Guidelines on the construction, extension, reactivation and replacement of railway sidings and related infrastructure* [Treoirilnte maidir le taobhlaigh iarnróid agus bonneagar gaolmhar a thógáil, a leathnú, a athghníomhachtú agus a athsholáthar] (IO C 25, 22.1.2021, lch. 1).

⁽¹³⁹⁾ Le haghaidh na hanailíse ar an mbearna cistithe, ba cheart aon bheart státhcabhrach atá ann cheana nó atá beartaithe, amhail cabhair oibriúcháin agus/nó cineálacha eile cabhrach infheistíochta, a chur san áireamh chun meastachán a dhéanamh ar an mbearna cistithe.

laghad, ar na catagóirí tionscadal dá dtugtar cabhair, ar na catagóirí sonracha costas incháilithe a nglactar leo (amhail na costais a bhaineann le sócmhainní inláimhsithe (seasta agus sochorraithe) agus sócmhainní doláimhsithe a cheannach), ar an modheolaíocht chun an bhearna cistithe a ríomh agus ar mheánchostas ualaithe uasta an chaipitil atá le cur i bhfeidhm.

154. I gcás cabhair ad hoc ⁽¹⁴⁰⁾, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 71 go 74, ní mór don Bhallstát an méid seo a leanas a dhéanamh i gcónaí: (a) cainníochtú mionsonraithe ar an mbearna cistithe a sholáthar ar leibhéal an tionscadail, lena dtugann doiciméadacht inmheánach an tairbhí bunús, ar doiciméadacht í atá comhaimseartha leis an bpróiseas cinnteoireachta, mar shampla, cur i láthair boird nó pleananna gnó inmheánacha; agus (b) sásra leormhaith faireacháin agus aisghlámtha *ex post* a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach sáróidh an chabhair na teorainneacha a leagtar síos i bpointe 151.

Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint

155. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol trí shaobhadh míchuí iomaíochta agus trádála a chruthú, ní mór cabhair infheistíochta le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan taobhlach príobháideach a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 75 agus 76.
156. Ba cheart, i bprionsabal, an chabhair a dhámhachtain i bhfoirm scéimeanna cabhrach toisc gur dócha go mbeidh éifeacht shaobhach níos teoranta acu ar iomaíocht agus ar thrádáil ná cabhair ad hoc.
157. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh nach ndéanann cabhair ad hoc le haghaidh taobhlaigh phríobháideacha saobhadh míchuí ar iomaíocht ná ar thrádáil. Mar chuid den údar a thugtar le cás eisceachtúil, ní mór do Bhallstát an dá ní seo a leanas ar a laghad a sholáthar:
- a) ríomhanna lena léirítear laghdú i bhfad níos airde ar chostais sheachtracha in aghaidh an aonaid cabhrach tríd an gcabhair ad hoc ná mar a bheadh ann faoi scéim cabhrach, in éineacht le míniú mionsonraithe ar na cúiseanna leis an laghdú sin ar chostais sheachtracha, lena soláthraítear foinsí le haghaidh na sonraí agus na dtoimhdí uile is bun leo;
 - b) léiriú, a dtacaíonn doiciméid amhail staidéir agus tuarascálacha earnála leis, go ndéanann teip mhargaidh ar leith difear don tairbhí roghnaithe ach nach ndéanann sí aon difear nó nach ndéanann sí ach difear i bhfad níos teoranta do ghnóthais eile sa Bhallstát.

4.2.2.3 Cabhair chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre

158. Leis na Treoirí seo, déantar foráil maidir le rialacha sonracha i ndáil le cabhair chun tacú le hinfeistíochtaí chun feithiclí (nua nó úsáidte) a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre chun an t-aistriú módach chuig iompar d'iarnród agus iompar d'uiscebhealaí intíre a chothú.

⁽¹⁴⁰⁾ I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, i gcás inar féidir a mheas go bhfuil cabhair ad hoc le haghaidh taobhlach príobháideach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcomhréir le pointe 157.

159. Chun a áirithiú go seolfar an chabhair chuig na hoibreoirí is mó a bhfuil gá acu léi chun iad féin a bhunú ar an margadh, ní féidir cabhair faoin roinn seo a dheonú ach amháin d'iontrálaithe nua san earnáil iarnróid ⁽¹⁴¹⁾, do ghnóthais iarnróid a cháilíonn mar FBManna, do FBManna san earnáil uiscebhealaí intíre agus d'oibreoirí léasaithe san earnáil iarnróid agus/nó san earnáil uiscebhealaí intíre fad a cháilíonn siad mar FBManna.
160. Ní mór an chabhair a dheonú i bhfoirm ráthaíochta poiblí. Is féidir ráthaíochtaí a sholáthar go díreach do thairbhíthe deiridh (i.e. na hoibreoirí a luaitear i bpointe 159) nó d'institiúidí creidmheasa agus d'institiúidí airgeadais eile mar idirghabhálaithe airgeadais (fad a bhíonn sé de shaoirse ag an tairbhí an t-idirghabhálaí airgeadais a roghnú). Ní mór don idirghabhálaí airgeadais a bheith in ann a léiriú don Bhallstát ábhartha go bhfuil sásra á oibriú aige lena n-áirithítear go gcuirtear na buntáistí ar aghaidh a mhéid is mó is féidir chuig na tairbhíthe deiridh i bhfoirm méideanna maoiniúcháin níos airde, punanna a bhfuil riosca níos mó ag baint leo, ceanglais chomhthaobhachta níos ísle, nó rátaí úis níos ísle ná mar a bheadh ann gan na ráthaíochtaí poiblí sin.
161. An chabhair chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, chun í a mheas a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ní mór di na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa roinn seo agus i Roinn 4.1 a chomhlíonadh.

Rannchuidiú le riachtanais maidir le comhordú an iompair

162. Mar a luaitear i bpointí 21 agus 32, is íseal an leibhéal infheistíochta i bhfeithiclí a dhéantar san earnáil iarnróid agus san earnáil uiscebhealaí intíre araon, rud a chuireann bac ar fhorbairt iomlán na n-earnálacha sin. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 66, measann an Coimisiún go bhféadfadh cabhair chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre an t-aistriú módach i dtreo iompar inbhuanaithe de thalamh a chothú trí rochtain níos inacmhainne ar mhaoiniú a thabhairt do FBManna agus d'iontrálaithe nua san earnáil iarnróid chun feithiclí a fháil.
163. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh measúnú ar chomhoiriúnacht na cabhrach infheistíochta chun feithiclí glana (rothstoc agus soithí uiscebhealaí intíre) a fháil faoi na *Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le stáitchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh 2022* ⁽¹⁴²⁾.

Riachtanas na cabhrach

164. Is gá flíteanna agus cabhlaigh leordhóthanacha a bheith ann chun iompar d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre a choimeád san iomaíocht le modhanna eile iompair agus, ar an gcaoi sin, an t-aistriú chuig modhanna inbhuanaithe iompair de thalamh a chur chun cinn. Mar sin féin, an rochtain ar mhaoiniú chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, tá sí ina bacainn mhór faoi láthair roimh iontráil sa mhargadh agus/nó roimh leathnú FBManna san earnáil iarnróid agus san earnáil uiscebhealaí intíre agus roimh iontrálaithe nua san earnáil iarnróid.
165. A mhéid a bhaineann le hiompar d'iarnród, is srianta airgeadais go príomha iad na srianta ar chumas gnóthas iarnróid rothstoc a cheannach agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh

⁽¹⁴¹⁾ Ar mhaithe le soiléireacht, d'fhéadfadh iontrálaithe nua san earnáil iarnróid a bheith incháilithe do chabhair chun rothstoc a fháil cé nach gcáilíonn siad mar FBManna.

⁽¹⁴²⁾ Féach fonóta (71).

rochtain ag FBManna go háirithe ar chreidmheas ar théarmaí iomaíocha ⁽¹⁴³⁾. Is amhlaidh sin toisc go bhfuil na coinníollacha maoinithe le haghaidh FBManna agus iontrálaithe nua níos measa ná na coinníollacha a chuirtear ar fáil d'oibreoirí atá ann cheana, a thairbhíonn dá suíomh ar an margadh agus, go háirithe i gcás ina bhfuil siad faoi úinéireacht phoiblí, a d'fhéadfadh a n-acmhainneacht creidmheasa a léiriú ar bhealach níos éasca d'infheisteoirí agus do bhainc. Ar an gcaoi chéanna, tá an earnáil uiscebhealaí intíre thíos leis an gcumas teoranta airgeadais atá aici toisc gur FBManna agus gnólachtaí teaghlaigh atá san earnáil den chuid is mó, rud a fhágann gur deacair dóibh gabháil d'infheistíochtaí costasacha ⁽¹⁴⁴⁾. Sa chomhthéacs sin, tá costas méadaitheach soithí uiscebhealaí intíre ⁽¹⁴⁵⁾ ina bhacainn mhór roimh iontráil agus/nó roimh leathnú ar mhargadh an iompair d'uiscebhealaí intíre, go háirithe i bhfianaise an ghá atá le soithí speisialaithe le haghaidh cineálacha éagsúla lasta agus bealaí ⁽¹⁴⁶⁾.

166. Ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 67, measann an Coimisiún go bhfuil gá le cabhair chun rothstoc agus soithí a fháil chun riachtanais chomhordú an iompair a chomhlíonadh. Is amhlaidh sin toisc nach bhfuil an margadh ann féin in ann a áirithiú go mbeidh rochtain leordhóthanach ag FBManna san earnáil iarnróid agus san earnáil uiscebhealaí intíre ná ag iontrálaithe nua san earnáil iarnróid ar mhaoiniú chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre.

Oiriúnacht na cabhrach

167. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, measann an Coimisiún gur féidir, i bprionsabal, gur ionstraim iomchuí í an chabhair infheistíochta chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre má tá sí i bhfoirm ráthaíochtaí poiblí. Maidir le rochtain ar mhaoiniú chun feithiclí a fháil, is iad ráthaíochtaí poiblí i ndáil le hiasachtaí ar feadh tréimhse theoranta an ionstraim chabhrach is iomchuí chun cothrom iomaíochta a athbhunú idir FBManna agus iontrálaithe nua, ar thaobh amháin, agus oibreoirí móra atá ann cheana ar an taobh eile. Is é is aidhm do ráthaíochtaí den sórt sin a chur ar a gcumas dá dtairbhíthe tairbhiú de dhálaí creidmheasa ar an margadh atá níos cosúla leis na dálaí creidmheasa a bhíonn ag oibreoirí atá ann cheana de ghnáth.
168. Maidir le cabhair infheistíochta i bhfoirm ráthaíochtaí poiblí chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, measann an Coimisiún gurb iomchuí í chun cuidiú le FBManna agus le hiontrálaithe nua san earnáil iarnróid maoiniú a dhéanamh ar an gcostas ard a bhaineann le feithiclí a cheannach le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre má chomhlíontar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, mar a shoiléirítear i bpointe 167.

Éifeacht dreasachta na cabhrach

169. Leis an gcabhair, ba cheart dreasacht a thabhairt chun feithiclí nua nó úsáidte a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre. Measann an Coimisiún go bhfuil

⁽¹⁴³⁾ Staidéar tacaíochta um measúnú tionchair don athbhreithniú ar threoirlínte an Chomhphobail maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid, féach fonóta (42), roinn 4.3.2.

⁽¹⁴⁴⁾ Féach fonóta (58).

⁽¹⁴⁵⁾ Mar thoradh ar threochtaí boilscitheacha, tá méadú mór tagtha le blianta beaga anuas ar phraghsanna cruach agus ar phraghsanna ábhar eile a bhfuil gá leo sa longthógáil. Foinse: Grinníú Margaidh an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin [Tuarascáil bhliantúil 2023, 109].

⁽¹⁴⁶⁾ Tá trí phríomhchatagóir soithí i gcabhlach na n-uiscebhealaí intíre ag brath ar an gcineál lasta a iompraítear: soithí lasta thirim, soithí lasta leachtaigh agus brúshoithí agus tugaí. Áirítear i ngach catagóir cineálacha éagsúla soithí ag brath ar an aicme uiscebhealaí agus ar na dálaí loingseoireachta. Foinse: Grinníú Margaidh an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin, féach fonóta (145).

éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chomhlíontar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 69 agus 70.

Comhréireacht

170. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 71 go 74, féadfar a mheas, má chomhlíontar na coinníollacha carnacha thíos, gur trédhearcach agus comhréireach í cabhair i bhfoirm ráthaíochtaí poiblí chun go bhfaighidh FBManna agus/nó iontrálaithe nua san earnáil iarnróid soithí uiscebhealaí intíre:
- a) Soláthraítear an ráthaíocht i ndáil le hiasachtaí aonair nua chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre.
 - b) Níl méid ainmniúil na hiasachta foluití níos mó ná costais incháilithe na héadála a dtugtar cabhair lena haghaidh, lena gcuimsítear na costais a bhaineann le feithiclí nua nó úsáidte a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear praghas na feithicle, costais seachadta, agus costais staidéar deartha, costais chomhairliúcháin nó costais innealtóireachta, ar choinníoll go bhfuil siad nasctha leis an infheistíocht agus gur cuid den infheistíocht iad.
 - c) Ní mó an cumhdach ráthaíochta ná 90 % den iasacht fholuiteach.
 - d) Déantar an ráthaíocht a sholáthar ar tháille 50 bonnpointe ar a laghad má tá rátáil cheannasach an Bhallstáit deonaithe cothrom le AAA-A. Ina mhalairt de chás, bíonn sé de shaoirse ag na Ballstáit táille níos ísle a chur i bhfeidhm.
 - e) Tá fad na ráthaíochta teoranta do 15 bliana ar a mhéad.
171. Maidir le cabhair chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, féadfar í a charnadh le cabhair idir-inoibritheachta agus/nó cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóirithe má dhéantar na glanchostais bhreise a ghabhann le hinfheistíochtaí idir-inoibritheachta agus/nó infheistíochtaí oiriúnaithe theicniúil agus nuachóirithe a eisiamh ó na costais incháilithe a leagtar amach i bpointe 170(b). Déantar na glanchostais bhreise a ghabhann le hinfheistíochtaí idir-inoibritheachta agus/nó infheistíochtaí oiriúnaithe theicniúil agus nuachóirithe a ríomh mar an difríocht idir an costas iomlán a ghabhann le ceannach na feithicle a bhfuil a héadail beartaithe agus a bhfuil na hinfheistíochtaí sin déanta inti, ar thaobh amháin, agus an costas iomlán ceannaigh sa chás frithfhórasach ar an taobh eile, i.e. costas feithicle nach bhfuil infheistíochtaí idir-inoibritheachta déanta inti nó nach bhfuil oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú ag teastáil uaithi.
- Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint
172. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol trí shaobhadh míchuí iomaíochta agus trádála a chruthú, ní mór cabhair infheistíochta chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 75 agus 76.
173. Ba cheart an chabhair a dhámhachtain, i bprionsabal, i bhfoirm scéimeanna um chabhair toisc gur dócha go mbeidh iarmhairt shaobhach níos teoranta acu ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit ná cabhair ad hoc.

174. I gcás ina mbainfidh an chabhair le héadail rothstoc a úsáidtear chun seirbhísí poiblí a sholáthar san earnáil iompair lasta d'iarnród, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a áirithiú:

- a) nach ndéantar rothstoc arna mhaoiniú go poiblí a úsáid ach ar línte sonracha a bhfreastalaítear orthu faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí, nó laistigh de réigiúin shonracha ar feadh ré an chonartha seirbhíse poiblí nó ar feadh 10 mbliana ar a laghad (cibé acu is faide);
- b) i gcás ina n-aistrítear an conradh seirbhíse poiblí chuig oibreoir eile, go ndéantar an rothstoc arna mhaoiniú go poiblí a aistriú chuig an oibreoir nua ar phraghas an mhargaidh agus aon chistiú poiblí a fuair an t-oibreoir amach chun an rothstoc sin a cheannach á chur san áireamh.

4.2.2.4 Cabhair idir-inoibritheachta

175. Leis na Treoirlínte seo, déantar foráil maidir le rialacha sonracha i ndáil le cabhair atá beartaithe chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí a chur chun cinn lena n-áirithítear sreafaí tráchta earraí agus paisinéirí gan bhriseadh idir gréasáin náisiúnta agus modhanna iompair ('cabhair idir-inoibritheachta').

176. Leis an gcabhair idir-inoibritheachta is féidir tacú le hinfheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, lena n-áirítear staidéir féidearthachta ⁽¹⁴⁷⁾, a rannchuidíonn le sreafaí tráchta gan bhriseadh ('infheistíochtaí idir-inoibritheachta'). D'fhéadfadh infheistíochtaí idir-inoibritheachta a bheith bainteach, go háirithe, leis na teicneolaíochtaí agus na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- a) an Córas Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS), an Córas um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid don Todhchaí (FRMCS) agus Uathrialú Tráchta Traenacha (ATO) mar chuid den Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) mar a thuairiscítear i reachtaíocht thánaisteach an Aontais ⁽¹⁴⁸⁾;
- b) cúpláil uathoibríoch dhigiteach (DAC) ⁽¹⁴⁹⁾;

⁽¹⁴⁷⁾ Staidéir arb é is aidhm dóibh measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá aistriú módach nó iompar ilmhódach inbhuanaithe earraí nó paisinéirí ar bhealaí a dtéann gnóthas i muinín iompair de bhóthar ina leith faoi láthair.

⁽¹⁴⁸⁾ Is córas aonair Eorpach um rialú comharthaíochta agus luais é ERTMS lena n-áirithítear idir-inoibritheacht na gcóras náisiúnta iarnróid, lena laghdaítear costais cheannaigh agus chothabhála na gcóras comharthaíochta agus lena méadaítear luas na dtraenacha, toilleadh an bhonneagair agus an leibhéal sábháilteachta san iompar d'iarnród. Tá ERTMS comhdhéanta de ETCS (i.e. córas comharthaíochta cábáin lena n-ionchorpraítear córas uathchosanta traenacha), Raidió Móibíleach Iarnróid (RMR), Uathrialú Tráchta Traenacha (ATO) agus rialacha oibriúcháin. Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380). An córas RMR a úsáidtear faoi láthair le haghaidh oibríochtaí iarnróid, is é sin an Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród (GSM-R), tá sé bunaithe ar shonraíochtaí a tugadh chun críche 20 bliain ó shin. I ngeall ar dhífheidhmeacht theicneolaíoch, ní dócha go mbeifear in ann tacaíocht thionsclaíoch do GSM-R a áirithiú rófhada tar éis 2030. Tiocfaidh FRMCS i gcomharbas ar GSM-R mar cheann de chodanna fíor-riachtanacha ERTMS. Tacóidh sé le digitiú iarnróid agus le nuálaíocht seirbhíse. [Tá tagairt do reachtaíocht thánaisteach ábhartha an Aontais le cur isteach nuair a ghlacfar í]

⁽¹⁴⁹⁾ Is comhpháirt idir-inoibritheach é DAC chun an rothstoc i dtraein earraí a chúpláil agus a dhíchúpláil go huathoibríoch ar bhealach fisiceach (e.g. nasc meicniúil agus líne aeir le haghaidh coscánú) agus digiteach araon (e.g. cumhacht leictreach agus nasc sonraí). Tá DAC ina chumasóir chun córas iompair lasta iarnróid Eorpaigh atá nua-aimseartha agus digiteach a chruthú. Tá sé beartaithe éifeachtúlacht a mhéadú a bhí le próisis uathoibríthe, agus chun soláthar leordhóthanach fuinnimh d'fheidhmchláir theileamaitice agus

- c) rothstoc a oiriúnú do chórais leictreacha éagsúla;
- d) rothstoc a oiriúnú do leithid éagsúla rianta;
- e) soithí uiscebhealaí intíre a oiriúnú chun freastal ar chalafoirt;
- f) soithí uiscebhealaí intíre a oiriúnú do dhálaí athraitheacha inseoltachta, lena n-áirítear dálaí lag trá;
- g) rothstoc agus soithí uiscebhealaí intíre a uathoibriú;
- h) feithiclí a oiriúnú chun ILUnna a iompar;
- i) na príomhtheicneolaíochtaí is gá chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) a chur chun feidhme, amhail an t-ardán um sheirbhísí faisnéise tráchta abhann ('Ardán RIS') ⁽¹⁵⁰⁾, an Córas Taispeána Cairteacha Leictreonacha agus Faisnéise um Loingseoireacht Intíre ('ECDIS Intíre'), fógraí do scipéirí, an Córas Aitheantais Uathoibríoch Intíre ('AIS Intíre') agus Tuairisciú Leictreonach Idirnáisiúnta (ERI);
- j) feidhmchláir theileamaitice agus bogearraí eile a mhéid a rannchuidíonn siad le sreafaí tráchta gan bhriseadh, go háirithe córais idirmhódúla um shainathint, rianú agus inrianaitheacht, agus ardáin malartaithe sonraí idirmhódúla.

177. Ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis dheonú na cabhrach, sna socruithe conarthacha maidir le haistriú nó úsáid sócmhainní i gcoinne íoca, ar sócmhainní iad arna maoiniú le cabhair idir-inoibritheachta ⁽¹⁵¹⁾, ní mór clásal a áireamh lena sonraítear gur le stáitchabhair a maoiníodh an infheistíocht a áirithíonn idir-inoibritheacht na sócmhainne lena mbaineann. Ní mór dóibh na hoibleagáidí comhfhreagracha a leagtar síos i bpointe 193 a lua freisin agus an méid cabhrach a shonrú.
178. Chun an chabhair idir-inoibritheachta a mheas a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ní mór di na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa roinn seo agus i Roinn 4.1 a chomhlíonadh.

Rannchuidiú le riachtanais maidir le comhordú an iompair

179. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 66, measann an Coimisiún gur féidir aistriú módach i dtreo iompar inbhuanaithe de thalamh a chothú leis an gcabhair idir-inoibritheachta trí shreafaí tráchta paisinéirí agus earraí gan bhriseadh a áirithiú idir gréasáin na mBallstát agus idir modhanna éagsúla iompair. Tugann idirnascadh rianúil gréasán agus modhanna iompair ar fud an Aontais caoi don mhéid seo a leanas a dhéanamh: (a) iompar d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre chun freastal ar an méadú tráchta arb é is uailmhian don Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteach Inbhuanaithe agus Chliste trí bharrfheabhsú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as toilleadh teoranta na mbonneagar iompair d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre; (b) iompar ilmhódach chun dul san iomaíocht i ndáiríre le modhanna iompair truaillitheacha aonmhódacha óir cumasaíonn sé comhtháthú rianúil slabhraí iompair agus sineirgí idir

cumarsáid shábháilte sonraí ar fud na traenach a áirithiú. [Tá tagairt do reachtaíocht thánaisteach ábhartha an Aontais le cur isteach nuair a ghlacfar í]

⁽¹⁵⁰⁾ Airteagal 1(3), pointe (hh), den Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal, COM/2024/33 final, 26.1.2024.

⁽¹⁵¹⁾ Amhail conarthaí léasaithe rothstoic.

modhanna éagsúla iompair i dtéarmaí bonneagair, sreafaí faisnéise agus nósanna imeachta; agus (c) méadú tráchta trasteorann.

Riachtanas na cabhrach

180. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil ról nach beag ag suiteáil agus uasghrádú córas idir-inoibritheachta maidir le modhanna inbhuanaithe iompair de thalamh a fhorbairt. Mar sin féin, is próiseas costasach é ar mó na tairbhí poiblí a ghabhann leis ná na tairbhí príobháideacha do ghnóthais, go háirithe le linn chéim tosaigh an chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is beag dreasachtaí atá ann le haghaidh infheistíocht phríobháideach. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh, go háirithe, ar an méid seo a leanas: (a) an cur i bhfeidhm forleathan is gá sula dtiocfaidh ann do na tairbhí a bhaineann le teicneolaíochtaí áirithe ('míbhuntáiste an cheannródaí') ⁽¹⁵²⁾; (b) an gá atá le hinfeistíochtaí comhthreomhara ag gníomhaithe éagsúla (e.g. an bainisteoir bonneagair agus na gnóthais iarnróid) agus ar an leibhéal trasteorann; agus (c) na tairbhí príobháideacha teoranta a thagann as na hinfeistíochtaí i gcomparáid leis na tairbhí poiblí (e.g. sábháilteacht).
181. Ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 67, measann an Coimisiún go bhfuil gá le cabhair idir-inoibritheachta chun riachtanais chomhordú an iompair a chomhlíonadh. Is amhlaidh sin toisc nach bhfuil an margadh ann féin in ann teicneolaíochtaí a rannchuidíonn le sreafaí tráchta gan bhriseadh a chur i bhfeidhm go leormhaith ⁽¹⁵³⁾.

Oiriúnacht na cabhrach

182. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, measann an Coimisiún gur féidir i bprionsabal gur ionstraim iomchuí í cabhair idir-inoibritheachta ⁽¹⁵⁴⁾ chun teicneolaíochtaí a chur chun cinn lena gcumasaítear sreafaí tráchta earraí agus/nó paisinéirí gan bhriseadh idir gréasáin náisiúnta agus/nó modhanna iompair, go háirithe in éagmais bearta rialála lena sainordaítear tabhairt isteach na dteicneolaíochtaí céanna. Níl cabhair idir-inoibritheachta iomchuí i gcás ina bhfuil bearta rialála i bhfeidhm lena gceanglaítear tabhairt isteach na dteicneolaíochtaí céanna thart ar an am céanna leo siúd atá beartaithe a bhaint amach trí úsáid na cabhrach sin.

⁽¹⁵²⁾ Saintréith den chuid is mó de na teicneolaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a luaitear i bpointe 176 is ea nach féidir na tairbhí a bhaineann leo a bhaint amach go hiomlán ach amháin má bhaintear amach leibhéal criticiúil de chur i bhfeidhm sioncronaithe. Mar gheall ar na costais infheistíochta tosaigh arda, tá costais dhíreacha d'oibreoirí níos airde faoi láthair ná an coigilteas ón aistriú chuig na teicneolaíochtaí sin.

⁽¹⁵³⁾ Staidéar tacaíochta um measúnú tionchair don athbhreithniú ar threoirlínte an Chomhphobail maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid, féach fonóta (42), roinn 4.5.4.

⁽¹⁵⁴⁾ A mhéid a bhaineann le foirm na cabhrach, ina chleachtas cinnteoireachta roimhe seo maidir le cabhair a chomhlíonann riachtanais chomhordú an iompair, ní dhearna an Coimisiún agóid in aghaidh cabhair i bhfoirm deontas díreach (féach Cinneadh *ex multis* ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2023 i gcás SA.102707, an Iodáil, *Italian scheme to support the upgrade of rolling stock with ERTMS equipment* [Scéim na hIodáile chun tacú le huasghrádú rothstóic le trealamh ERTMS] (IO C 266, 28.7.2023, lch. 4); agus Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Samhain 2019 i gcás SA.55451, an Ísiltír, *Support for ERTMS upgrade* [Tacaíocht d'uasghrádú ERTMS] (IO C 59, 21.2.2020, lch. 1). Le cabhair i bhfoirm deontas díreach, tá tairbhíthe in ann a gcostais infheistíochta tosaigh a laghdú (costais fréamhshamhla, caillteanais ioncaim le linn bhac gluaiseachta an rothstóic, infheistíocht idir-inoibritheachta féin) ar deacair iad a fhorchúiteamh faoi ghnáthdhálaí margaidh, go háirithe i gcás nach dtiocfaidh an infheistíocht chun bheith brabúsach ach amháin faoi réir chur i bhfeidhm leathan na dteicneolaíochtaí sin, rud a d'fhéadfadh tréimhse ní b'fhaide ná saolré na sócmhainne a thógáil.

Éifeacht dreasachta na cabhrach

183. Leis an gcabhair, ba cheart infheistíochtaí a dhreasú i dteicneolaíochtaí a áirithíonn sreafaí tráchta earraí agus paisinéirí gan bhriseadh idir gréasáin náisiúnta éagsúla agus modhanna éagsúla iompair. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 69 agus 70, ní mór na coinníollacha carnacha thíos a chomhlíonadh chun go mbeidh éifeacht dreasachta ag cabhair idir-inoibritheachta:
- a) rinne an tairbhí iarratas ar an gcabhair roimh thús na n-oibreacha ar an tionscadal infheistíochta;
 - b) ba cheart na hoibreacha ar an tionscadal infheistíochta a thabhairt chun críche 1 bhliain amháin ar a laghad roimh an dáta a mbeidh an infheistíocht a dtacaítear léi éigeantach ar leibhéal an Aontais.
184. Measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chomhlíontar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 69 agus 70, mar a shoiléirítear i bpointe 183. Níl aon éifeacht dreasachta, i bprionsabal, ag cabhair arna deonú chun na costais a bhaineann le caighdeán an Aontais a chomhlíonadh a chumhdach.

Comhréireacht

185. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 71 go 74, féadfar, i bprionsabal, an chabhair a mheas a bheith comhréireach mura mó í ná 50 % de na costais incháilithe.
186. Is iad na costais incháilithe:
- a) na costais uile is gá chun na hinfeistíochtaí idir-inoibritheachta a chur chun feidhme nó na costais uile atá coimhdeach lena gcur chun feidhme; ag brath ar an gcineál infheistíochta, d'fhéadfaí na costais a bhaineann leis an teicneolaíocht ábhartha a cheannach agus a shuiteáil ⁽¹⁵⁵⁾, costais bainistithe tionscadail agus costais seachadta ⁽¹⁵⁶⁾ a áireamh sna costais sin;
 - b) costais a bhaineann le staidéir, tástáil agus formheas, agus suiteálacha píolótacha agus fréamhshamhlacha; agus
 - c) costais a bhaineann le teicneolaíocht a suiteáladh roimhe seo a uasghrádú.
187. A mhéid a bhaineann le hinfeistíochtaí idir-inoibritheachta a bhaineann le ERTMS mar a shainítear i bpointe 176(a), tá costais a bhaineann le comhtháthú fheidhmeanna an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte Eorpaigh (EGNSS) laistigh de ERTMS incháilithe do thacaíocht. Níl costais a bhaineann le GSM-R incháilithe do thacaíocht.
188. A mhéid a bhaineann le hinfeistíochtaí idir-inoibritheachta i bhfeithiclí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre a bhfuil sé beartaithe iad a fháil, ní mór na costais incháilithe a bheith teoranta do na glanchostais bhreise a ghabhann le hidir-inoibritheacht ⁽¹⁵⁷⁾. Ríomhtar iad mar an difríocht idir an costas iomlán a ghabhann le ceannach na feithicle le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre a bhfuil a héadáil beartaithe agus a bhfuil na hinfeistíochtaí sin déanta inti, ar thaobh amháin, agus

⁽¹⁵⁵⁾ Féadfar an teicneolaíocht ábhartha a fháil agus í nua nó úsáidte.

⁽¹⁵⁶⁾ Ar mhaithe le soiléireacht, níl costais chothabhála incháilithe do thacaíocht.

⁽¹⁵⁷⁾ Ar choinníoll nach gcumhdaítear iad cheana féin le haon fhoirm eile cabhrach, go háirithe cabhair faoi Roinn 4.2.2.3.

an costas iomlán a ghabhann leis an bhfeithicil chéanna, nó ceann comhchosúil léi, nach bhfuil infheistíochtaí idir-inoibritheachta déanta inti a cheannach sa chás frithfhórasach, ar an taobh eile.

189. Mar eisceacht, féadfar cabhair le haghaidh teicneolaíochtaí a liostaítear i bpointe 176(a) agus (b) a mheas a bheith comhréireach mura mó í ná 80 % de na costais incháilithe. Is amhlaidh sin toisc go ndéanann fadhbanna comhordúcháin ag céim an chur i bhfeidhm difear ar leith do na teicneolaíochtaí sin agus go mbíonn tairbhí seachtracha nach beag acu nach féidir a inmheánú.
190. Féadfaidh an Ballstát a léiriú freisin, ag brath ar shaintréithe sonracha an bhirt, go bhfuil gá le déine cabhrach níos airde bunaithe ar anailís ar an mbearna cistithe i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 71 go 74. Sa chás sin, measfaidh an Coimisiún go bhfuil an chabhair comhréireach má tá an méid cabhrach in aghaidh an tairbhí teoranta don íosmhéid is gá chun an infheistíocht a dhéanamh (i.e. má chomhfhreagraíonn an chabhair don bhearna cistithe is gá chun cuspóir an bhirt cabhrach a chomhlíonadh, i gcomparáid leis an gcás frithfhórasach in éagmais cabhrach). In aon chás, ní fhéadfaidh an chabhair a bheith níos mó ná 100 % de na costais incháilithe.

Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint

191. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol trí shaobhadh míchuí iomaíochta agus trádála a chruthú, ní mór cabhair idir-inoibritheachta a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 75 agus 76.
192. Ba cheart an chabhair a dhámhachtain, i bprionsabal, i bhfoirm scéimeanna cabhrach toisc gur dócha go mbeidh éifeacht shaobhach níos teoranta acu ar iomaíocht agus ar thrádáil ná cabhair ad hoc.
193. Ina theannta sin, i gcás rothstoic agus soithí uiscebhealaí intíre, ní mór do thairbhí na cabhrach, agus d'aon úinéir nó d'aon choimeádaí ar an bpíosa rothstoic nó ar an soitheach uiscebhealaí intíre ina dhiaidh sin a thairbhíonn den infheistíocht dá dtugtar tacaíocht, iad a choimeád cláraithe i gclár náisiúnta ábhartha aon Bhallstáit agus/nó i gclár feithiclí Eorpach ábhartha ar feadh 5 bliana tar éis chur chun feidhme na hinfheistíochta.

4.2.2.5 Cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóirithe

194. Leis na Treoirí seo, déantar foráil maidir le rialacha sonracha chun tacú le hinfheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe le haghaidh oiriúnú teicniúil nó nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealamh i gcomhair iompar ilmhódach inbhuanaithe.
195. D'fhéadfaí tacú leis na gníomhaíochtaí agus na teicneolaíochtaí seo a leanas go háirithe:
- a) rothstoc a iarfheistiú agus/nó a athriochtú;
 - b) soithí uiscebhealaí intíre a iarfheistiú agus/nó a athriochtú, chun feabhas a chur ar hidridinimic agus éifeachtúlacht mar shampla;
 - c) trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a iarfheistiú agus/nó a athriochtú;
 - d) soithí uiscebhealaí intíre a oiriúnú go teicniúil do chineálacha nua lasta;

- e) feidhmchláir theileamaitice agus bogearraí eile nach dtagann faoi Roinn 4.2.2.4 de na Treoirlínte seo, amhail córais lena soláthraítear faisnéis do phaisinéirí go heisiach laistigh de mhodh iompair amháin, nó córais áirithinte agus íocaíochta digití nach rannchuidíonn le sreafaí tráchta gan bhriseadh;
- f) córais lóistíochta, amhail bogearraí optamaithe ualaigh;
- g) bogearraí réamhaisnéise tráchta (Am Measta Imeachta/Am Measta Teachta) agus bogearraí optamaithe bealaí.

196. Ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis dheonú na cabhrach, sna socruithe conarthacha maidir le haistriú nó úsáid sócmhainní i gcoinne íoca, ar sócmhainní iad arna maoiniú le cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealaimh i gcomhair iompar ilmhódach inbhuanaithe ⁽¹⁵⁸⁾, ní mór clásal a áireamh lena sonraítear gur le státchabhair a maoiníodh oiriúnú nó nuachóiriú na sócmhainne lena mbaineann, agus ní mór an méid cabhrach a shonrú.
197. An chabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealaimh i gcomhair iompar ilmhódach inbhuanaithe, chun í a mheas a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ní mór di na coinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa roinn seo agus i Roinn 4.1a chomhlíonadh.

Rannchuidiú le riachtanais maidir le comhordú an iompair

198. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 66, measann an Coimisiún gur féidir aistriú módach i dtreo an iompair inbhuanaithe de thalamh a chothú tríd an gcabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealaimh i gcomhair iompar ilmhódach inbhuanaithe. Cuireann oiriúnú teicniúil ar a chumas don iompar inbhuanaithe de thalamh freastal ar an éileamh ar chineálacha nua seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta agus forbairt a dhéanamh i réimsí ina bhfuil an acmhainneacht fáis is mó aige, amhail iompar earraí rómhóra, troma nó contúirteacha agus iompar paisinéirí thar oíche. Os a choinne sin, leis an nuachóiriú, méadaítear sábháilteacht, slándáil, iontaofacht agus cáilíocht an iompair inbhuanaithe de thalamh. Rannchuidíonn an t-oiriúnú teicniúil agus an nuachóiriú freisin leis an úsáid chostéifeachtach is fearr is féidir a bhaint as a bhfuil ann cheana de rothstoc, de shoithí uiscebhealaí intíre agus de threalamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe.
199. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag déanamh measúnú ar chomhoiriúnacht na cabhrach infheistíochta i bhfeithiclí glana (rothstoc agus soithí uiscebhealaí intíre) faoi na *Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh 2022* ⁽¹⁵⁹⁾. Ar an gcaoi chéanna, ní chumhdaítear leis na Treoirlínte seo cabhair infheistíochta chun torann iompair iarnróid a laghdú ach cumhdaítear í faoi na *Treoirlínte maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh 2022* (ina bhfuil rialacha sonracha maidir le cabhair chun truailliú seachas truailliú ó gháis cheaptha teasa a chosc nó a laghdú).

Riachtanas na cabhrach

200. De bharr oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealaimh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe tá na táirgí sin in ann a gcuid luacha agus áirgiúlachta a choimeád ar an leibhéal is airde. Ní hamháin go dtacaíonn na

⁽¹⁵⁸⁾ Amhail conarthaí léasaithe rothstoic.

⁽¹⁵⁹⁾ Féach fonóta (71).

cineálacha sin infheistíochta le hiomaíochas an iompair inbhuanaithe de thalamh ach fágann siad freisin gur féidir margadh athláimhe a fhorbairt a rannchuideoidh le haistriú chuig modhanna inbhuanaithe iompair de thalamh a chothú. D'fhéadfadh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú a bheith an-chostasach toisc nach féidir an rothstoc, na soithí uiscebhealaí intíre ná an trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a úsáid ar feadh thréimhse na hidirghabhála, rud a fhágann go dtagann laghdúithe móra ar ioncaim. Thairis sin, is gá fréamhshamhail a fhorbairt le haghaidh roinnt cineálacha infheistíochtaí oiriúnaithe theicniúil agus nuachóirithe chun tuiscint a fháil ar na hathruithe struchtúracha is gá chun an teicneolaíocht a chur chun feidhme, ag brath ar an gcineál feithicle nó trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe. Is minic is mó na costais sin (costas na fréamhshamhla agus costas na hiarfheistithe) ná luach na míre iarfhéistithe⁽¹⁶⁰⁾.

201. Ag féachaint do na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 67, measann an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealamh i gcomhair iompar ilmhódach inbhuanaithe chun riachtanais chomhordú an iompair a chomhlíonadh a mhéid nach ndéanann an margadh ann féin leibhéal leordhóthanach infheistíochta in oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú chun tacú le hiomaíochas an iompair inbhuanaithe de thalamh.

Oiriúnacht na cabhrach

202. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointe 68, measann an Coimisiún gur féidir, i bprionsabal, gur ionstraim iomchuí í an chabhair infheistíochta le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealamh i gcomhair iompar ilmhódach inbhuanaithe⁽¹⁶¹⁾. Áirithítear leis an gcabhair sin leibhéal leordhóthanach infheistíochta in oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú lena dtacaítear le hiomaíochas an iompair inbhuanaithe de thalamh, go háirithe in éagmais bearta rialála lena sainordófaí tabhairt isteach na dteicneolaíochtaí céanna. Cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóirithe, níl sí iomchuí chun bearta rialála a chur chun feidhme lena gceanglaítear tabhairt isteach na dteicneolaíochtaí céanna thart ar an am céanna leo siúd atá beartaithe a bhaint amach trí úsáid na cabhrach sin.

Éifeacht dreasachta na cabhrach

203. Leis an gcabhair, ba cheart infheistíochtaí a dhreasú in oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú rothstoic, soithí uiscebhealaí intíre agus trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe. Chun go mbeidh éifeacht dreasachta ag an gcabhair, ní mór di gan infheistíochtaí a mhaoiniú a bhfuil gá leo chun caighdeán AE a chomhlíonadh, nó ní mór di infheistíochtaí a mhaoiniú lenar féidir caighdeán AE a chomhlíonadh i bhfad roimh dháta theacht i bhfeidhm éigeantach an chaighdeáin ar leibhéal an Aontais. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 69 agus 70, ní mór na

⁽¹⁶⁰⁾ Staidéar tacaíochta um measúnú tionchair don athbheithniú ar threoirlínte an Chomhphobail maidir le Státchabhair do ghnóthais iarnróid, féach fonóta (42), roinn 3.5.

⁽¹⁶¹⁾ A mhéid a bhaineann le foirm na cabhrach, ina chleachtas cinnteoireachta roimhe seo maidir le cabhair a chomhlíonann riachtanais chomhordú an iompair, ní dhearna an Coimisiún agóid in aghaidh cabhair i bhfoirm deontas díreach (féach Cinneadh ón gCoimisiún an 1 Iúil 2021 i gcás SA.57137, an Ghearmáin, *State aid scheme for modernisation of inland waterway fleet* [Scéim státchabhrach chun an cabhlach uiscebhealaí intíre a nuachóiriú] (IO C 317, 6.8.2021, lch. 1). Le cabhair i bhfoirm deontas díreach, tá tairbhíthe in ann a gcostais infheistíochta tosaigh a laghdú (costais fréamhshamhla, caillteanais ioncaim le linn bhac gluaiseachta an rothstoic, an infheistíocht idir-inoibritheachta féin) ar deacair iad a fhorchúiteamh faoi ghnáthdhálaí margaidh.

coinníollacha carnacha thíos a chomhlíonadh chun go mbeidh éifeacht dreasachta ag cabhair.

- a) Rinne an tairbhí iarratas ar an gcabhair roimh thús na n-oibreacha ar an tionscadal infheistíochta.
- b) Ba cheart na hoibreacha ar an tionscadal infheistíochta a thabhairt chun críche 1 bhliain amháin ar a laghad roimh an dáta a mbeidh an infheistíocht a dtacaítear léi éigeantach ar leibhéal an Aontais.

204. Measann an Coimisiún go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair má chomhlíontar na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 69 agus 70, mar a shoiléirítear i bpointe 203.

Comhréireacht

205. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 71 go 74, féadfar, i bprionsabal, an chabhair a mheas a bheith comhréireach mura mó í ná 20 % de na costais incháilithe.

206. Is iad na costais incháilithe:

- a) na costais uile is gá chun na hinfheistíochtaí incháilithe a chur chun feidhme nó na costais uile atá coimhdeach lena gcur chun feidhme; ag brath ar an gcineál infheistíochta, is féidir costais a bhfuil gá leo chun an teicneolaíocht ábhartha a cheannach agus a shuiteáil, costais bainistithe tionscadail agus costais seachadta a áireamh sna costais sin ⁽¹⁶²⁾;
- b) costais a bhaineann le staidéir, tástáil agus formheas, agus suiteálacha píolótacha agus fréamhshamhlacha; agus
- c) costais a bhaineann le teicneolaíocht a suiteáladh roimhe seo a uasghrádú..

207. Féadfaidh an Ballstát a léiriú freisin, ag brath ar shaintréithe sonracha an bhirt, go bhfuil gá le déine cabhrach níos airde bunaithe ar anailís ar an mbearna cistithe mar a leagtar amach i bpointí 71 go 74. Sa chás sin, measfaidh an Coimisiún go bhfuil an chabhair comhréireach má tá an méid cabhrach in aghaidh an tairbhí teoranta don mhéid is gá chun an infheistíocht a dhéanamh (i.e. má chomhfhreagraíonn an chabhair don bhearna cistithe is gá chun cuspóir an bhirt cabhrach a chomhlíonadh, i gcomparáid leis an gcás frithfhórasach in éagmais cabhrach). In aon chás, ní fhéadfaidh an chabhair a bheith níos mó ná 100 % de na costais incháilithe.

208. A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí oiriúnaithe theicniúil agus nuachóirithe i bhfeithicilí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre a bhfuil sé beartaithe iad a fháil, ní mór na costais incháilithe a bheith teoranta do na glanchostais bhreise a ghabhann le hoiriúnú teicniúil agus nuachóiriú ⁽¹⁶³⁾. Ríomhtar iad mar an difríocht idir an costas iomlán a ghabhann le ceannach na feithicle le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre a bhfuil a héadail beartaithe agus a bhfuil na hinfheistíochtaí sin déanta inti, ar thaobh amháin, agus an costas iomlán a ghabhann leis an bhfeithicil

⁽¹⁶²⁾ Ar mhaithe le soiléireacht, níl costais chothabhála incháilithe do thacaíocht.

⁽¹⁶³⁾ Ar choinníoll nach gcumhdaítear iad cheana féin le haon fhoirm eile cabhrach, go háirithe cabhair faoi Roinn 4.2.2.3.

chéanna, nó ceann comhchosúil léi, nach bhfuil infheistíochtaí oiriúnaithe theicniúil agus nuachóirithe déanta inti a cheannach sa chás frithfhíorasach, ar an taobh eile.

Éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit a sheachaint

209. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol trí shaobhadh míchuí iomaíochta agus trádála a chruthú, ní mór cabhair infheistíochta le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i bpointí 75 agus 76.
210. Ba cheart an chabhair a dhámhachtain, i bprionsabal, i bhfoirm scéimeanna cabhrach toisc gur dócha go mbeidh éifeacht shaobhach níos teoranta acu ar iomaíocht ná cabhair ad hoc.

5. CABHAIR ARB É ATÁ INTI AISÍOCAÍOCHT AS COMHLÍONADH OIBLEAGÁIDÍ ÁIRITHE IS GNÉ DHÍLIS DE CHOINCHEAP NA SEIRBHÍSE POIBLÍ SAN EARNÁIL LASTA IARNRÓID

5.1 Forálacha ginearálta

211. Le hAirteagal 93 CFAE déantar foráil maidir le comhoiriúnacht stáitchabhrach arb é atá inti aisíocaíocht as comhlíonadh oibleagáidí áirithe is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí. Sa chomhthéacs sin, leagtar amach in Airteagal 14 den Chonradh agus i bPrótacal Uimh. 26 maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, atá i gceangal leis an gConradh, na prionsabail ghinearálta maidir leis an gcaoi a ndéanann na Ballstáit seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a shainiú agus a sholáthar. De réir Phrótacal Uimh. 26, tá ról fíor-riachtanach ag údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus discríd leathan chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar, a choimisiúnú agus a eagrú atá saincheaptha a oiread is féidir do riachtanais na n-úsáideoirí. Ní fhéadfaidh an Coimisiún amhras a chaitheamh ar shonrú oibleagáide seirbhíse poiblí ach amháin i gcás earráid fhollasach i bhfeidhmiú dhiscríd na mBallstát ⁽¹⁶⁴⁾. Níl cumhacht neamhtheoranta ag an mBallstát seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a shainiú, áfach, agus ní fhéadfar í a fheidhmiú go treallach chun ligean d'earnáil ar leith dul timpeall ar chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta agus chuige sin amháin ⁽¹⁶⁵⁾.
212. Sa Teachtaireacht maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁶⁶⁾, a bhfuil feidhm aici freisin maidir leis an earnáil iompair lasta iarnróid, shoiléirigh an Coimisiún na coinníollacha faoina bhfuil cúiteamh seirbhíse poiblí le meas a bheith ina stáitchabhair.
213. Thairis sin, an Rialachán maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh a chur i bhfeidhm maidir le cabhair *de minimis* arna deonú do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁶⁷⁾, tá sé infheidhme freisin maidir leis an earnáil iompair lasta iarnróid. Sa Rialachán, leag an Coimisiún amach na coinníollacha faoina meastar nach ndéanann méideanna beaga cúitimh seirbhíse poiblí difear don trádáil

⁽¹⁶⁴⁾ Breithiúnas an 29 Samhain 2018, *ARFEA v an Coimisiún Eorpach*, T-720/16, EU:T:2018:853, mír 88; breithiúnas an 24 Samhain 2020, *Viasat Broadcasting UK Ltd*, C-445/19, EU:C:2020:952, mír 33.

⁽¹⁶⁵⁾ Breithiúnas an 12 Feabhra 2008, *BUPA agus Eile v an Coimisiún Eorpach*, T-289/03, EU:T:2008:29, mír 168.

⁽¹⁶⁶⁾ Féach fonóta (36).

⁽¹⁶⁷⁾ Féach fonóta (99).

idir na Ballstáit agus/nó nach ndéanann siad iomaíocht a shaobhadh ná bagairt a dhéanamh í a shaobhadh. Sna himthosca sin, ní thagann cúiteamh faoi raon feidhme Airteagal 107(1) den Chonradh.

214. Más mian leis na Ballstáit bearta a leagan síos arb é atá iontu aisíocaíocht as comhlíonadh oibleagáidí áirithe is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí san earnáil iompair lasta iarnróid nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mbreithiúnas *Altmark* ⁽¹⁶⁸⁾ agus ar stáitchabhair iad, ní mór dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal 108(3) den Chonradh.
215. Leagtar síos leis na Treoirlínte seo na coinníollacha faoinar féidir stáitchabhair, arb é atá inti aisíocaíocht as comhlíonadh oibleagáidí áirithe is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí san iompar lasta iarnróid, a chinneadh a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 93 den Chonradh ⁽¹⁶⁹⁾. Cé nach bhfuil an Creat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁷⁰⁾ infheidhme maidir leis an earnáil iompair de thalamh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh ina mheasúnú comhoiriúnachta na coinníollacha a leagtar síos i ranna 2.2 go 2.10 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁷¹⁾ arna gcoigeartú i leith shaintréithe sonracha na hearnála iompair lasta iarnróid, mar a leagtar amach sa chaibidil seo.

5.2 Fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta

216. Ní mór an chabhair a dheonú le haghaidh fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta atá sainithe i gceart. Ciallaíonn sé sin nach féidir seirbhísí iompair lasta a cháiliú mar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ach amháin i gcás ina gcinneann an Ballstát lena mbaineann go bhfuil fíor-riachtanas ann le haghaidh na seirbhísí sin agus nach bhfreastalaíonn an margadh ar an bhfíor-riachtanas sin, nó nach bhfreastalaíonn sé go leormhaith air.
217. I ndáil le sainiú fíorsheirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní mór don Bhallstát lena mbaineann a shuí go bhfuil saintréithe speisialta ag an tseirbhís iompair lasta iarnróid i gcomparáid le saintréithe seirbhísí tráchtála más ann do na seirbhísí sin sa mhargadh. I ndáil leis sin, shoiléirigh an Coimisiún nach féidir leis na Ballstáit oibleagáidí sonracha seirbhíse poiblí a chur i gceangal le seirbhísí atá á soláthar cheana féin nó ar féidir le gnóthais iad a sholáthar go sásúil, ar gnóthais iad a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas seirbhíse agus rochtain ar an tseirbhís, atá comhsheasmhach le leas an phobail mar a shainíonn an Ballstát é ⁽¹⁷²⁾.

⁽¹⁶⁸⁾ Breithiúnas an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans*, C-280/00, EU:C:2003:415. Féach pointí 42 ff. den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rialacha stáitchabhrach an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar (féach fonóta (36)).

⁽¹⁶⁹⁾ Níl aon choibhéis in Airteagal 93 den Chonradh leis an dara habairt d'Airteagal 106(2) den Chonradh, faoina gcaithfear gan cur as d'fhorbairt na trádála go feadh méid ba dhochair do leasanna an Aontais. Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an gCúirt cheana féin, áfach, nach mór don Choimisiún, agus measúnú á dhéanamh aige ar bheart cabhrach faoi Airteagal 93 den Chonradh, a fhíorú nach gcuireann an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaoil, féach breithiúnas an 12 Deireadh Fómhair 1978, *an Coimisiún v an Bheilg*, 156/77, a luaitear i bhfonóta (30), mír 10.

⁽¹⁷⁰⁾ Féach fonóta (70).

⁽¹⁷¹⁾ Féach fonóta (70).

⁽¹⁷²⁾ Mír 13 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, féach fonóta (70).

218. Ba cheart do na Ballstáit a léiriú go dtéann an tseirbhís shonrach chun leasa na sochaí ina hiomláine ⁽¹⁷³⁾ agus gur thug siad aird chuí ar na riachtanais seirbhíse poiblí ar tacaíodh leo trí bhíthin comhairliúchán poiblí nó ionstraimí iomchuí eile chun leasanna úsáideoirí agus soláthraithe a chur san áireamh ⁽¹⁷⁴⁾. De réir chúirteanna an Aontais, gan fianaise a bheith tugtha ag an mBallstát go gcomhlíontar na critéir sin (i.e. go bhfuil raon feidhme na hoibleagáide seirbhíse poiblí riachtanach agus comhréireach le fíor-riachtanas seirbhíse poiblí) nó gan na critéir sin a bheith comhlíonta, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina earráid fhollasach measúnaithe nach mór don Choimisiún a chur san áireamh ⁽¹⁷⁵⁾.
219. I bhfianaise an mhéid thuas, agus seiceáil á déanamh ag an gCoimisiún an bhfuil raon feidhme na hoibleagáide seirbhíse poiblí riachtanach agus comhréireach le fíor-riachtanas seirbhíse poiblí san earnáil iompair lasta iarnróid, fíoróidh sé go bhfuil measúnú carnach déanta ag an údarás inniúil ar an méid seo a leanas: (i) na riachtanais iompair atá i gceist bunaithe ar an gcuspóir poiblí atá á shaothrú ag an mBallstát lena mbaineann (i.e. fíor-riachtanas seirbhíse poiblí a bheith ann); (ii) a mhéid a d'fhéadfadh fórsaí an mhargaidh amháin na riachtanais sin a chomhlíonadh (i.e. teip mhargaidh a bheith ann); agus (iii) bearta malartacha a d'fhéadfadh freastal ar na riachtanais céanna agus, an tráth céanna, gan iomaíocht agus trádáil a shaobhadh a oiread céanna.
220. Agus measúnú á dhéanamh ar an éileamh ar iompar, féadfaidh na húdaráis inniúla an t-éileamh atá ann cheana chomh maith leis an éileamh ionchasach ó úsáideoirí a mheas (go háirithe i gcás ina bhféadfadh an t-éileamh sin lena bhfuil coinne teacht go réasúnta as cuspóirí beartais a shaothrú amhail nascacht iompair inbhuanaithe nó comhtháthú sóisialta a chur chun cinn). Is féidir an measúnú ex ante ar an éileamh ar sheirbhís iompair phoiblí a dhéanamh trí mhodhanna éagsúla, amhail, mar shampla, sonraí stairiúla a úsáid, pobalbhreitheanna ionadaíocha a dhéanamh nó comhairliúchán poiblí a dhéanamh leis na húsáideoirí chun an méid lena bhfuil coinne acu ó na seirbhísí poiblí a shainaithint.
221. Ba cheart a áireamh sa mheasúnú ar an tairiscint rochtana ar an margadh, mar phrionsabal, comhairliúchán le hoibreoirí maidir lena spéis na seirbhísí ábhartha a thairiscint trí sheirbhísí rochtana oscailte agus measúnú a dhéanamh ar a thorthaí. Féadfar, mar shampla, dul i gcomhairle le hoibreoirí margaidh maidir le cineál, méid agus minicíocht na seirbhísí a sholáthraíonn siad cheana nó atá beartaithe acu a sholáthar sa limistéar geografach lena mbaineann nó maidir le leibhéal na dtaraifí a chuireann siad i bhfeidhm nó atá beartaithe acu a chur i bhfeidhm. I gcás ina soláthraíonn oibreoir margaidh seirbhísí tráchtála, nó i gcás ina bhfuil coinne leis go seolfaidh oibreoir margaidh iad laistigh de sprioc-am réasúnta gearr (san earnáil iarnróid, mar shampla, i gcás inar chuir an t-oibreoir an comhlacht rialála agus an bainisteoir bonneagair ar an eolas faoina intinn an tseirbhís a sheoladh de bhun Airteagal 38(4) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹⁷⁶⁾), ba cheart do na húdaráis inniúla iad a chur san áireamh agus raon feidhme na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí á sonrú acu mura bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann gan é sin a dhéanamh. Chun plódú tairiscintí tráchtála a chosc, ní fhéadfaidh na seirbhísí nach léirítear aon teip mhargaidh a bheith ann ina leith teacht faoi raon feidhme na hoibleagáide seirbhíse poiblí.
222. Agus breithniú á dhéanamh arb iad na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos i gconradh seirbhíse poiblí na cinn is lú a shaobhann iomaíocht agus trádáil, ba cheart don údarás inniúil bearta malartacha a bhreithniú i gcomhréir le dlí an Aontais. Más amhlaidh,

⁽¹⁷³⁾ Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2023 i gcás SA.32953, an Iodáil, *State aid measures in favour of Trenitalia SpA* [Bearta stáitchabhrach i bhfabhar Trenitalia SpA] (nár foilsíodh fós in IO), aithrisí 443-445.

⁽¹⁷⁴⁾ Mír 14 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, féach fonóta (70).

⁽¹⁷⁵⁾ Breithiúnas an 1 Márta 2017, *an Fhrainc v an Coimisiún*, T-366/13, EU:T:2017:135, mír 105.

⁽¹⁷⁶⁾ Féach fonóta (8).

mar shampla, gurb é an príomhchuspóir leasa phoiblí a shaothraítear leis an mbeart laghdú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil an iompair lasta (e.g. toisc go bhfuil na margaí lena mbaineann an beart á seirbhísiú cheana féin ag modhanna iompair níos truaillithí), ba cheart don údarás inniúil a mhíniú cén fáth nach féidir an toradh céanna a bhaint amach le bearta nach bhfuil chomh saobhach céanna i gcás chomhordú an iompair (e.g. i bhfoirm infheistíochta agus/nó scéimeanna cabhrach oibriúcháin).

5.3 An gá atá le gníomh iontaoibhe lena sonraítear na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na modhanna chun cúiteamh a ríomh

223. Ní mór oibriú na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chur ar iontaoibh an ghnóthais lena mbaineann trí ghníomh amháin nó níos mó, a bhféadfaidh gach Ballstát a fhoirm a chinneadh ⁽¹⁷⁷⁾.
224. Ba cheart an méid seo a leanas, go háirithe, a shonrú sa ghníomh (sna gníomhartha) iontaoibhe: (a) ábhar agus fad na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí; (b) an gnóthas agus an chríoch lena mbaineann; (c) cineál aon chirt eisiach nó speisialta a shannfaidh an t-údarás deonaithe don ghnóthas; (d) an tuairisc ar an sásra cúitimh agus ar na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh agus chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh air; agus (e) na socruithe maidir le haon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil.

5.4 Fad na tréimhse iontaoibhe

225. Ba cheart fad na tréimhse iontaoibhe a bheith teoranta do 15 bliana. Mar sin féin, más é atá sna sócmhainní is mó a bhfuil gá leo chun seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar rothstoc arna mhaoiniú go poiblí ina iomláine nó go páirteach, níor cheart fad na tréimhse iontaoibhe a bheith ní b'fhaide ná 10 mbliana ⁽¹⁷⁸⁾.

5.5 An Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid agus an Treoir um Thrédhearcacht a chomhlíonadh

226. Cabhair arb é atá inti aisíocaíocht as comhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí san earnáil iompair lasta iarnróid, ní mheastar í a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 93 den Chonradh ach amháin má tá sí i gcomhréir le forálacha ábhartha na Treorach maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹⁷⁹⁾ agus Threoir 2006/111/CE ón gCoimisiún (an 'Treoir um Thrédhearcacht') ⁽¹⁸⁰⁾, i gcás inarb infheidhme.
227. Cabhair nach bhfuil i gcomhréir le forálacha ábhartha na dTreoracha sin, mar a mheabhraítear i Roinn 6, meastar go ndéanann sí difear d'fhorbairt trádála go feadh méid a chuirfeadh leasanna ginearálta an Aontais i mbaol.

5.6 Comhlíonadh rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí

228. Cabhair arb é atá inti aisíocaíocht as comhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí san earnáil iompair lasta iarnróid, ní mheastar í a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach

⁽¹⁷⁷⁾ Leis an téarma 'Ballstát' cumhdaítear údaráis lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla an Bhallstáit sin.

⁽¹⁷⁸⁾ Ag deireadh na tréimhse iontaoibhe, is féidir leis an oibreoir an rothstoc sin a aistriú chuig an oibreoir isteach nó chuig an údarás inniúil, ar choinníoll gur ar phraghas an mhargaidh a dhéantar an t-aistriú agus go gcuirtear san áireamh ann aon chistiú poiblí a fuarthas chun an rothstoc sin a cheannach (féach pointe 234).

⁽¹⁷⁹⁾ Féach fonóta (8).

⁽¹⁸⁰⁾ Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus, chomh maith leis sin, maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17).

ar bhonn Airteagal 93 den Chonradh ach amháin i gcás inar chomhlíon an t-údarás atá freagrach rialacha infheidhme an Aontais maidir le soláthar poiblí nó ina ngeallann sé iad a chomhlíonadh, agus soláthar na seirbhíse á chur ar iontaoibh an ghnóthais i gceist aige trí bhíthin conarthaí seirbhíse poiblí ⁽¹⁸¹⁾ nó conarthaí lamháltais ⁽¹⁸²⁾. Áirítear leis sin aon cheanglais maidir le trédhearcacht, cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a leanann go díreach as an gConradh agus, i gcás inarb infheidhme, as dlí tánaisteach an Aontais.

229. Maidir le cabhair nach gcomhlíonann na rialacha agus na ceanglais sin, meastar go ndéanann sí difear d'fhorbairt trádála go feadh méid a chuirfeadh leasanna ginearálta an Aontais i mbaol.

5.7 Easnamh idirdhealaithe

230. I gcás ina sannann údarás, do roinnt gnóthas, soláthar na seirbhíse céanna lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ba cheart an cúiteamh a ríomh ar bhonn an mhodha chéanna i leith gach gnóthais.

5.8 Méid an chúitimh

231. Ní rachaidh an méid cúitimh thar a bhfuil riachtanach chun an glanchostas a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, lena n-áirítear brabús réasúnta.
232. I ndáil leis sin, cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na critéir a leagtar síos i míreanna 21 go 50 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁸³⁾, faoi réir na soiléirithe seo a leanas.
233. Ar an gcéad dul síos, is féidir an glanchostas is gá, nó an glanchostas a bhfuil coinne leis go mbeidh gá leis, chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh a chinneadh ar bhonn mhodheolaíocht an ghlanchostais sheachanta, mar a thuairiscítear i míreanna 25 go 27 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁸⁴⁾, nó ar bhonn na modheolaíochta leithdháilte costais, mar a thuairiscítear i míreanna 28 go 31 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁸⁵⁾.

⁽¹⁸¹⁾ In Airteagal 2(1), pointí (1), (2) agus (5) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243), sainmhínítear ‘conarthaí seirbhíse’ mar chonarthaí ar mhaithe le leas airgid arna dtabhairt i gcrích i scríbhinn idir eintiteas conarthach amháin nó níos mó, a shaothraíonn na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 8 go 14 den Treoir, agus oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó arb é is cuspóir dóibh seirbhísí a sholáthar. I gcás ina mbaineann na conarthaí sin le ‘údarais chonarthacha’, de réir bhrí Airteagal 2(1) pointe (1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65), nach bhfeidhmíonn na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 8 go 14 de Threoir 2014/25/AE, meastar gur ‘conarthaí seirbhíse poiblí’ iad i gcomhréir le hAirteagal 2(1) pointí (6) agus (9) de Threoir 2014/24/AE.

⁽¹⁸²⁾ In Airteagal 5(1)(b) de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1) sainmhínítear ‘lamháltais seirbhíse’ mar chonarthaí ‘ar mhaithe le leas airgid arna dtabhairt i gcrích i scríbhinn trína ndéanann údarás conarthach nó eintiteas conarthach amháin nó níos mó soláthar agus bainistiú seirbhísí seachas feidhmiú oibreacha dá dtagraítear i bpointe (a) a chur ar iontaoibh oibreora eacnamaíoch amháin nó níos mó, ar a bhfuil sé de chomaoin an ceart chun na seirbhísí is ábhar don chonradh a shaothrú nó an ceart sin maille le híocaíocht’.

⁽¹⁸³⁾ Féach fonóta (70).

⁽¹⁸⁴⁾ Féach fonóta (70).

⁽¹⁸⁵⁾ Féach fonóta (70).

234. Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann le ceannach rothstoic a úsáidtear chun seirbhísí poiblí a sholáthar, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

- a) go ndéantar stáitchabhair a fuarthas agus a formheasadh cheana, go háirithe faoi na Treoirlínte seo (faoi Roinn 4.2.2.3) i leith rothstoc a úsáidfear chun seirbhísí poiblí a sholáthar, a chur san áireamh agus an cúiteamh seirbhíse poiblí á ríomh;
- b) má dhéantar an rothstoc a úsáidtear chun na seirbhísí poiblí a sholáthar a aistriú chuig an oibreoir isteach nó chuig an údarás inniúil ag deireadh an chonartha, ba cheart an t-aistriú a dhéanamh ar phraghas an mhargaidh agus aon mhaoiniú poiblí a fuair an t-oibreoir amach chun an rothstoc sin a cheannach a chur san áireamh.

5.9 Ceanglais bhreise a bhféadfadh gá a bheith leo chun a áirithiú nach gcuirfidh an chabhair leasanna ginearálta an Aontais i mbaol

235. Féadfaidh an Coimisiún coinníollacha a éileamh nó gealltanais a iarraidh ar na Ballstáit sna himthosca eisceachtúla i gcás nach leordhóthanach na ceanglais a leagtar amach thuas chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh tromchúiseach iomaíochta sa mhargadh inmheánach agus ina bhféadfadh an chabhair difear a dhéanamh don trádáil ar bhealach a chuirfeadh leasanna ginearálta an Aontais i mbaol. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na critéir a leagtar síos i míreanna 51 go 59 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽¹⁸⁶⁾ agus na coigeartuithe is gá déanta air.

236. Tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfadh gné áitiúil nó réigiúnach a bheith ag baint le teipeanna margaidh arna sainaitheint ag na Ballstáit (e.g. chun lastas vaigíní aonair a loingsiú). Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú cúramach ar cé acu atá nó nach bhfuil údar cuí le raon feidhme geografach aon chonartha seirbhíse poiblí. I ndáil leis sin, ní mheasann an Coimisiún, i bprionsabal, go bhfuil conradh seirbhíse poiblí lena gcumhdaítear críoch nó gréasán iarnróid iomlán Ballstáit ina bhealach comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar theip mhargaidh a d'fhéadfadh a bheith ann i bhfianaise an tsaofa iomaíochta a d'fhéadfadh teacht as conradh den sórt sin a dhámhachtain.

5.10 Trédhearcacht

237. Maidir le cúiteamh as seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a thagann faoi raon feidhme na dTreoirlínte seo, ní mór don Bhallstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas a fhoilsiú ar an idirlíon nó trí mhodhanna iomchuí eile: (a) torthaí an chomhairliúcháin phoiblí nó ionstraimí iomchuí eile dá dtagraítear i bpointe 218; (b) ábhar agus fad na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí; (c) an gnóthas agus, más infheidhme, an chríoch lena mbaineann; agus (d) an méid cabhrach a dheonaítear don ghnóthas ar bhonn bliantúil.

5.11 Coinníollacha agus oibleagáidí a ghabhann le cinntí ón gCoimisiún

238. Faoi Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ⁽¹⁸⁷⁾ féadfaidh an Coimisiún coinníollacha a chur i gceangal le cinneadh dearfach ar faoina réir a fhéadfar a mheas go bhfuil cabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus féadfaidh sé oibleagáidí a leagan síos chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh

⁽¹⁸⁶⁾ Féach fonóta (70).

⁽¹⁸⁷⁾ Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

an chinnidh. D'fhéadfadh gá a bheith le coinníollacha agus oibleagáidí den sórt sin chun a áirithiú nach mbeidh saobhadh míchuí ar iomaíocht ná ar thrádáil sa mhargadh inmheánach mar thoradh ar chabhair a dheonaítear do na gnóthais lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuarascálacha tréimhsiúla nó oibleagáidí eile bunaithe ar chás sonracha gach seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

6. SREAFÁÍ AIRGEADAIS I NGNÓTHAIS IARNRÓID ATÁ COMHTHÁITE GO HINGEARACH

239. Mar thoradh ar ghlacadh na bpacáistí iarnróid comhleanúnacha dá dtagraítear i bpointe 2 de na Treoirlínte seo, cuireadh tús le hoscailt gach oibríochta iompair iarnróid don iomaíocht de réir a chéile. Leis an bpróiseas sin, cuireadh gnóthais iarnróid atá comhtháite go hingearach sa chás ina bhféadfadh roinnt ceart eisiach agus/nó speisialta a bheith ag cuid dá ngníomhaíochtaí fós (go háirithe bainistiú bonneagair iarnróid) faoi choinníollacha áirithe, agus tá gníomhaíochtaí iompair lasta agus paisinéirí d'iarnród faoi réir iomaíochta anois faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹⁸⁸⁾ agus i Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ⁽¹⁸⁹⁾.
240. Mar a luaitear i bpointe 3 de na Treoirlínte seo, tá sé rithábhachtach go ndéanfar an creat dlíthiúil lena rialaítear idirbhearta airgeadais gnóthas poiblí agus gnóthas atá comhtháite go hingearach san earnáil iarnróid a urramú agus a fhorfheidhmiú go cuí. Trí na rialacha is infheidhme maidir le trédhearcacht airgeadais a chomhlíonadh: (i) áirithítear nach ndéantar cabhair arna deonú faoi na Treoirlínte seo a atreorú chuig gníomhaíochtaí eile seachas na gníomhaíochtaí sin a bhfuil cabhair údaráithe ina leith; agus (ii) maolaítear an riosca go ndéanfar fáiltais ionstraimí airgeadais margadhbhunaithe (amhail bannaí), a mbaineann gnóthais atá comhtháite go hingearach úsáid astu chun maoiniú a dhéanamh ar a n-oibríochtaí, ar a n-infheistíochtaí, agus ar chothabháil agus forbairt an bhonneagair iarnróid, a úsáid le haghaidh athmhaoiniú inghrúpa chun aimhleas iontrálaithe nua agus, sa deireadh, chun aimhleas na hiomaíochta.
241. Meabhraítear sa chaibidil seo na prionsabail lena rialaítear idirbhearta airgeadais gnóthas poiblí agus gnóthas iarnróid atá comhtháite go hingearach. Tá comhlíonadh na bprionsabal sin tábhachtach chun a áirithiú go mbeidh an chabhair le haghaidh aisíocaíochtaí as comhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí san earnáil iompair lasta iarnróid comhoiriúnach leis an margadh inmheánach (féach Roinn 5.5). Tá comhlíonadh tábhachtach freisin, ar bhonn níos ginearálta, chun a áirithiú go ndéanfar costais agus ioncaim a leithdháileadh i gceart ar ghníomhaíochtaí éagsúla gnóthas poiblí agus gnóthas atá comhtháite go hingearach, agus ar an gcaoi sin an tras-fhóirdheonú a sheachaint.
242. Is leis an Treoir um Thrédhearcacht a rialaítear idirbhearta airgeadais gnóthas poiblí agus gnóthas atá comhtháite go hingearach. Baineann an Treoir seo le haon ghnóthas poiblí ⁽¹⁹⁰⁾ agus le haon ghnóthas a gceanglaítear air cuntais ar leithligh a choimeád, go háirithe

⁽¹⁸⁸⁾ Féach fonóta (8).

⁽¹⁸⁹⁾ Féach fonóta (31).

⁽¹⁹⁰⁾ A shainmhínítear in Airteagal 2(b) den Treoir um Thrédhearcacht mar 'aon ghnóthas a bhféadfadh tionchar ceannasach díreach nó neamhdhíreach a bheith ag na húdaráis phoiblí air de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirtíochta airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é. Toimhdeofar go bhfuil tionchar ceannasach ag na húdaráis phoiblí i gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas maidir leis na húdaráis sin i ndáil le gnóthais, go díreach nó go hindíreach: (i) sealbhaíonn siad an chuid is mó de chaipiteal suibscríofa an ghnóthais; nó (ii) rialaíonn siad tromlach na vótaí a ghabhann le scaireanna arna n-eisiúint ag na gnóthais; nó (iii) féadann siad níos mó ná leath de chomhaltaí chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais a cheapadh'.

aon ghnóthas a bhfuil seirbhís phoiblí curtha ar a iontaoibh ⁽¹⁹¹⁾. Faoi Airteagail 1(2) agus 4(1) den Treoir, ní mór do na Ballstáit a áirithiú: (i) go bhfuil cuntais ar leithligh le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla ag gnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach; (ii) go sainaithnítear go soiléir sna cuntais sin na costais agus na hioncaim atá bainteach le gníomhaíochtaí éagsúla; agus (iii) go soláthraíonn siad sonraí iomlána maidir leis an modh lena sanntar nó lena leithdháiltear costais agus ioncaim ar ghníomhaíochtaí éagsúla.

243. San earnáil iarnróid, rinneadh an oibleagáid thuas a shoiléiriú agus a mhionsonrú a thuilleadh sa Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹⁹²⁾, a bhfuil feidhm aici maidir le bainistiú bonneagair iarnróid agus maidir leis na gníomhaíochtaí iompair d'iarnród a dhéanann gnóthais iarnróid.

244. Faoi Airteagal 6 den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹⁹³⁾, tá sé éigeantach na cuntais a dheighilt: (i) idir soláthar seirbhísí iompair agus an gnó a bhaineann le bonneagar iarnróid a bhainistiú; (ii) idir seirbhísí iompair paisinéirí agus seirbhísí iompair lasta; agus (iii) idir an tseirbhís phoiblí agus gníomhaíochtaí tráchtála. Ina theannta sin, i dtéarmaí trédhearcachta airgeadais, ceanglaítear an méid seo a leanas go sainráite le hAirteagal 7(d) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹⁹⁴⁾:

- a) 'iasachtaí idir eintitis dhlítheanacha de chuid cuideachta atá comhtháite go hingearach, ní dhéanfar iad a dheonú, a eisíoc ná a sheirbhísiú ach amháin ag rátaí margaidh agus faoi dhálaí margaidh lena léirítear próifíl riosca aonair an eintitis lena mbaineann' ⁽¹⁹⁵⁾;
- b) '[d]éanfar aon fhiachas a chuirtear i leith an bhainisteora bonneagair a dheighilt go soiléir ó fhiachas a chuirtear i leith eintitis dhlítheanacha eile laistigh de ghnóthais atá comhtháite go hingearach. Déanfar an fiachas sin a sheirbhísiú ar leithligh [...]' ⁽¹⁹⁶⁾; agus
- c) '[l]aistigh de ghnóthais atá comhtháite go hingearach, coinneoidh an bainisteoir bonneagair taifid mhionsonraithe ar aon chaidreamh tráchtála nó airgeadais leis na heintitis dhlítheanacha eile laistigh den ghnóthas sin' ⁽¹⁹⁷⁾. Is ag na comhlachtaí rialála náisiúnta go príomha atá an chumhacht comhlíonadh na bhforálacha sin a fhíorú ⁽¹⁹⁸⁾.

⁽¹⁹¹⁾ A shainmhínítear in Airteagal 2(d) den Treoir um Thrédhearcacht mar 'aon ghnóthas a bhfuil ceart speisialta nó eisiach aige arna dheonú ag Ballstát de bhun Airteagal [106(1)] den Chonradh nó a gcuirtear ar a iontaoibh seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú de bhun Airteagal [106(2)] den Chonradh, a fhaigheann cúiteamh seirbhíse poiblí i bhfoirm ar bith i ndáil leis an tseirbhís sin agus a dhéanann gníomhaíochtaí eile'.

⁽¹⁹²⁾ Féach fonóta (8).

⁽¹⁹³⁾ Féach fonóta (8).

⁽¹⁹⁴⁾ Féach fonóta (8).

⁽¹⁹⁵⁾ Airteagal 7d(4) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, féach fonóta (8).

⁽¹⁹⁶⁾ Airteagal 7d(7) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, féach fonóta (8).

⁽¹⁹⁷⁾ Airteagal 7d(9) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, féach fonóta (8).

⁽¹⁹⁸⁾ Faoi Airteagal 56(12) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, tá sé de chumhacht ag an gcomhlacht rialála náisiúnta iniúchtaí a dhéanamh nó iniúchtaí seachtracha a thionscnamh le bainisteoirí bonneagair, le hoibreoirí saoráidí seirbhíse agus, i gcás inarb ábhartha, le gnóthais iarnróid chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha maidir le deighilt cuntasaíochta a leagtar síos in Airteagal 6 den Treoir agus forálacha maidir le trédhearcacht airgeadais a leagtar síos in Airteagal 7d den Treoir a fhíorú. I gcás gnóthais atá comhtháite go hingearach, leathnaítear na cumhachtaí sin chuig gach eintiteas dlítheanach.

245. A mhéid a bhaineann le maoiniú an bhainisteora bonneagair, faoi Airteagal 8 den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid ⁽¹⁹⁹⁾, ba cheart don bhainisteoir bonneagair plean gnó a ghlacadh, lena n-áirítear infheistíochtaí agus cláir airgeadais. Ba cheart an plean a bheith ceaptha chun úsáid, soláthar agus forbairt optamach agus éifeachtúil an bhonneagair a áirithiú agus, an tráth céanna, cothromaíocht airgeadais a áirithiú agus na modhanna chun na cuspóirí sin a bhaint amach a sholáthar ⁽²⁰⁰⁾.

7. PLEAN MEASTÓIREACHTA *EX POST*

246. Chun a áirithiú a thuilleadh go mbeidh an saobhadh iomaíochta agus trádála teoranta, féadfaidh an Coimisiún a cheangal go gcuirfear scéimeanna a shainaithnítear i bpointe 247 faoi réir meastóireachta *ex post*. Leis sin, seiceálfar an méid seo a leanas: (a) éifeachtacht an bhirt cabhrach bunaithe ar a chuspóirí réamhshainithe; (b) tionchar an bhirt cabhrach ar iomaíocht; agus ar thrádáil agus cibé acu (c) a thagann nó nach dtagann aon éifeacht saofa mhíchuí chun cinn le linn fhad na scéime cabhrach atá contrártha do leasanna an Aontais.
247. Tá gá le meastóireacht *ex post* ar scéimeanna ina bhfuil an saobhadh féideartha iomaíochta agus trádála an-ard, i.e. a bhféadfadh riosca nach beag a bheith ag baint leis go ndéanfaí iomaíocht a shrianadh nó a shaobhadh mura ndéanfaí athbhreithniú ar an gcur chun feidhme in am trátha. Is amhlaidh sin mar shampla i gcás scéimeanna a bhfuil buiséid chabhrach mhóra acu, a bhfuil saintréithe núíosacha acu, nó i gcás ina mbíonn coinne le hathruithe móra ar an margadh, ar an teicneolaíocht nó ar an rialáil. In aon chás, tá gá le meastóireacht *ex post* i gcás aon scéim ag a bhfuil buiséad státchabhrach nó caiteachas is mó ná EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó EUR 750 milliún i gcaitheamh fhad iomlán na scéime. Áirítear le fad iomlán na scéime comhfhad na scéime agus aon scéim a bhí ann roimpi lena gcumhdaítear cuspóir agus limistéar geografach comhchosúil, dar tús fhoilsiú na dTreoirlínte seo. I bhfianaise chuspóirí na meastóireachta agus ionas nach gcuirfear ualach díréireach ar na Ballstáit, ní cheanglaítear meastóireachtaí *ex post* ach amháin i gcás scéimeanna cabhrach ar faide a bhfad iomlán ná 3 bliana, dar tús fhoilsiú na dTreoirlínte seo.
248. Féadfar an ceanglas maidir le meastóireacht *ex post* a tharscaoileadh i ndáil le scéimeanna cabhrach a thagann i gcomharba go díreach ar scéimeanna lena gcumhdaítear cuspóir agus limistéar geografach comhchosúil a bhí faoi réir meastóireachta, ar cuireadh tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach ar fáil ina leith i gcomhréir leis an bplean meastóireachta arna fhormheas ag an gCoimisiún agus nár ghin aon toradh diúltach. Aon scéim nach gcomhlíontar an plean meastóireachta formheasta leis an tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach, ní mór í a chur ar fionraí le héifeacht láithreach.
249. A mhéid a bhaineann le scéimeanna cabhrach atá faoi réir an cheanglais meastóireachta dá dtagraítear i bpointe 247, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi dhréachtphean meastóireachta, a bheidh ina chuid lárnach den mheasúnú a dhéanfaidh an Coimisiún ar an scéim. Ní mór fógra a thabhairt faoin bplean:
- a) in éineacht leis an scéim cabhrach, más rud é gur mó ná EUR 150 milliún buiséad státchabhrach na scéime in aon bhliain ar leith nó EUR 750 milliún i gcaitheamh fhad iomlán na scéime;

⁽¹⁹⁹⁾ Féach fonóta (8).

⁽²⁰⁰⁾ Airteagal 8(3) den Treoir maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid, féach fonóta (8).

- b) laistigh de 30 lá oibre ó dhéantar aon athrú mór lena méadaítear buiséad na scéime go méid is mó ná EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó EUR 750 milliún i gcaitheamh fhad iomlán na scéime;
 - c) i gcás scéimeanna nach dtagann faoi phointe (a) nó (b), laistigh de 30 lá oibre ó dhéantar caiteachas is mó ná EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith a thaifeadadh i gcuntais oifigiúla.
250. Ní mór don dréachtphean meastóireachta a bheith i gcomhréir leis na comhphrionsabail mhodheolaíocha a sholáthraíonn an Coimisiún ⁽²⁰¹⁾. Ní mór do na Ballstáit an plan meastóireachta arna fhorghabháil ag an gCoimisiún a fhoilsiú.
251. Ní mór do shaineolaí, atá neamhspleách ar an údarás deonaithe cabhrach, an mheastóireacht *ex post* a dhéanamh ar bhonn an phlean meastóireachta. Ní mór tuarascáil mheastóireachta eatramhach amháin agus tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach amháin ar a laghad a bheith i ngach meastóireacht. Ní mór do na Ballstáit an dá thuarascáil a fhoilsiú.
252. Ní mór an tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach a chur faoi bhráid an Choimisiúin in am trátha ionas gur féidir leis measúnú a dhéanamh ar aon fhadú ar an scéim cabhrach agus 9 mí ar a dhéanaí sula rachaidh sí in éag. Féadfar an tréimhse sin a laghdú i gcás scéimeanna a spreagann an ceanglas meastóireachta sa 2 bhliain dheireanacha dá gcur chun feidhme. Leagfar amach raon feidhme beacht agus socruithe beachta gach meastóireachta sa chinneadh lena bhformheastar an scéim cabhrach. San fhógra faoi aon bheart cabhrach ina dhiaidh sin a bhfuil cuspóir comhchosúil aige, ní mór tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ar cuireadh torthaí na meastóireachta san áireamh.

8. TUAIRISCIÚ AGUS FAIREACHÁN

253. Faoi Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ⁽²⁰²⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ⁽²⁰³⁾, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin i leith gach birt cabhrach a fhorghabháil faoi na Treoirí seo.
254. Ní mór do na Ballstáit taifid mhionsonraithe a choinneáil ar gach beart cabhrach. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a bheith sna taifid sin chun a chinneadh go gcomhlíontar na coinníollacha comhoiriúnachta uile a leagtar amach sna Treoirí seo. Ní mór do na Ballstáit na taifid sin a choinneáil ar feadh 10 mbliana ó dháta deonaithe na cabhrach agus iad a sholáthar don Choimisiún arna iarraidh sin dó.
255. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann leis an gcabhair arb é atá inti aisíocaíochtaí as comhlíonadh oibleagáidí áirithe is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí dá dtagraítear i gCaibidil 5, cuirfidh an Coimisiún Caibidil 3 den Chreat maidir le seirbhís

⁽²⁰¹⁾ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Common methodology for State aid evaluation* [Modheolaíocht choiteann chun meastóireacht a dhéanamh ar státhabhair], 28 Bealtaine 2014, (SWD(2014) 179 final), nó aon cheann dá chomharbaí.

⁽²⁰²⁾ Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

⁽²⁰³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1).

lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ⁽²⁰⁴⁾ i bhfeidhm agus na coigeartuithe is gá déanta air (seachas pointí 62, an fhleasc deiridh, agus 65).

9. INFHEIDHMEACHT

256. Gabhann na Treoirlínte seo in ionad Threoirlínte Iarnróid 2008 ⁽²⁰⁵⁾.
257. Cuirfidh an Coimisiún na Treoirlínte seo i bhfeidhm maidir le cabhair a dtugtar fógra fúithi a n-iarrtar air cinneadh a dhéanamh ina leith tar éis dháta foilsithe na dTreoirlínte seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, fiú i gcás inar tugadh fógra faoin gcabhair roimh an dáta sin.
258. I gcomhréir leis an bhfógra ón gCoimisiún maidir le cinneadh a bheith déanta i ndáil leis na rialacha is infheidhme i dtaca leis an measúnú ar státhabhair neamhdhleathach ⁽²⁰⁶⁾, i gcás cabhair neamhdhleathach, déanfaidh an Coimisiún na rialacha i a bhí i bhfeidhm tráth a deonaíodh an chabhair a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Coimisiún na Treoirlínte seo i bhfeidhm dá réir sin má dheonaítear cabhair neamhdhleathach tar éis dháta a bhfoilsithe.
259. Molann an Coimisiún na bearta iomchuí thíos do na Ballstáit faoi Airteagal 108(1) den Chonradh.
- a) Déanann na Ballstáit, i gcás inar gá, na scéimeanna cabhrach atá ann cheana a údaraítear faoi Threoirlínte Iarnróid 2008 nó go díreach faoi Airteagal 93 den Chonradh a leasú chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na Treoirlínte seo tráth nach déanaí ná an [31 Nollaig 2026];
 - b) Aontaíonn na Ballstáit go sainráite agus gan choinníoll leis na bearta iomchuí a mholtar i bpointe 259(a) laistigh de 2 mhí ó dháta foilsithe na dTreoirlínte seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. In éagmais freagra, glacfaidh an Coimisiún leis nach n-aontaíonn an Ballstát i gceist leis na bearta atá beartaithe.

10. ATHBHREITHNIÚ

260. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh na Treoirlínte seo a athbhreithniú nó a leasú tráth ar bith más gá sin ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas iomaíochta, chun beartais eile de chuid an Aontais nó gealltanais idirnáisiúnta eile a chur san áireamh nó ar aon chúis eile a bhfuil údar cuí léi.

⁽²⁰⁴⁾ Féach fonóta (70).

⁽²⁰⁵⁾ Féach fonóta (38).

⁽²⁰⁶⁾ IO C 119, 22.5.2002, lch. 22.

IARSCRÍBHINN I

Cabhair a chomhlíonann riachtanais chomhordú an iompair – bearta a chumhdaítear le TBER agus bearta a bhfuil fógra le tabhairt fúthu faoi na Treoirlínte seo

Príomhchuspóir	An Rialachán maidir le Blocdhíolúine Iompair		Treoirlínte maidir le hIompar de Thalamh agus Iompar Ilmhódach	
	Beart	An déine a cheadaítear	Beart	An déine a cheadaítear
Cabhair oibriúcháin chun costais sheachtracha iompair a laghdú	Scéimeanna cabhrach	<i>50 % de chostais incháilithe</i> <i>[60] % de chostais incháilithe as cabhair arna deonú d'oibríochtaí iompair traschórais</i>	Cabhair ad hoc Scéimeanna cabhrach a bhfuil déine níos airde acu ná a údaraítear faoi TBER Scéimeanna cabhrach nach n-úsáideann Lámhleabhar an Choimisiúin	<i>75 % de chostais incháilithe</i>
Cabhair oibriúcháin chun naisc nua tráchtála a sheoladh	Scéimeanna cabhrach Méid cabhrach aonair arna dámhachtain faoi scéim in aghaidh an tionscadail < EUR 15 mill iún	<i>80 % de chostais incháilithe don chéad bhliain oibríochta, 70 % don dara bliain, 60 % don tríú bliain, 50 % don cheathrú bliain, agus 40 % don chúigiú bliain</i>	Cabhair ad hoc Méid cabhrach aonair arna dámhachtain faoi scéim in aghaidh an tionscadail ≥ EUR 15 mhilliún	<i>80 % de chostais incháilithe don chéad bhliain oibríochta, 70 % don dara bliain, 60 % don tríú bliain, 50 % don cheathrú bliain, agus 40 % don chúigiú bliain</i>
Cabhair infheistíochta le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan saoráidí iompair aonmhódaigh nó ilmhódaigh d'iarnród nó d'uiscebealaí intíre	Scéimeanna cabhrach Méid cabhrach aonair arna dámhachtain faoi scéim in aghaidh an tionscadail < EUR 20 mill iún Cabhair ad hoc do chríochfoirt lasta ilmhódacha inbhuanaithe < EUR 10 m illiún	<i>50 % de chostais incháilithe má tá cabhair < EUR 3 mhilliún in aghaidh an tionscadail</i> <i>50 % de chostais incháilithe ach faoi theorainn na difríochta idir costais incháilithe agus brabús oibriúcháin na hinfheistíochta i gcaitheamh a saolré agus an luach intreach má tá cabhair ≥ EUR 3 mhilliún in aghaidh an tionscadail</i>	Cabhair ad hoc Cabhair ad hoc do chríochfoirt lasta ilmhódacha inbhuanaithe ≥ EUR 10 milliún Méid cabhrach aonair arna dámhachtain faoi scéim in aghaidh an tionscadail ≥ EUR 20 milliún Scéimeanna cabhrach a bhfuil déine níos airde acu ná a údaraítear faoi TBER	<i>An bhearna cistithe teoranta do 100 % de na costais incháilithe</i> <i>Gan tairseach má dheonaítear cabhair ad hoc trí bhúthín próiseas tairisceana iomaíoch</i>
Cabhair infheistíochta le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan taobhlach príobháideach	Scéimeanna cabhrach Méid cabhrach aonair arna dámhachtain faoi scéim in aghaidh an tionscadail < EUR 2 milliún	<i>50 % de chostais incháilithe má tá cabhair < EUR 500 000 in aghaidh an tionscadail</i> <i>50 % de chostais incháilithe ach faoi theorainn na</i>	Cabhair ad hoc Méid cabhrach aonair arna dámhachtain faoi scéim in aghaidh an tionscadail ≥ EUR 2 mhilliún	<i>An bhearna cistithe teoranta do 100 % de na costais incháilithe</i>

		<i>difríochta idir costais incháilithe agus brabús oibriúcháin na hinfheistíochta i gcaitheamh a saolré agus an luach intreach má tá cabhair \geq EUR 500 000 mhilliún in aghaidh an tionscadail</i>	Scéimeanna cabhrach a bhfuil déine níos airde acu ná a údaraítear faoi TBER	
Cabhair infheistíochta chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre	Scéimeanna cabhrach	<i>Méid ainmniúil na hiasachta foluití \leq costais incháilithe. Cumhdach ráthaíochta $\leq 80\%$ den iasacht fholuiteach.</i>	Cabhair ad hoc Scéimeanna cabhrach a bhfuil déine níos airde acu ná a údaraítear faoi TBER	<i>Méid ainmniúil na hiasachta foluití \leq costais incháilithe. Cumhdach ráthaíochta $\leq 90\%$ den iasacht fholuiteach.</i>
Cabhair infheistíochta chun ILUnna agus craenacha ar bord soithí a fháil	Scéimeanna cabhrach	<i>30 % de chostais incháilithe (i gcás ILUnna) 20 % de chostais incháilithe (i gcás craenacha ar bord soithí)</i>	n/bh	
Cabhair infheistíochta le haghaidh idir-inoibritheachta	Scéimeanna cabhrach	<i>50 % de chostais incháilithe 80 % de chostais incháilithe (i gcás ERTMS agus DAC)</i>	Cabhair ad hoc Scéimeanna cabhrach a bhfuil déine níos airde acu ná a údaraítear faoi TBER nó le haghaidh infheistíochtaí nach n-áirítear sa liosta a chumhdaítear le TBER	<i>50 % de chostais incháilithe 80 % de chostais incháilithe (i gcás ERTMS agus DAC) An bhearna cistithe teoranta do 100 % de na costais incháilithe</i>
Cabhair infheistíochta le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú feithiclí agus trealamh i gcomhair iompar ilmhódach inbhuanaithe	Scéimeanna cabhrach	<i>20 % costais incháilithe</i>	Cabhair ad hoc Scéimeanna cabhrach a bhfuil déine níos airde acu ná a údaraítear faoi TBER nó le haghaidh infheistíochtaí nach n-áirítear sa liosta a chumhdaítear le TBER	<i>20 % costais incháilithe An bhearna cistithe teoranta do 100 % de na costais incháilithe</i>

IARSCRÍBHINN II

Faisnéis dá dtagraítear i bpointe 82(b)

Ní mór an méid seo a leanas a bheith san fhaisnéis maidir le dámhachtainí aonair dá dtagraítear i bpointe 82(b) de na Treoirí seo:

- a) Céannacht an tairbhí aonair cabhrach ⁽²⁰⁷⁾:
 - ainm
 - aitheantóir an tairbhí cabhrach
- b) An cineál tairbhí cabhrach tráth an iarratais:
 - FBM
 - cuideachta mhór
- c) An réigiún ina bhfuil an tairbhí cabhrach lonnaithe (ar leibhéal NUTS II nó faoina bhun)
- d) Príomhearnáil nó príomhghníomhaíocht an tairbhí cabhrach le haghaidh na cabhrach a thugtar, arna sainaitheint de réir ghrúpa NACE (cód uimhriúil trí dhigit) ⁽²⁰⁸⁾
- e) Comhchuid cabhrach arna sloinneadh ina hiomláine san airgeadra náisiúnta
- f) I gcás ina bhfuil sí éagsúil leis an gcomhchuid cabhrach, sloinntear an méid cabhrach ainmniúil ina iomláine san airgeadra náisiúnta ⁽²⁰⁹⁾
- g) Ionstraim chabhrach ⁽²¹⁰⁾:
 - deontas, fóirdheontas ráta úis, díscríobh fiachais
 - iasacht, airleacain inaisíoctha, deontas inaisíoctha
 - ráthaíocht
 - buntáiste cánach nó díolúine chánach

⁽²⁰⁷⁾ Cé is moite de rúin ghnó agus d'fhaisnéis rúnda eile i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus faoi réir chomhaontú an Choimisiúin (Teachtairacht ón gCoimisiún an 1.12.2003 maidir le rúndacht ghairmiúil i gcinntí maidir le státhabhair, C(2003) 4582 (IO C 297, 9.12.2003, lch. 6)).

⁽²⁰⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le rialacháin áirithe lena rialaítear réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

⁽²⁰⁹⁾ Coibhéis deontais chomhláin, nó i gcás inarb infheidhme, méid na hinfheistíochta. I gcás cabhair oibriúcháin, is féidir an méid bliantúil cabhrach in aghaidh an tairbhí cabhrach a sholáthar. I gcás scéimeanna fíoscacha, is féidir an méid sin a sholáthar de réir na raonta a leagtar amach i bpointe 84. Is é an méid atá le foilsiú an sochar cánach uasta a cheadaítear agus ní an méid a asbhaintear gach bliain (e.g. i gcomhthéacs creidmheas cánach, is é an creidmheas cánach uasta a cheadaítear nach mór a fhoilsiú seachas an méid iarbhair, rud a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar an ioncam inchánach agus a d'fhéadfadh athrú gach bliain).

⁽²¹⁰⁾ Má dheonaítear an chabhair trí ionstraimí cabhrach iomadúla, ní mór an méid cabhrach a shonrú de réir ionstraime.

- maoiniú riosca
 - eile (sonraigh)
- h) Dáta na dámhachtana agus an dáta foilsithe
- i) Cuspóir na cabhrach
- j) Céannacht an údarais deonaithe nó na n-údarás deonaithe
- k) I gcás inarb infheidhme, ainm an eintitis iontaoibhe agus ainmneacha na n-idirghabhálaithe airgeadais roghnaithe
- l) Tagairt an bhirt cabhrach ⁽²¹¹⁾

⁽²¹¹⁾ Mar a sholáthair an Coimisiún faoin nós imeachta um fhógra a thabhairt dá dtagraítear i gCaibidil 3.